Bord na Móna
Tuarascáil Bhliantúil 2017

# Ar thús cadhnaíochta maidir le hathrú





# Clár na nÁbhar


**Forléargas**

| | |
|---|---|
| Réamhrá | **2** |
| Buaicphointí Móra | **4** |
| Ár Samhail Ghnó | **6** |
| Eochairtháscairí feidhmíochta (ETF) | **8** |
| Ráiteas an Chathaoirligh | **10** |
| Ceist agus Freagra leis an Stiúrthóir Bainistíochta | **14** |
| Athbhreithniú an Phríomhoifigigh Airgeadais | **18** |
| An tAistear Inbhuanaitheachta | **20** |

**Straitéis Léirmheas**

| | |
|---|---|
| Na Riachtanais Straitéiseacha | **24** |
| Freagairt don saol atá ag athrú | **26** |
| Athbhreithniú Gnó | **38** |
| Straitéis Freagrachta Chorparáideach | **50** |
| Éifeachtacht Fuinnimh | **60** |

**Rialachas**

| | |
|---|---|
| Bainistíocht Riosca | **63** |
| Tuarascáil na Stiúrthóirí | **66** |
| Rúnaí an Bhoird agus na Cuideachta | **70** |
| Ráiteas faoi Fhreagrachtaí na Stiúrthóirí | **72** |
| Tuarascáil an Iniúchóra Neamhspleách | **73** |


**Ráitis Airgeadais**

| | |
|---|---|
| Ráitis Airgeadais Comhadhlúite | **75** |
| Ráitis Airgeadais na Cuideachta | **118** |

## Réamhrá

**Nuair a bunaíodh Bord na Móna don chéad uair breis is 80 bliain ó shin bhí dé mar shainchúram aige tionscal inbhuanaithe a chur ar fáil in Éirinn trí leas a bhaint as acmhainní dúchasacha agus nádúrtha na tíre. Táimid ag dul faoi phróiseas bunathraithe inniu agus sinn ag díriú i dtreo na sprice atá romhainn bheith ar an soláthróir is mó a chuireann réitigh inbhuanaithe ar fáil do thomhaltóirí na hÉireann. Beidh an bunathrú seo curtha i gcrích nuair a bheidh an fíor-phoitéinseal atá sa tír seo scaoilte agus fiúntas cruthaithe againn le haghaidh na sochaithe agus na bpobal gur leo an poitéinseal sin.**

**Tá Bord na Móna mar chuid dhílis de shaol na hÉireann agus tá sé fite fuaite le geillegar, le saol sóisialta agus le comhshaol na hÉireann. Mar eochairfhostóir i Lár na Tíre, táimid feasach go bhfuil dualgais againn seachas dualgais thráchtala agus comhshaoil amháin – agus tuigimid go bhfuil freagracht shóisialta orainn chomh maith i leith ár bhfostaithe agus i leith na bpobal dá bhfuilimid ag fónamh. Tá sé mar ról agus mar thosaíocht againn thar gach rud eile, mar sin, a chinntiú go bhfeidhmíonn an straitéis fhadtéarma atá againn go láidir agus go cothrom insna réimsí tábhachtacha seo ar fad.**





## Ár Misean

### Bheith i gceannas ar an aistriú go dtí acmhainní níos inbhuanaithe; bheith ag cumhachtú, ag téamh, ag aisghabháil agus ag saothrú linn i mbealach freagrach ar mhaithe le leas na bpobal atá againn.

## Ár Luachanna

### Seiftiúil

Is dual dúinn bheith fiosrach maidir leis an bpoitéinseal i ngach rud timpeall orainn agus bheith ag machnamh ar phleananna nua don am atá le teacht – measaimid gur ceart dúinn leas a bhaint as an tseiftiúlacht is dual dúinn chun réitigh níos éifeachtúla agus níos éifeachtúla arís a chur ar fáil.

### Bheith gafa

Tá muinín againn as ár bhfoireann. Creidimid in éiteas foireann amháin a thiomáineann ár ngnó chun tosaigh, a labhraíonn d'aon ghuth agus a spreagann comhphlé le custaiméirí agus leis an bpobal ar iliomad leibhéal.

### Urraim

Is é ár dtaithí nach féidir linn réitigh níos inbhuanaithe a chur ar fáil dóibh siúd a lorgaíonn ár gcomhairle mura bhfuil tuiscint dhomhain againn ar ár n-acmhainní nádúrtha. Éistimid leis an bpláinéad agus le na daoine, ar an mbealach céanna chun réitigh inbhuanaithe a chur ar fáil dóibh uile.



# Feidhmíocht Inbhuanaithe
## Buaicphointí Móra




**I mBliain Airgeadais 17 rinneamar beart go hacmhainneach in ainneoin dhúshláin an mhargaidh.**

**Thugamar tús áite dár straitéis infheistíochta i leith bonneagair, déantúsaíochta agus daoine i dtreo is go mbeimis in ann bunús daingean a chruthú i gcomhair an fháis amach anseo agus gnóthas inbhuanaithe a chur ar an bhfód lena mbainfimis amach fís 2030.**


**Infheistíocht**

**€47.3m**





**Láimhdeachas**

**€406.2m**




**Brabús Oibriúcháin**

**€24.7m**




Fógra maidir le comhaontas comhfhorbraíochta leis an BSL chun cumhacht ghréine a fhorbairt lena soláthrófar fuinneamh in-athnuaite chun coibhéis 150,000 teaghlach a chumhachtú

**150,000 teach**

Faigh tuilleadh eolais ar lch 38

Cuireadh feirm ghaoithe de **64** Meigeavata ar bun go rathúil i Sliabh Bána i gcomhar le Coillte.

Faigh tuilleadh eolais ar lch 38

**Mar thoradh ar an gcéad athbhrandáil i 25 bliana**

baineadh amach scór maith reptrak de 71.5.

**Breis is 106,000**

An líon ab airde riamh de chustaiméirí teaghlaigh faighte againn trí AES.

Faigh tuilleadh eolais ar lch 40

Infheistíocht AES i dtrucailí nua agus i gceardlann cothabhála nua de

**8,000**

troigh cearnach i bPort Laoise.

Faigh tuilleadh eolais ar lch 40

Bhain Gairneoireacht Bhord na Móna amach an gradam, soláthróir na bliana do 2016 sa chéad bhliain di ag soláthar do Wyevale sa RA.

Faigh tuilleadh eolais ar lch 44

**456,000 tona**

de Bhithmhais foinsithe do EPL. Tháinig na chéad 35,647 tona isteach ar long sa Ghrianfort ón Afraic Theas.

Faigh tuilleadh eolais ar lch 42

Cead pleanála do mhonarcha ubhchruthóideach gan toit i bhFaing faighte againn.

Faigh tuilleadh eolais ar lch 48

**€3.6m**

Infheistíocht sa chéad 8 ngluaisteoir nua (as 50) a tháinig den líne tháirgthe i nDoire Dhraighneach.

Faigh tuilleadh eolais ar lch 46

An comhlacht

**White Moss Horticulture**

faighte againn


Faigh tuilleadh eolais ar lch 44

# Ár Samhail Ghnó

## Ár n-acmhainni a úsáid chun leasa gach duine

**Measann Bord na Móna nach mór dúinn bheith an-fheasach go deo ar leasa fadtéarma ár scairshealbhóirí, ár gcustaiméirí, ár bhfostaithe agus ár bpobal má táimid chun rath inbhuanaithe a bhaint amach. Sa tsamhail ghnó ar leithligh atá againn leagtar amach tosaíochtaí soiléire lena féidir linn punann ilghnéitheach a bhainistiú chun luach a chruthú do scairshealbhóirí. Leis an tsamhail seo tacaítear leis an bhforbairt gheilleagrach agus cuirtear le caighdeán na beatha i measc na bPobal againn trínár bhfócas ar an bhfuinneamh in-athnuaite. Leis an iliomad gnóthas ilghnéitheach atá againn is féidir linn raon fostaíochta, infheistíochta, bonneagair agus ioncaim a ghiniúint i gcomhair an Rialtais agus i gcomhair na bpobal éagsúla áitiúla.**

### Eochair an Phróisis




## Ionchuir

**Na hacmhainní agus na caidrimh ar a mbraithimid chun feidhmiú mar ghnóthas:**

**Daoine**

- Eolas
- Taithí

**Talamh**

- Scála agus suíomh

**Acmhainní**

- Gaoth
- Grian
- Móin
- Bithmhais
- Dramhaíl

**Caipiteal airgeadais**

- Brabúis a athinfheistíodh
- Caipiteal seachtrach

**Ionchais na scairshealbhóirí**

**Pobail**

- Gafacht agus comhairliú

## Céard a dhéanaimid

### Tuig
(Riachtanais agus deiseanna)

**Margadh**

**Custaiméirí**

**Tomhaltóirí**

**Tionchair sheachtracha**

- Polaitiúla
- Ón gcomhshaol
- Sóisialta
- Teicneolaíocha

**Riachtanais an phobail**

**Riachtanais rialála**

### Foinse

**Foinsí dúchasacha**

- Móin
- Gaoth
- Foinsí gréine
- Bithmhais
- Dramhaíl

**Foinsí iompórtáilte**

- Bithmhais (SA agus an Afraic)

### Soláthair

**Leictreachas**

- In-athnuaite
- Móin

**Méain fáis**

- Miondíol
- Gairmiúil

**Breosla soladach**

**Bailiú dramhaíola agus próiseáil talún**

- Dramhaíl tí
- Dramhaíl thráchtála

**Bithmhais**

### Aisghabh

**Athshlánú talún**


**Aisghabháil Acmhainne**

- Páipéar
- Plaistigh
- Múiríniú

**Fuinneamh ón dramhaíl**

**Múiríniú ón bhfuíollábhar glas**






## Sochair do scairshealbhóirí

**Príomhpháirtithe leasmhara**

**Scairshealbhóirí**
**Fostaithe**
**Pobail**
**Custaiméirí**
**Soláthróirí**
**Infheisteoirí**
**Tomhaltóirí**

**Príomhshochair**

- Fostaíocht inbhuanaithe ar ardchaighdeán agus Lár na Tíre mar áit lárnach aici
- Fuinneamh dúchasach in-athnuaite a aimsiú chun polasaí an rialtais a chomhlíonadh.
- Coimirce a thabhairt do 200,000 acra talún
- Saoráidí
- Infheistíocht
- Bonneagar
- Cláir fhreagrachta sóisialta
- Cáil
- Earraí agus seirbhísí ar ardchaighdeán
- Nuálaíocht
- Airgead tirim
- Ráta comhsheasmhach brabúis
- Timpeallacht níos glaine
- Infheistíocht isteach a mhealladh
- Díbhinní scairshealbhóirí

# Eochairtháscairí feidhmíochta (ETF)

**Táimidne i mBord na Móna tar éis spriocanna arda a chur romhainn féin agus beidh an-chuid dúshlán amach romhainn i gcaitheamh an aistir chuig an mbunathrú agus sinn ag obair as láimh a chéile chun iad a bhaint amach.**

**Thar na deich mbliana romhainn amach, agus sinn ag gluaiseacht ar aghaidh i gcónaí go dtí an bhithmhais, go dtí giniúint an leictreachais ó acmhainní in-athnuaite agus go dtí aisghabháil na dramhaíola, casfar líon áirithe dúshlán rialála agus dúshlán de chuid an mhargaidh orainn ar an mbealach. Ach is eagraíocht aclaí, dhinimiciúil sinn agus déanfaimid sinn féin a oiriúnú agus tógfaimid ar na láidreachtaí ar leithligh atá againn agus ar na buntáistí lárnacha atá againn, mar atá, ár bpobal, ár dtalamh, ár mbranda agus an cháil atá orainn.**

| ETF | Tagarmharc 2016 | Mar a chruthaíomar 2017 | Spriocanna don todhchaí 2018 | 2020 | 2025 | 2030 |
|---|---|---|---|---|---|---|
| Infheistíocht | €71.8.m Infheistithe ar ais sa ghnóthas | €46.5m Infheistithe ar ais sa ghnóthas | €1.2bn Infheistíocht charnach mheasta ar ais sa ghnóthas 2018 – 2030 | | | |
| Giniúint an Fhuinnimh In-athnuaite | 114k teaghlach cumhachtaithe ag fuinneamh in-athnuaite | 141k teaghlach cumhachtaithe ag fuinneamh in-athnuaite | 157k teaghlach cumhachtaithe ag fuinneamh in-athnuaite | 221k teaghlach cumhachtaithe ag fuinneamh in-athnuaite | 385k teaghlach cumhachtaithe ag fuinneamh in-athnuaite | 616k teaghlach cumhachtaithe ag fuinneamh in-athnuaite |
| Bithmhais | 330k Tonaí Fuinnimh | 456k Tonaí Fuinnimh | 456k Tonaí Fuinnimh | 1.2m Tonaí Fuinnimh | 1.6m Tonaí Fuinnimh | 2.7m Tonaí Fuinnimh |
| Déine Carbóin (Tonaí in aghaidh uaire Meigeavata) | 0.54 | 0.48 | 0.41 | 0.33 | 0.16 | 0.04 |

## Ráiteas an Chathaoirligh



"Is é an fócas atá ag an gComhlacht le bliain anuas ná breisiúcháin straitéiseacha a dhéanamh lena bhfeabhsófar an gnóthas atá againn cheana agus lena dtacófar leis."

# Ráiteas an Chathaoirligh

**Tá áthas orm Tuarascáil Bhliantúil Bhord na Móna don bhliain fhioscach dar chríoch 29 Márta 2017 a chur i láthair.**

Leis na torthaí don bhliain dar chríoch 29 Márta 2017 léirítear feidhmíocht dhaingean ag an gCuideachta in ainneoin na ndúshlán aithnidiúla a bhain leis an gcéad bhliain iomlán oibríochta ó tháinig deireadh le tacaíocht ón Oibleagáid Seirbhíse Poiblí do stáisiún Cumhachta Éadan Doire. Ba é €406 milliún an láimhdeachas (laghdú ar €433 milliún sa Bhliain Airgeadais 16) agus ba é €38.3 milliún an brabús coigeartaithe oibríochta, sular cuireadh san áireamh míreanna eisceachtúla áirithe atá mionsonraithe i dTuarascáil an Phríomhoifigigh Airgeadais, (laghdú de €12.9 milliún ó anuraidh). Mar atá leagtha amach i dtuarascáil an Phríomhoifigigh Airgeadais, chomhlíonamar gach ceann dár spriocanna oibríochta don bhliain.

Is é an fócas atá ag an gComhlacht le bliain anuas ná breisiúcháin straitéiseacha a dhéanamh lena bhfeabhsófar an gnóthas atá againn cheana agus lena dtacófar leis. Fuaireamar an comhlacht "White Moss" atá suite i Learpholl mar aon le leas de 50% in "Electricity Exchange" atá suite in Éirinn. Tá dul chun cinn déanta againn chomh maith i dtaca le monarcha milliní adhmaid a bhunú i SAM. Cuid dhílis é seo den phlean atá againn a chinntiú go mbeidh soláthar leanúnach ann de bhithmhais ar ardchaighdeán chuig ár stáisiúin cumhachta féin in Éadan Doire agus chuig stáisiúin cumhachta an BSL ag Loch Rí agus Uíbh Fhailí Thiar. Tá dul chun cinn déanta chomh maith lenár bpleananna chun monarcha ubhchruthóideach gan toit a thógáil i bhFaing Co Luimnigh. Cuirfidh sé seo ar ár gcumas ár gcuid féin den mhargadh fuinnimh intíre a chosaint mar fhreagairt ar chinneadh an Rialtais gual biotúmanach a chosc. Tá comhpháirtíocht comhaontaithe leis an BSL chomh maith chun cumhacht gréine a fhorbairt ar thalamh a bhaineann linne. D'aimsíomar saoráid imrothlach chreidmheasa chomh maith lena mbeimid in ann na deiseanna infheistíochta seo agus deiseanna infheistíochta eile a thapú.

Ceann de na príomhchúraim a bhí ag déanamh imní don
Bhord i gcaitheamh na bliana ab ea an streachailt leis na fadhbanna pleanála maidir le stáisiún cumhachta Éadan Doire. Tá ríméad orm a
rá gur tugadh ceist Éadan Doire chun críche go rathúil le linn na bliana.
Tar éis do Gerry McDonnell bheith ceaptha ina Phríomhoifigeach Oibríochta i mí Márta tá athstruchtúrú mór curtha i gcrích againn chomh maith ar bhainistíocht shinsearach na Cuideachta.

Ach ní gan dúshláin a bhí an bhliain a chuaigh thart. Tar éis dúinn measúnú mionsonraithe a dhéanamh ar na hoibríochtaí déantúsaíochta brícíní móna, chinn an Bord go drogallach go raibh sé chun leasa fadtéarma na Cuideachta i gcoitinne na hoibríochtaí go léir a chomhchruinniú in aon suíomh amháin, agus go gcuirfí deireadh leis na hoibríochtaí i monarcha an Bhaile Bhig ó Aibreán 2018 amach. Tá comhairliúcháin agus caibidlíocht mhionsonraithe ar siúl idir na ceardchumainn agus na fostaithe chun na drochiarmhairtí i gcás na bhfostaithe ag an suíomh a mhaolú.

Lean an Bord ag díriú go fóill ar rialachas corparáideach, de réir dea-chleachtais agus de réir rialúcháin agus treochtaí atá ag teacht chun cinn. Rinneadh dul chun cinn suntasach le próiseas cuimsitheach a chur i bhfeidhm a ligeann don Ghrúpa a gcuid rioscaí a mheas agus a thuairisciú. Déanann an Bord gach mórinfheistíocht a mheas ag baint úsáide as modheolaíocht dhocht chun a chinntiú go gcomhlíonaimid ár ndualgas sócmhainní an Ghrúpa a chosaint. Tá mionsonraí de phróiseas Bhainistíocht Riosca an Ghrúpa le fáil ar leathanaigh 63 go 65. Cruthaíodh chun sástacht an Bhoird go bhfuil córas rialuithe inmheánacha an Ghrúpa cuí agus sofhreagrach a dhóthain chun rioscaí inmheánacha a mhaolú, chun neamhchosaint ar rioscaí a choinneáil ag leibhéal inghlactha agus chun a chinntiú go leanfaidh Bord na Móna den chur chuige éifeachtach atá aige i leith rialachais chorparáidigh.

Ag tús mo ghairmréime féin bhí mé gafa go forimeallach le tionscal mianadóireachta guail na Breataine agus chonaic mé ina dhiaidh sin mar a theip go tubaisteach air insna 1980óidí. Tá mo dhícheall déanta agam i mBord na Móna chun a chinntiú nach dtarlaíonn teip den chineál céanna sa tionscal móna anseo. Níorbh fhéidir áibhéil a dhéanamh faoin iarmhairt a thiocfadh as seo i leith na bpobal i Lár na Tíre, agus ina fianaise siúd tá sé riachtanach fostaíocht inbhuanaithe insna pobail sin a chur san áireamh i gcónaí agus an gnóthas á aistriú chuig malairtí níos inbhuanaithe. Chun na críche sin táim tar éis an Bord agus an bhainistíocht a spreagadh chun pleanáil ar aghaidh a dhéanamh, ní amháin le haghaidh na todhchaí atá i ndán don Chuideachta sa gharthéarma agus sa ghearrthéarma, ach sa mheántéarma agus sa bhfadtéarma freisin, d'fhonn ról suntasach a aimsiú do Bhord na Móna de réir mar atá fás ag teacht ar an ngeilleagar againn. Mar chuid den chur chuige fadtéarmach seo, d'fhógraíomar in 2015 go gcuirfí deireadh go hiomlán le baint na móna i gcomhair fuinnimh faoi 2030. San idirlinn, tá tionscadal bunathraithe curtha ar bun againn, i gcomhar leis na ceardchumainn, lena dtugtar aghaidh ar na cinntí diana a chaithfear a dhéanamh chun go mbeidh an mhóin iomaitheach i gcónaí insna stáisiúin cumhachta sa timpeallacht nua rialála a bheidh ann ó 2019 amach. Beidh sé riachtanach na bearta deacra a bhaineann leis an gclár sin a chur i ngníomh go hiomlán.

Tá glactha le Bord na Móna i gcónaí go bhfuil sé de dhualgas corparáideach air bheith ag obair i gcomhar leis na pobail, agus ní bheidh aon athrú ar an bhfreagracht atá orainn i leith na bpobal sin agus sinn ag gluaiseacht ar aghaidh ó na gnóthais thraidisiúnta mhóin-bhunaithe go dtí gnóthais nua Bhord na Móna ar nós an bhithfhuinnimh, an ghaothfhuinnimh agus an ghrianfhuinnimh. Déanfaimid iarracht jabanna nua inbhuanaithe a chur in ionad na jabanna móna agus beimid ag tacú le pobail i gcónaí de reir mar a thagann deiseanna nua chun cinn leis an teicneolaíocht a ligfidh do Bhord na Móna lántairbhe a bhaint as ár n-acmhainní talún agus daoine.

Rahaidh mo théarmasa mar Chathaoirleach in éag i mí Mheán Fómhair 2017 agus tá curtha in iúl agam don Aire nach mian liom fónamh le téarma eile. Ós rud é mar sin gurb é seo an ceann deiridh de mo chúig Thuarascáil Bhliantúla is mian liom an deis seo a thapú mo bhuíochas a ghabháil le mo chomhghleacaithe go léir ar an mBord as a bhfoighid, as a dtacaíocht agus, in amanna, as a gcineáltacht i leith mo lochtanna féin. Rinne mé iarracht i gcónaí a chinntiú go mbeadh gnó an Bhoird dírithe ar an mórphictiúr, agus ar pé rud is fearr a d'oirfeadh don Chuideachta sa bhfadtéarma a dhéanamh. Sa mhéid seo bhí tacaíocht agam ó mo chomhghleacaithe agus mé ag cinntiú gur stiúradh gach gnó den Bhord de réir an Chód Chleachtais. Leis na cúig bliana a chuaigh thart bhí sé de phribhléid agam obair in éineacht le roinnt bainisteoirí sinsearacha fíormhaithe agus is iomaí rud a d'fhoghlaim mé uathu. Ba é an dualgas singil ba thábhachtaí a bhí agam agus mé i mo Chathaoirleach ná fear ionaid a earcú do Gabriel D'Arcy, an stiúrthóir bainistíochta a ndeachaigh a théarma in éag in 2014. Le cabhair ó Denise Cronin agus Barry Walsh, comhaltaí den Bhord, d'éirigh linn Mike Quinn a earcú agus bhí cur chuige nua aigesean i leith bhainistiú na Cuideachta. Tá cruthaithe go han-éifeachtach ag Mike sa tréimhse ghearr atá caite aige linn. Tá struchtúr nua bainistíochta tugtha isteach aige mar aon le réimeas docht cuntasachta ar chuir an fhoireann bhainistíochta fáilte roimhe. Ar an drochuair, tá cinnte ag Mike post eile a ghlacadh in earnáil an stáit ach táim deimhin de go mbeidh na hathruithe atá tugtha isteach aige neadaithe go maith sula n-éiríonn sé as i mí Dheireadh Fómhair 2017. Guím gach rath ar Mike ina ghairmréim amach anseo.

Ní mór dom mo bhuíochas ar leith a ghabháil le Gerry Ryan, a bhí mar Rúnaí Cuideachta agam ar feadh na tréimhse is faide de mo ré agus a bhí ina threoraí iontaofa sa tírdhréacht mhaorlathach agus rialála nach mór do Chathaoirleach nua a bhealach a fháil amach inti. Tá áthas ar leith orm go bhfuil Anna-Marie Curry ceaptha chun teacht ina dhiaidh go héifeachtach agus gabhaim mo bhuíochas le hAnna-Marie as an tacaíocht a thug sí dom.

Ní mór dom freisin mo bhuíochas a ghabháil leis an Aire Cumarsáide, Gníomhaithe ar son na hAeráide agus Comhshaoil, Denis Naughten TD, agus le Mark Griffin, Ardrúnaí agus le hoifigigh eile de chuid na Roinne, as a spéis agus as a gcomhairle. Bhí an Chuideachta i gcaidreamh rialta i mbliana le NewERA, ar rannóg í de chuid Ghníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta (NTMA) agus leis an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe maidir le cúrsaí rialachais. Gabhaim buíochas leis an Uasal Eileen Fitzpatrick, lena comhghleacaithe i NewERA agus le hoifigigh eile na Roinne as ucht a gcuid tacaíochta i rith na bliana.

Measaim féin, fad is a mbíonn tacaíocht ann i gcónaí ó na páirtithe leasmhara go léir, gur féidir linn a rá faoi Bhord na Móna "go bhfuil an lá is fearr aige fós le teacht".

**John Horgan**
**(Cathaoirleach)**

**Tá glactha le Bord na Móna i gcónaí go bhfuil sé de dhualgas corparáideach air bheith ag obair i gcomhar leis na pobail.**

# **Ceist agus Freagra leis an** Stiúrthóir Bainistíochta



> “Bunús soladach don bhfás amach anseo”

**Tugann an Stiúrthóir Bainistíochta, Mike Quinn, freagraí ar na heochaircheisteanna a cuireadh air sa Bhliain Airgeadais 17.**

## C Cén chaoi ar fheidhmigh Bord na Móna i mbliana?

Bhí bliain láidir, sholadach againn agus d'fheidhmíomar i bhfad níos fearr ná mar a bhíothas ag súil leis - ag cur san áireamh gurbh é seo an chéad bhliain iomlán againn lasmuigh den Oibleagáid Seirbhíse Poiblí. Bhí orainn aghaidh a thabhairt ar roinnt dúshlán suntasach go hinmheánach agus go seachtrach, chomh maith, ach leanamar orainn ag nuáil agus ag déanamh roinnt fálacha agus infheistíochtaí agus sinn ag obair as láimh a chéile chun ár misean a chomhlíonadh bheith i gceannas ar an bpróiseas athraithe d'fhonn acmhainní níos inbhuanaithe a chur ar fáil do chustaiméirí na hÉireann.

Laghdaíodh ar an loncam i gcomhair na bliana go dtí nach raibh ann ach €406 milliún agus nach raibh sa bhrabús oibríochta ach €38.3 milliún (sular cuireadh míreanna eisceachtúla san áireamh), mar thoradh don chuid is mó ar an Oibleagáid Seirbhíse Poiblí in Éadan Doire a bheith fágtha againn. Chuir cuid dár ngnóthais bliain dhúshlánach isteach ina ndeachaigh fachtóirí seachtracha i gcion go mór ar a mbrabúsacht, an tionchar a bhí ag geimhreadh cineálta eile ar a ndíolacháin bhreosla, mar shampla.

Ar an taobh dearfach de, áfach, chuir Powergen, Aisghabháil Acmhainne agus Biomass blianta an-láidir agus an-táirgiúil isteach. Bhuail ár ngnóthas bailithe dramhaíola, CFB, an sprioc de líonta custaiméirí ab airde riamh agus sháraigh Biomass a sprioc de thonaí de 19%, ag soláthar 456,000 tona fuinnimh dó.

In ainneoin an iliomad dúshlán i gcaitheamh na bliana, leanamar orainn ag infheistiú thar gach réimse den ghnó chun a chinntiú go gcruthóimis bunús ar leithligh a bheadh láidir, soladach don bhfás amach anseo. Rinneadh infheistíochtaí i ngach aonad ghnó agus áiríodh orthu athchóirithe iarnróid, uasghráduithe ceardlann agus ceannach 17 dtrucail nua do Aisghabháil Acmhainne.

Rinneamar líon fálacha suntasacha ar a n-áirítear an gnóthas gairneoireachta White Moss sa RA, scair de 50% in Electricity Exchange agus an gnóthas fruilithe scipe bruscair Pacon. Chuamar isteach i roinnt comhpháirtíochtaí chomh maith ar nós cláir forbartha grianfhuinnimh 500 Meigeavata leis an BSL agus na feirme gaoithe atá suite i Sliabh Bána le Coillte. Leis na hinfheistíochtaí seo go léir beimid i riocht i bhfad níos láidre agus sinn ag dul ar aghaidh agus tá siad mar eochairchuid dár straitéis chun ár bhfís do 2030 a chomhlíonadh.

Sa bhliain seo chomh maith thosaigh an clár feabhsaithe leanúnaigh ag dul i gcion go mór ar an ngnóthas ar fad. Leis an gclár seo bhíomar in ann prionsabail chaola agus mapáil shreabhadh na luachanna a chur i bhfeidhm ar ár gcuid próiseas agus d'éascaigh sé seo le fócas láidir ar chostas agus luach i ngach a dhéanaimid, agus chuir sin uile go mór leis an toradh foriomlán.

Is den tábhacht é a chuimhneamh go bhfuilimid ar aistear mór bunathraithe chun inmharthanacht fhadtéarmach ár n-eagraíochta a chinntiú agus go mbeidh laethanta maithe agus drochlaethanta ann ar an tslí. Tá sé mar fhreagracht agus mar dhualgas ormsa an dearcadh fadtéarmach a chleachtadh. San áireamh leis sin tá roinnt cinntí fíordhiana, ar nós monarcha an Bhaile Bhig a dhúnadh. Ba eachtra mhór é seo míonna beaga ó shin agus is eachtra é a chuaigh i gcion go mór agus go han-phearsanta ar na daoine lenar bhain.

Ach ní mór fócas a bheith againn ar an bpictiúr fadtéarmach agus ar an mórphictiúr i dtreo is go mbeimid in ann fostaíocht fhadtéarmach, inbhuanaithe a chur ar fáil. Is é an chuspóir mhór amháin gur ceart a bheith lenár straitéis infheistíochta, in Éirinn agus thar lear, ná tacú le jabanna faoi láthair agus amach anseo i Lár na Tíre. Is é sin an tosaíocht atá againn.

## C An raibh aon ghnóthachtála ann a bhí níos suntasaí ná cinn eile i mBliain Airgeadais 17?

Tá mórán bainte amach againn sa bhliain a chuaigh thart – thar na réimsí gnó go léir – ach bí ceithre ghnóthachtáil mhóra ann a bhí as cuimse maith dar liomsa:

**1 White Moss sa RA a fháil**

Bhí tábhacht straitéiseach ag baint leis seo mar:

- feidhmíonn sé mar chlaí nádúrtha idir sinn agus staid Brexit – mar go gciallaíonn sé gur féidir linn déantúsú i steirling chun díol i steirling
- simplíonn sé an lóistíocht – de réir mar a thagann téarnamh ar an ngeilleagar, tá sé ag éirí níos deacra trucailí/lasta a fháil isteach sa RA. Leis an bhfáil seo táimid in ann táirge toirtiúil a sheoladh, bheith ag déantúsú sa RA agus na hearraí críochnaithe a sheachadadh thar na háiteanna eagsúla sa RA.

Tar éis do White Moss a bheith faighte againn, fuaireamar amach go raibh fadhbanna maidir le géilliúlacht don rialáil ag suíomhanna na Cuideachta i Learpholl, nach raibh le feiceáil roimh don idirbheart bheith curtha i gcrích. Tá an cheist seo faoi réir ag dlíthíocht le hiarúinéirí an ghnóthais. Tá gach táirge nua go hiomlán géilliúil anois agus táimid gafa le próiseas comhaontaithe leis an Údarás Comhshaoil chun déileáil le neamhghéilliúlacht stairiúil. Le linn dúinn bheith ag obair fós ar na ceisteanna oibríochta a sainaithníodh, táim muiníneach i gcónaí go mbainfear toradh dearfach amach sa deireadh lena ndearbhófar an rún straitéiseach a bhí againn agus sinn ag fáil an ghnóthais.

**2 Na tionscadail feabhsaithe leanúnaigh a chuir Peat i gcrích.**

Reáchtáil Peat roinnt tionscadal an-fhorchéimnithe i gcaitheamh na bliana lenar ngineadh fíorchoigiltí don chuideachta. Tá na modhanna eagraíochta áit oibre 5s a cuireadh i bhfeidhm insna ceardlanna i measc na modhanna is fearr ar domhan. Rinneadh athchóiriú orthu leis na modhanna seo agus ní i staid throchlaithe atá siad anois ach i staid úrscothach.

**3 Forbairt an cháis ghnó i bhfabhar monarchan milliní bhithmheasa i SAM.**

Le bliain anuas rinne an gnóthas Biomass an-obair i dtaca le hinfheistíocht fhéideartha i monarcha déantúsaíochta millíní adhmaid in Washington, Georgia, SAM. Roghnaíodh an suíomh mar gheall ar an lucht oibre oilte a bhfuil taithí acu atá ann, ar infhaighteacht an amhábhair ann agus ar na cainníochtaí móra crann atá suite ann.

Ar an drochuair, níl dóthain bithmheasa in Éirinn faoi láthair chun ligint dúinn monarcha den saghas céanna a thógáil anseo ach táim ag súil le hathrú a theacht air seo thar na blianta amach romhainn nuair a thiocfaidh foraoiseacht phríobháideach chun bheith ar fáil.

**4 Fáil gnóthais fruilithe scipe bruscair Pacon**

Láimhsigh agus bhainistigh Aisghabháil Acmhainne fáil gnóthais fruilithe scipe bruscair Pacon agus a chomhcheangal

# **Ceist agus Freagra leis an** Stiúrthóir Bainistíochta

isteach sa CFB go héifeachtúil gan aon deacracht. Leis an bhfáil seo ligfear don ghnóthas fás go suntasach mar go mbeidh sé in ann freastal ar chustaiméirí scipe breise i suíomhanna nua i gContae Bhaile Átha Cliath Thuaidh agus Theas, i Lú agus in Iarmhí.

## C Cen chaoi a mheasúnófá láidreachtaí an ghnóthais sa lá atá inniu ann?

Tá roinnt áirithe láidreachtaí againn thar an ngnóthas ach is iad ár ndaoine, a mbuanna, a dtaithí agus a gcuid dianoibre is cúis lenár ngnóthas a bheith mar atá sé inniu – agus is iad a mhúnlóidh an gnóthas a bhfuilimid ag iarraidh a bheith againn amach anseo.

Chomh maith leis sin tá trí chroíláidreacht uathúil againn lena sonraítear sinn gan dabht i margadh dúshlánach.

**1. Ár mbunachar talún:** tá an-chuid dár ngnó fréamhaithe sa talamh, ónár mbonn fuinnimh in-athnuaite go dtí ár saoráidí Aisghabhála Acmhainne.

**2. Ar scála:** is cuideachta mhór sinn agus is féidir linn dul i gcion leis sin ar an slabhra soláthair atá againn sa mbaile agus thar lear.

**3. An cháil atá orainn:** is branda sinn a bhfuil iontaoibh ag daoine as agus a gcuireann siad fáilte roimhe isteach ina bpobail agus is den tábhacht é go gcomhlíonaimid a riachtanais i gcónaí, go sásaímid a muinín agus go sáraímid a n-ionchais.

Is cuideachta i bhfad níos athléimní sinn inniu ná mar a bhí blianta beaga ó shin, agus tá muinín athnuaite ar fud an ghnóthais. Measaimid go mbeimid ar an dream is fearr a dhéanann an obair a dhéanaimid agus táimid tiomanta do bheith i gceannas ar an athrú chuig todhchaí níos inbhuanaithe i gcomhair an iliomad pobal ar a bhfreastalaímid ar fud na hÉireann.

## C Céard iad na réimsí den ghnóthas a bhfuil fócas breise ag teastáil uathu?

Is gá dúinn leanúint orainn ag treisiú ár mbranda i gcroíthe agus i meon an iliomad páirtithe leasmhara againn – mar aon lenár gcáil fhoriomlán a bhainistiú agus a fheabhsú. Is gá dúinn tógáil ar an tsárobair ar fad a rinneamar sa bhliain seo caite agus leanúint orainn beatha a chur insna luachanna atá againn trí bheith seiftiúil, mealltach agus urramach i ngach caidreamh agus pointe teagmhála le custaiméirí.

Eochair-réimse eile fócais is ea struchtúrú agus tuairisciú ar an bhfreagracht chorparáideach agus tá roinnt sreabhadh oibre freagrachta corparáidí ar bun againn a bhfuil tús á chur leo. Nílimidne ach ag tosú air seo, ach mar chuideachta is gá dúinn bheith gafa níos mó le cleachtais fhreagrachta corparáidí. Bi an t-éiteas seo ag croílár Bhord na Móna i gcónaí ó cuireadh ar bun é agus san am amach anseo is mian linn bheith inár gceannairí tríd an eiseamláir sa chaoi a gcaithimid leis an bhfreagracht chorparáideach, leis na ceisteanna a réitímid, agus leis na pobail lena mbímid gafa.

## C Cén chaoi a bhfuil athrú ag teacht ar Bhord na Móna anois agus don todhchaí?

Is é atá mar fhís againn Éire níos inbhuanaithe a chur ar chumas trí leas a bhaint as ár n-acmhainní nádúrtha. Is é sin an t-aon uaillmhian atá againn don todhchaí. Is é ár misean i mBord na Móna – agus an chaoi lena bhfuil ar intinn againn an fhís uaillmhianach seo a bhaint amach – ná bheith i gceannas ar an athrú chuig acmhainní níos inbhuanaithe.

Ciallaíonn sé seo go ndéanfar roinnt athruithe ar an gcur chuige maidir leis an aistriú go fuinneamh glas, ar an gcaoi a thagann ár ngnóthais lárnacha chun bheith níos inbhuanaithe agus ar an gcaoi a n-eagraímid ár lucht oibre agus na pobail áitiúla agus a dtéimid i dteagmháil leo.

D'fhógraíomar in 2015 go gcuirfí deireadh go hiomlán le baint na móna chun críche fuinnimh faoi 2030 – is é sin an sprioc agus an t-aistear atá againn i gcónaí. Thar an ngearrthéarma agus an meántéarma beimid ag tosú ar fhuinneamh in-athnuaite a chur ar fáil ar ár mbunachar talún a bheidh déanta suas d'fheirmeacha gréine, feirmeacha gaoithe agus stóráil cadhnraí. Is mian linn go mbeadh Bord na Móna leis na 200,000 acra talún atá aige mar cheannródaí sa ghiniúint fuinnimh sa tír seo – agus sinn ag gluaiseacht ar aghaidh ón mbreosla iontaise go dtí an fuinneamh glas.

Ar an taobh sóisialta de, táimid ag súil go ndéanfar tuilleadh talún a athshlánú agus go dtabharfar ar ais do na pobail é chun críche na turasóireachta agus na saoráidí. I gcomhréir leis an ngeilleagar chiorclach tá ár ngnóthas Aisghabhála Acmhainne ag dul níos airde agus níos airde arís ar an slabhra i dtéarmaí na hathchúrsála. Mar sin ní amháin go bhfuil tús curtha lenár n-aistear go dtí gnóthais níos inbhuanaithe ach tá sé dulta ar aghaidh go maith.

**Is mian linn go mbeadh Bord na Móna, leis na 200,000 acra talún atá aige, i gceannas ar ghiniúint an fhuinnimh sa tír seo.**

Tá ár bhfostaithe agus ár bpobail ina gcuid lárnach chomh maith den aistriú rathúil. Tá sé mar sprioc againn an líon céanna fostaithe agus atá againn inniu ar a laghad a fhostú i gcónaí agus, b'fhéidir, cur leis an líon seo faoi 2030. Níl cuideachta ar bith ann gan a lucht oibre agus leanfaimid orainn ag infheistiú i bhfostaithe agus ag comhlíonadh róil ghníomhaigh insna pobail áitiúla againn.

Tá athrú meon aigne ag teacht orainn mar eagraíocht chomh maith. Nílimid sásta bheith mar uimhir 1 i ngach margadh ina bhfuilimid ag oibriú, ach ina theannta sin is mian linn gach duine eile a shárú ag an obair sin. Ní brabúsacht amháin atá i gceist anseo, is ceist í a bhaineann leis an gcaoi ina ngabhaimid le daoine laistigh dár ngnóthas agus ar fud na háite. Tá sé mar thosaíocht againn a chinntiú gur áit mhaith sin le hobair inti agus gur comhpháirtí maith áitiúil sinn.

## C Cén chuma atá ar Bhliain Airgeadais 18?

Tá tús an-dearfach curtha againn leis an mbliain leis an bhfógra faoinár gcéad fhiontar le grianfhuinneamh tar éis ár gcomhpháirtíocht leis an BSL – ag tabhairt le chéile saineolas dhá phríomhchuideachta thráchtála leathstáit sa bhfuinneamh in-athnuaite a bhfuil tionscadail shuntasacha acu a thacóidh le haistriú fuinnimh na hÉireann.

Ligfidh an chomhpháirtíocht seo dúinn cumhacht gréine a fhorbairt i gceithre shuíomh i Ros Comáin, Uíbh Fhailí agus Cill Dara, lena soláthrófar fuinneamh in-athnuaite chun coibhéis 150,000 teaghlach a chumhachtú. Ciallaíonn se chomh maith gur féidir linn rochtain ar chuid de bhunachar talún Bhord na Móna i suíomhanna straitéiseacha ar fud Lár na Tíre atá oiriúnach do thionscadail ghrianfhuinnimh ar scála mór.

Chuireamar fáilte chomh maith roimh chinneadh an Bhoird Phleanála i mí Bhealtaine cead pleanála a dheonadh don fheirm ghaoithe atá beartaithe ag Cluain Críon, Co Uíbh Fhailí – a ghinfidh dóthain leictreachais chun coibhéis 30,000 teaghlach Éireannach a chumhachtú in aghaidh na bliana le 25 bliain, de réir mar a mheasaimid. Beidh sé ina chuid thábhachtach de thógáil na feirme gaoithe seo leanúint leis an bpróiseas gafachta leis na pobail áitiúla, ar chuireamar tús leis i bhfómhar 2015.

Ag féachaint amach romhainn tá roinnt forbairtí ionchasacha ann a rachaidh i gcion go suntasach ar an gcaoi a dtiocfaidh éabhlóid orainn amach anseo.

Ina measc seo tá:

- i Lainseáil na Dreasachta Teasa Athnuaite (le teacht 2017) – a bhfuil an-deiseanna ag baint leis dár ndá rannán – Breosla agus Bithmheas – an deis chun teacht chun bheith inár soláthróir mór bithmheasa.
- ii Clár nua tacaíochta don fhuinneamh in-athnuaite (le teacht níos déanaí sa bhliain), a rachaidh i gcion go mór ar ár gcláir ghréine agus ar ár gcláir ghaoithe atá le teacht.
- iii Tabhairt isteach an choisc ar an ngual toiteach i mí Mheán Fómhair 2018 dá bhfuil ár ngnóthas breosla ag ullmhú.
- iv Deis chun bheith gafa níos mó le tuilleadh réimsí nua athchúrsála. Tá cúpla tionscadal suimiúil eile ar na bacáin maidir le saghasanna eile dramhaíola a athchúrsáil a bheadh mar chomhlánú ag an ngnó Aisghabhála Acmhainne agus táimid go gníomhach ar thóir líon fálacha san earnáil seo.
- V Tá an treoir tuairiscithe neamhairgeadais dlite i mbliana agus tá Bord na Móna tiomanta do bheith mar chuid de sin agus, dá bhrí sin, beidh riachtanais thuairiscithe air seachas réimsí airgeadais amháin, ar nós réimsí sóisialta agus comhshaoil.

## C Agus céard a bheidh mar fhócas ag an gcuideachta thar an dá nó na trí bliana romhainn amach?

Baineann an dá nó na trí bliana romhainn amach ar fad le seachadadh. Baineann sé le beart a dhéanamh agus le féachaint chuige go gcuirfear ár bplean cúig bliana i gcrích.

Sa chéad bhliain dom le Bord na Móna bhí mé gafa le haithne a chur ar an ngnóthas agus le plean mianaidhme a chur le chéile i dtreo is go mbeimis in ann pictiúr den todhchaí a rianú a bheadh uaillmhianach agus indéanta ag an am céanna. Anuraidh leagamar síos an plean cúig bliana a bhogfaidh i dtreo na todhchaí sinn de réir mar a mheasaimid agus a thabharfaidh an chuideachta ar aghaidh sa treo is ceart di.

Anois an t-am leis na tascanna seo a chur i gcrích agus beart a dhéanamh de réir mar a dúramar. Ciallaíonn sé seo go mbeidh cuideachta rathúil, bhrabúsach againn faoi 2020 – a mbeidh bunús níos láidre agus níos soladaí aici – a chuirfidh ar ár gcumas ath-infheistiú a dhéanamh ar ais insna rannáin agus seachadadh ar ár bhfís do 2030.

Is den tábhacht é go dtuigfimis gurb amhlaidh, cé go bhfuil freagracht shóisialta againn i leith na ndaoine atá sa chuideachta, go bhfuil freagracht thráchtála orainn chomh maith. Tá orainn oibriú mar ghnóthas táirgiúil, brabúsach a ligfidh dúinn nuáil, ath-infheistiú insna gnóthais agus inár ndaoine agus dlús a chur leis an bhfás. Caithfidh cothromaíocht a bheith ann idir ár bhfreagrachtaí sóisialta, tráchtála agus comhshaoil má táimid chun gnó inbhuanaithe, éifeachtúil a bheith againn a bheidh i gceannas ar an athrú amach anseo.

## C Nuair a bhreathnaíonn tú ar aghaidh 5-10 mbliana, cén sórt Bhord na Móna a fheictear duit?

Beidh tionchar nach beag ag fás agus rathúlacht dhá cheann dár ngnóthais, Powergen agus Aisghabháil Acmhainne, ar chuma agus scála Bhord na Móna amach anseo.

Tá ról rímhór le comhlíonadh ag Powergen don Stát – mar gheall ar ár mbunachar talún amháin. Beidh punann gaoithe a bheidh go suntasach níos mó, clár grianfhuinnimh a bheidh go suntasach níos mó nó a bheidh curtha i ngníomh ag giaráil na comhpháirtíochta leis an BSL – agus beimid ina theannta sin ag machnamh deiseanna eile ar nós stóráil cadhnraí.

Tiocfaidh fás i gcónaí ar Aisghabháil Acmhainne, de réir mar a thagann fás ar an ngeilleagar agus mar gheall ar roinnt croíthionscadal atá ar na bacáin againn. Beidh Breoslaí chun tosaigh sa teas in-athnuaite sa mhargadh breoslaí soladacha teaghlaigh agus tiocfaidh tuilleadh fáis ar Ghairneoireacht ó easpórtálacha ach go háirithe.

Rachaidh ár ndá ghnóthas soláthair amhábhair, Peat agus Biomass, trí thréimhse athraithe. Beidh Peat go suntasach níos lú faoi 2030 agus sinn ag leanúint orainn ar an aistear chuig soláthar fuinnimh ghlais atá mar phlean againn ó chuireamar é seo in iúl don chéad uair i mí Mheán Fómhair 2015. Ar an taobh dearfach de, cuirfear tús maith le soláthar na bithmheasa teaghlaigh agus tá sé mar uaillmhian againn - de réir mar a théann gnó na móna i léig - jabanna a bhainfidh le slabhra soláthair na bithmheasa a chur in áit na jabanna sin. Tá tús curtha leis an aistear cheana féin agus tá an chuideachta ag súil le bheith ag obair go dlúth leis an rialtas ar chláir ar nós scéim na saileach chun dlús a chur le forbairt slabhra soláthair na bithmheasa teaghlaigh.

**Leis an bhfócas atá againn ar straitéis fhadtéarmach cinnteofar go mbeidh todhchaí rathúil, bhrabúsach ag an gcuideachta.**

## C An tuairim dheiridh uait

Mar achoimre, is é an Bhliain Airgeadais 17 an bhliain ina ndaingníomar ár bplean cúig bliana. Bhí roinnt fadhbanna againn ar an mbealach. Tháinig Brexit aniar aduaidh orainn ach go háirithe ach bhí plean ar bun cheana féin againn don RA. Táimid anois ar ais ar ár seanléim agus aghaidh á tabhairt againn ar an todhchaí.

Táim muiníneach go gcinnteoidh na cinntí a rinneamar – agus a dhéanfaimid arís – maidir leis an infheistíocht mar aon lenár bhfócas ar an straitéis fhadtéarmach go mbeidh todhchaí rathúil, bhrabúsach ag an gcuideachta agus lucht oibre inspreagtha, dinimiceach, gafa aici.

Mo bhuíochas libh go léir a rannchuidigh leis an mbliain rídhúshlánach, iomaitheach, ritháirgiúil seo. Bhí ionchur agaibh go léir san eachtra seo.

Agus deireadh ag teacht le mo théarma mar Stiúrthóir Bainistíochta i mí Dheireadh Fómhair 2017, is mian liom chomh maith an deis seo a thapú mo bhuíochas a ghabháil le mo chomhghleacaithe i mBord na Móna as an tacaíocht a thug siad i rith mo thréimhse leis an gcuideachta. Thar an dá bhliain go leith a chuaigh thart d'iarr mé mórán ar gach duine ar fud an ghnóthais – gluaiseacht níos tapa agus níos faide, chun na hathruithe ba ghá chun bunathrú a chur ar an gcuideachta, a dhéanamh agus glacadh leis an dúshlán a bhain le todhchaí níos inbhuanaithe a chur ar fáil. Bhí mé an-sásta ar fad leis an bhfreagairt a fuair mé agus leis an tiomantas a léiríodh chun an gnó a bhogadh thar an staid ina mairfeadh sé amháin go dtí áit cheannais.

Creidim go bhfuil bunús soladach don todhchaí tógtha againn agus táim ag súil le toradh a fheiceáil ar an dianobair go léir sin, agus an chuideachta a fheiceáil ag seachadadh ár misin chun bheith i gceannas ar an athrú chun réitigh níos inbhuanaithe a chur ar fáil in Éirinn. Agus gach duine ag obair as láimh a chéile, tá fíordheis ag Bord na Móna feabhas a chur ar shaol ár bpobal, agus ár dtíre – tá an todhchaí idir lámha an-chumasacha.

**Mike Quinn,**
**Stiúrthóir Bainistíochta**

# Athbhreithniú an Phríomhoifigigh Airgeadais

## Is mar seo a leanas achoimre ar phríomhthorthaí airgeadais an Ghrúpa don dá bhliain seo caite:

| | Bliain Airgeadais €'M | Bliain €'M |
|---|---|---|
| Ioncam | 406.2 | 432.8 |
| Brabús oibriúcháin mar a tuairiscíodh é. | 24.7 | 37.6 |
| Gnóthachan ar infheistíocht réadmhaoine | (2.0) | (7. 5) |
| Gnóthachan ar phlean pinsean | - | (10. 7) |
| Costais Athstruchtúraithe | 1.5 | 7.3 |
| Costais./Bearnúcháin eisceachtúla | 14.1 | 24.5 |
| **Brabús oibriúcháin coigeartaithe** | **38.3** | **51.2** |
| Dímheas/Amúchadh | 43.8 | 48.8 |
| **EBITDA coigeartaithe i gcás míreanna eisceachtúla** | 82.1 | 100 |
| Sócmhainní iomlána | **636.8** | **725.6** |
| Caiteachas caipitil | 42.7 | 71.8 |
| Glanfhiachas | 170.5 | 172.7 |
| Cistí na Scairshealbhóirí | 231.6 | 221.4 |

Bhí laghdú de 6% ar an láimhdeachas ó €432.8 milliún go €406.2 milliún, laghdú de €26.6 milliún

**Ba mar seo a leanas a bhí na príomhdhifríochtaí díolta bliain thar bliain:**

- Tháinig méadú de €1.2 milliún ar dhíolacháin Chóireáil Dramhaíola ag saoraidí an Droichid mar gheall ar mhéadú ar thonnáiste isteach agus méadú ar aschur leictreachais ar ghás aisghafa;
- Tháinig méadú de €1.4 milliún ar dhíolacháin Bailithe Dramhaíola le méadú ar an líon custaiméirí agus tonnáiste Tráchtála méadaithe;
- Laghdú €13.1 milliún ar dhíolacháin guail agus bricíní móna de bharr an gheimhridh bhog, praghasanna níos ísle ar ola téimh baile agus tréaniomaíocht sa mhargadh breosla.
- Laghdaigh díolacháin móna chuig Staisiúin Cumhachta Locha Rí agus Uíbh Fhailí Thiar €5.7 million sa chomhiomlán.
- Laghdaigh ar an díolachán leictreachais ó na feirmeacha gaoithe i nDroim Cáithe agus An Bhreacánach €5.2 milliún toisc táirgeacht na ngaoithe a bheith níos ísle – ba é seo an dara táirgeacht is ísle le deich mbliana;
- Díolachán leictreachais ag stáisiún cumhachta Éadan Doire i mbliain airgeadais 2017 laghdaithe €3.9 milliún mar d'imigh an stáisiún ón córas tacaíochta PSO i Mí na Nollag 2015 agus bhí tionchar aige seo ar na cuntais go ceann bliana; agus
- Laghdú €1.3 milliún ar dhíolachán gairneoireachta toisc éifeacht an ráta malairte le sterling a bheith díobhálach;

**Ba é an brabús oibriúcháin roimh nithe eisceachtúla a chur san áireamh ná €24.7 milliún i mbliain airgeadais 2017 (2016: €37.6 milliún). Ba é an brabús oibriúcháin oiriúnaithe le haghaidh nithe eisceachtúla agus nithe aonuaire ná €38.3 milliún i mbliain airgeadais 2017 (2016: €51,2 milliún). I measc na nithe eisceachtúla agus aonuaire i mbliain airgeadais 2017 (táille €13.6 milliún gearrtha i mbliain airgeadais 2016) bhí:**

- Costais eisceachtúla de €3.4 milliún agus táille bearnúcháin €10.7 milliún gearrtha maidir le luach tógtha anonn a bhain leis an cháilmheas ag éirí as seilbh White Moss Horticulture Limited a ghlacadh. Na costais eisceachtúla agus an táille bearnúcháin a bhain le neamhchomhlíonadh rialacháin, ag saoráidí an Chomhlachta i Learpholl a raibh an toradh seo leanas ag éirí astu: fardail dhíscríofa, táillí proifisiúnta incriminteacha, agus bearnúchán cáilmheasa;
- Méadú cóir luacha de €2.0 milliún ar an infheistíocht maoine ar Shráid Bhagóid;
- Costais a bhain le athstruchtúrú €1.5 milliún chun atheagrú a dhéanamh ar oibríochtaí próiseála guail;

**Ba iad seo a leanas na príomhnithe a raibh tionchar acu ar fheidhmíocht trádála i rith na bliana á gcur i comparáid le bliain airgeadais 2015 :**

- Ag Stáisiún Cumhachta Éadan Doire, laghdaíodh €7.2 milliún ar an mbrabús oibriúcháin toisc go raibh laghdú ar an teacht isteach ón chumas leictreachais agus freisin méadú ar na costais oibriúcháin;
- Toisc go raibh táirgeacht níos ísle ag na feirmeacha gaoithe ag Droim Cáithe agus An Bhreacánach, bhí laghdú €3.7 milliún ar an mbrabach oibriúcháin, rud a thugann le fios chomh luaineach is a bhíonn táirgeacht gaoithe ó bhliain go bliain.
- Caiteachas €2.2 milliún sa bhreis ar fhorás chun cur le fás agus próiseas feabhsaithe ins na hionaid oibríochta;
- Bhí laghdú 0.3 milliún tonna méadrach ar fhómhar 3.1 milliún tonna méadrach na móna toisc tionchar na haimsire i réim i Samhradh 2016 a bheith díobhálach i dtéarmaí an bhrabúis oibriúcháin de €1.7 milliún;
- Laghdú ar dhíolachán móna fritháirithe ag costais níos ísle iompair móna ar luach €0.6 milliún;
- Ollchorrlach níos ísle ar dhíolachán Gairneoireachta, a bhí thíos leis toisc ráta malairte sterling a bheith lag, agus brabús oibriúcháin íslithe €1.7 milliun dá dheasca sin;
- Tháinig laghdú de €1.2 milliún ar bhrabús de bharr ollchorlach níos ísle a bheith ar dhíolacháin laghduithe tháirgí bhreosla soladach;
- Mhéadaigh an brabús Oibriúcháin €0.4 milliún sa ghnó bailiúcháin dramhaíola de bharr méadú ar an tonnáiste a tugadh isteach, ollchorrlaigh feabhsaithe agus costais riaracháin níos lú;
- Costais oibriúcháin laghdaithe ag an ionad dramhaíola a bhfuil innealltóireacht ghéiniteach déanta air, rud a chuir €0.6 milliún leis an brabús oibriúcháin agus
- Táille níos lú ar dhímheas agus amúchadh, ar shócmhainní inláimhsithe agus doláimhsithe, ag tabhairt le fios: úsáid níos lú á baint as folúntas spáis ag ionad dramhaíola an Droichid, luach tugtha anonn níos lú ar stáisiún cumhachta comh-adhainte Éadan Doire agus táille níos lú ar ídiú móna, rud a chuir €5.0 milliún leis an brabús oibriúcháin.

EBITDA ina measc nithe eisceachtúla agus aonuaire €79.3 milliún i mbliain airgeadais 2017 (2016: €111.0 milliún). EBITDA oiriúnaithe le haghaidh nithe eisceachtúla €12.2 milliún i mbliain airgeadais 2017 (2016: €100.0 milliún).

Brabús roimh cháin €12.2 milliún i mbliain airgeadáis 2017 (2016: €22.2 milliún) leis na nithe luaite thuas san áireamh agus laghdú €2.7 milliún ar na costais airgeadais, tar éis €76.3 milliún a bheith aisíoctha i rith na bliana.

Brabús bliana sa bhliain airgeadais 2017 €5.2 milliún (2016: €17.2 milliún) agus muirear cánach €6.9 milliún (2016: €5.8 milliún).

Iomlán na sócmhainní ag €636.8 milliún, €88.8 milliún níos ísle ná an bhliain roimhe, toisc (i) airgead tirim laghdaithe ó €82.0 milliún - €76.3 milliún caite ar fhiacha a ghlanadh; (ii) luach níos ísle (€8.5 milliún) tugtha anonn ar réadmhaoin, stáisiún cumhachta agus trealamh, toisc go raibh ídiú níos mó ná méid breise ann; (iii) laghdú €4.8 milliún ar na leibhéil fardail toisc fardail guail agus bricíní a bheith fritháirithe in aghaidh infháltais eile, chomh maith le méadú sa réadmhaoin le haghaidh infheistithe (sócmhainní le hathdhíol).



## Cistí ó Ghníomhaíochtaí Oibriúcháin

| | Bliain Airgeadais 2017 €'M | Bliain Airgeadais 2016 €'M |
|---|---|---|
| Glansreabhadh airgid thirim ó ghníomhaíochtaí oibriúcháin | **82.1** | 97.3 |
| Caipiteal oibre & soláthairtí | **(18.7)** | (6.7) |
| Caiteachas chaipitil oibre | **(47.7)** | (65.8) |
| Costais maoiniúcháin íoctha | **(15.3)** | (17.3) |
| Airgead tirim faighte ar dhíorthaigh | **15** | 4.7 |
| Cáin ioncaim faighte (íoctha) | **0.6** | (4.6) |
| Maoiniú íoctha roimh ré ar áisíneacht RCF | **11.6** | - |
| Díbhinn íoctha | **(4.5)** | (10.1) |
| Aisíocaíocht iasachta | **(76.3)** | - |
| **Laghdú ar ghlanairgead tirim** | **53.2** | (2.5) |
| Gluaiseacht neamhairgid | **(0.1)** | (0.1) |
| Laghdú ar ghlanairgead tirim | **53.3** | (2.6) |

Bhí eis-sreabhadh glan airgid €53.2 milliún i mbliain airgeadais 2017 i gcomparáid le €2.5 milliún sa bhliain roimhe sin – tharla seo toisc na fiacha €76.3 milliún a bheith glanta sa bhliain airgeadais 2017, nach mór.

Ag deireadh na bliana, bhí fiacha €170.05 milliún glanmhéid, laghdú de €2.2 milliún sa bhliain sin.

Tá ráiteas mionsonraithe ar sreabhadh airgid le fáil ar leathanach 80 arna tacú ag Nótaí 19 agus 23 de na Ráitis Airgeadais.

## Infheistíocht don todhchaí

**Bhí Caiteachas Caipitil agus Infheistíocht Airgeadais** de €47.3 ann i mbliain airgeadais 2017 (2016: €71.8 milliún). Ináirithe sa chlár infheistíochta caipitil a tógadh ar lámh i rith na bliana bhí caiteachas ar: gléasra táirgeachta le haghaidh móin a bhaint, trealamh le haghaidh móin mheilte a iompar, cealla líonta talún a tógadh agus a ndearnadh innealtóireacht orthu le haghaidh áiseanna cóireála dramhaíola, feithiclí bailiú bruscair, scipeanna agus araidí, uasghrádú ag áisíneachtaí breosla sholadaigh, agus cur i bhfeidhm próisis agus córais nua airgeadais atá bunaithe ar Sheirbhísí Comhroinnte Airgeadais. Costais €12.9 milliún ar sheilbh a ghlacadh ar na gnóthaí seo - White Moss Horticulture Limited agus Pacon skip hire Rinneadh infheistíocht €0.5 milliún sa Chomhfhiontar 50/50 le BSL maidir le feirm ghaoithe Abhainn Eithne agus infheistíocht €0.8 milliún le seilbh a ghlacadh ar leas 50% de Electricity Exchange, gnó bainistíochta ag freagairt don éileamh.

**Taighde agus Forbairt:** Chaith Bord na Móna €9.3 milliún ar thaighde agus ar fhorbairt in 2016 lena n-áirítear forbairt gnó gan deontais a chur san áireamh (2015: €7.5 milliún). Tá an Grúpa i mbun forbartha ar dheiseanna nua ins na réimsí mar leanas: breosla inathnuaite, gual saor ó thoit, feirmeacha gaoithe agus gréine, monarcha déanta millíní as bithmhais a bhaineann leis na Stáit Aointaithe, táirgí agus margaí nua san earnáil ghairneoireachta agus feabhsuithe próisis i ngach áit. Ceithre dhuine dhéag atá fostaithe go díreach ag an Ionad Feabhsuithe Próisis/Nuálaíochta agus tá cúigear is fiche eile ag obair i réimse na bhforbartha gnó agus nuálaíochta atá curtha i dtreis i ngnóthaí oibriúcháin an Ghrúpa.

## Struchtúr Caipitil agus Beartas Cistíochta

Déanann an Bord athbhreithniú gach bliain ar Bheartas Cistíochta an Ghrúpa agus cuireann feidhm Chistíochta an Ghrúpa i bhfeidhm é agus déanann sí monatóireacht air. Féachann an beartas cistíochta le costais mhaoiniúcháin an Ghrúpa ar an iomlán a choinneáil chomh híseal agus is féidir agus leis an nGrúpa a choimeád solúbtha i margaí luaineacha, faoi réir leibhéal riosca inghlactha don chiste agus do chontrapháirtithe.

Is éard is cuspóir foriomlán leis an bhfeidhm chistíochta a bheith i mbun bainistíochta ar riosca malairte eachtraí ná tacaíocht a thabhairt don Ghrúpa an aidhm airgeadais a bhaint amach; is é sin, go mbeidh euro cobhsaí ann agus go dtiocfaidh borradh faoin mbrabús oibriúcháin ar shlí atá costéifeachtúil agus drogallach roimh rioscaí agus a úsáideann fálú nádúrtha ar fud an Ghrúpa nuair is féidir sin. Déantar neamhchosaintí i dtaca le hinfheistíochtaí eachtracha a fhálú, a mhéad agus is féidir, le hiasachtaí arb ionann airgeadra dóibh agus do na bunsócmhainní glana.

Ceadaíonn polasaí an Státchiste díorthaigh a úsáid chun rioscaí airgeadais a mhaolú agus déantar iad a chur i bhfeidhm in oiriúint le sonraíocht an Aire Airgeadais de bhun an 'Achta um Idirbhearta Airgeadais Cuideachtaí Áirithe agus Comhlachtaí Eile, 1992'.

Is ar bhonn babhtála, go príomha, a shocraítear fiachas foriomlán an Ghrúpa. Ba é €196 milliún an ghlaniasachtaíocht ab airde a bhí ag an gcuideachta i rith na bliana, i mí na Nollag 2016, rud a sheasann i gcomparáid le buaicmhéid na bliana roimhe sin €224 milliún. Tharla an uasiasachtaíocht chomh luath is a bhí an fómhar móna istigh. Bhí costais airgeadais ag €16.4 milliún €3.3 milliún níos ísle ná an bhliain roimhe toisc aisíoc iasachta a rinneadh i rith na bliana. Bhí ioncam airgeadais ag €4.3 €0.5 milliún nios ísle toisc ioncam níos ísle a bheith i gceist leis an bhabhtáil trasairgeadra, agus freisin toisc aisíocaíocht a bheith déanta.

Ag deireadh na bliana, bhí $188.0 milliún (€173.9 milliún) d'fhiachas ráta sheasta ag an nGrúpa a cruinníodh ar an margadh fiachais faoi láithriú príobháideach ins na Stáit Aontaithe. Chun fálú a dhéanamh ar na neamhchosaintí a bhaineann le ráta malairte dollar Mheiriceá agus chun na bunrátaí úis a thiontú ina rátaí seasta, chuaigh an Grúpa i mbun babhtála trasairgeadra cúpla uair chun próifíl aibíochta an fhiachais sin a chomhoiriúnú. Suim airgid $45.0 milliún (€32.2 milliún) le haisíoc i mí Lúnasa 2017.


Ba mar seo a leanas a bhí an phróifíl aibíochta fiachais ag deireadh na bliana airgeadais: 23% le haisíoc i mbliain airgeadais 2018, 37% le haisíoc i mbliain airgeadais 2019 agus 40% le haisíoc i mbliain airgeadais 2020.

Bhí giaráil ag 60% ag deireadh na bliana i gcomparáid le 61% ag tús na bliana, rud a léiríonn ísliú beag ar iasachtaí.

**Michael Barry**
**Príomhoifigeach Airgeadais**

# An tAistear Inbhuanaitheachta

**Breis is 80 bliain ó shin bunaíodh Bord na Móna chun nuathionsclaíocht a thabhairt go hÉirinn trí leas a bhaint as na háiseanna dúchasacha nádúrtha a bhí againn. Tá Bord na Móna tar éis aistear a thaisteal a bhí dúshlánach, leanúnach, nuálaíoch, agus go háirithe táirgiúil le roinnt éachtaí suntasacha i rith an ama.**



# Straitéis Léirmheas

**Feidhmíonn Bord na Móna in áit mhargaidh atá ag athrú ó bhonn, le rialúchán breise agus roghanna custaiméirí ag athrú. I roinnt áiteanna, d'fhás deiseanna nua leis an athrú. In áiteanna eile, beidh níos lú ar siúl againn.**

**Sa mhír seo, mínímid conas a dhéanfaimid freastal ar an saol seo atá ag athrú; ó na fachtóirí seachtracha a bhfuil tionchar acu ar an straitéis fhadtéarmach, go dtí na gníomhartha inmheánacha a dhéanfaidh fís 2020 an Chomhlachta a chur i gcrích.**

**Léiríonn athbhreithniú achomair ar gach aonad gnó an straitéis Grúpa i mbun oibre.**


# Na Riachtanais Straitéiseacha

**Tá fís againn atá soiléir agus láidir chun an t-athrú a stiúrú i dtreo áiseanna atá níos inbhuanaithe, agus a bheith aitheanta mar cheannródaí i ngach ceann de na margaí gnó atá againn. Cabhróidh na trí riachtanas straitéiseacha chun an cuspóir a bhaint amach toisc go ndéanann siad giaráil ar na hiomaí buanna atá i gceist sa phunann éagsúlaithe againn, rud a chruthóidh fiorluach d'ár scairshealbhóirí.**

## Riachtanais Straitéiseacha

# Chun tosaighi gcúrsaí athruithe i...

## ...fuinneamh athnuaite




Caithfidh Éire an bealach ina ndéanaimid fuinneamh a ghiniúint agus a ídiú ins na todhchaí a athrú ó bhonn. Tá cineálacha nua fuinnimh ísealcharbóin á n-infheistiú againn atá sábháilte agus inbhuanaithe.

**Mórthionscnaimh**

- Comhpháirtíochtaí le haghaidh tionscadail ar scála mór.
- Píblíne le haghaidh feirm ghaoithe ar scála mór a fhorbairt
- Slabhra soláthair bithmhaise
- Bricíní bithmhaise
- Monarcha ubhchruthóideach gan toit.

## ...freagrach chorparáideach



D'imir Bord na Móna ról gníomhach i gcónaí i gcoimirce na dtailte agus na pobail ina mbímid ag gníomhú. Leantar leis an mianach sin fós, mar is gné lárnach d'ár ngnó í an fhreagracht chorparáideach, agus tá sé mar thosaíocht thar na gnóthaí agus na láithreacha ar fad.

**Mórthionscnaimh**

- Plean Gníomhaíochta Bithéagsúlachta
- Measúnú ábhartha chtat agus tuairisciú ar inbhuanitheacht
- Gafa leis an pobal
- Sláinte agus leas an fhostaí.

## ...beart a dhéanamh de réir ár mbriathar do na scairshealbhóirí



Tá sé ar intinn againn a bheith mar cheannródaí i ngach ceann den na margaí gnó ionas gur feidir linn saol inbhuanaithe a chinntiú don chomhlacht agus na sciarshealbhóirí go léir.

**Mórthionscnaimh**

- Fostaíocht inbhuanaithe
- Cabhrú leis an rialtas spriocanna maidir le fuinneamh in-athnuaite a chur i gcrích
- Mol Nuálaíochta
- Cabhrú leis an rialtas spriocanna maidir le dramhaíol a athchúrsáil a shroicheadh
- Táirgí inbhuanaithe ar ardchaighdeán a chruthú.

## Freagairt don saol atá ag athrú

# Ag nascleanúint neamhchinnteacht



### Comhthéacs seachtrach:

**Tionchar Brexit**

Beidh tionchar ag Brexit ar ghéilleagar na hÉireann agus ar gach gnó Éireannach a bhíonn ag easportáil go dtí an Ríocht Aontaithe Laige sterling fadtéarmach, má tharlaíonn, chomh maith le bacanna ar ghluaiseacht earraí agus seirbhísí, rialú teorann, má tharlaíonn, agus taraifí - bheadh éifeacht shuntasach acu sin ar an Chomhlacht

**Freagairt:**

Infheistiú a dhéanamh trí White Moss a éadáil, rud a chabhróidh chun éifeacht Brexit a mhaolú agus fostaíocht in Éirinn a chinntiú.

## Freagairt don saol atá ag athrú

# Claochlú fuinneamh



**Comhthéacs seachtrach:**

### Athrú aeráide agus plean maolaithe

Beidh na spriocanna atá anois ann ó thaobh athrú aeráide de ag éirí níos géire le himeacht ama.

**Freagairt:**

Bithmhais: Ceann de na tionscadail infrastruchtúrtha lóistíochta agus soláthair ar tugadh fúthu riamh in Éirinn.

Comhpháirtíocht gréine le BSL.

Píblíne do na tionscnimh ghaoithe ar scála mór.



# Pleanáil do na todhchaí

**Comhthéacs seachtrach:**

**Rialúchán agus Pleanáil**

Forbairt infrastruchtúrtha inbhuanaithe ag brath ar phróiseas láidir pleanála. Ba chóir é sin a dhéanamh ar mhodh tráthúil cost-éifeachtúil ionas go dtarlódh forbairt fhiúntach agus go mbeadh cinnteacht ag baint leis na príomhthionscnaimh.

**Freagairt:**

Glacann Bord na Móna páirt mhór i gcomhairliúcháin pobail , níos mó ná mar a bhíonn riachtanach.



# Bunchloch le haghaidh borradh fáis

**Comhthéacs Inmheánach:**

**An Plean a chur i gcrích**

Tá plean claochluiche dúshlánach leagtha againn don bhliain 2030.

**Freagairt:**

Cloígh leis an rannpháirtíocht agus an tiomantas mar atá leagtha amach i Sustainability 2030 agus muid ag forbairt an infrastruchtúir, chomh maith le fostaíocht ag ardleibhéal, teicneolaíocht agus daoine.



# Ag infheistiú don lá amárach inniu

**Comhthéacs Inmheánach:**

**Infheistíocht**

Claochlú i dtaobh cúrsaí gnó agus infheistíocht leanúnach atá mar ghnéanna bunaidh i bplean 2030 agus muid ag obair chun ár n-aidhm a shoichint chun saol inbhuanaithe a chruthú.

**Freagairt:**

- Slabhra soláthair bithmhaise
- Monarcha millíní ó na Stáit Aontaithe
- White Moss a cheannach
- Feirmeacha gaoithe agus gréine
- Monarcha bricíní bithmhaise ag Doire an Locha
- Monarcha ubhchruthóideach ag Faing

# Ag oiriúnú & ag fabhrú



**Comhthéacs Inmheánach:**

**Cultúr an chlaochluiche**

Cabhróidh cultúr dearfach claochluiche chun tacaíocht a thabhairt don fhoireann chun a gcuid páirteanna a ghlacadh fad is a bhíonn Bord na Móna ag claochlú.

**Freagairt:**

- Talann a aimsiú agus a choinneáil
- Talann atá ann faoi láthair a fhorbairt
- Fostaíocht ar ardchaighdeán a chruthú.

## Athbhreithniú Gnó

# Giniúint Cumhachta

**Forbraíonn agus oibríonn gnó Powergen punann sócmhainní teirmeacha agus inathnuaite, ag giniúint 1.2 uaire teireavata ("TWh") leictreachais a dhíoltar ar an margadh mórdhíola.**

**Tá an gnó seo laistiar de straitéis an Ghrúpa chun athrú i dtreo inbhuanaitheachta amach anseo agus, beagnach 60% den leictreachas a ghintear rangaithe a bheith neodrach maidir le carbóin de, imríonn sé ról ríthábhachtach chun Bord na Móna a bheith aitheanta mar an gineadóir fuinnimh athnuaite is mó ar an oileán seo.**

**Cuimsíonn an punann oibriúcháin aonad giniúna móna/bithmhaise Éadan Doire, buaicstáisiún Chois Loinge, feirmeacha gaoithe Bhéal Átha Chomhraic, Dhroim Cáithe agus na Breacánaí, agus saoráid ghás líonta talún an Droichid. Faoi láthair táimid i mbun forbartha ag an bhfeirm ghaoithe ag Abhainn Eithne (172 meigeavata [MW]) I gCo Mhaigheo, i gcomhpháirtíocht le Bord Soláthair an Leictreachais. Tharla borradh suntasach fáis ar uimhir na bhfeirmeacha gaoithe de chuid an chomhlachta anuraidh, agus muid ag obair le chéile chun an sprioc a shroicheadh i réimse na punainne athnuaite, sé sin 1 GW fdaoi 2030.**

## Spléachadh ar 2017

Cead pleanála faighte chun dul ar aghaidh leis na hoibríochtaí ag stáisiún leictreachais Éadan Doire go dtí 2023. (Shroich ráta comh-adhainte Éadan Doire 42%, méadú 20% ar uimhir na bliana roimhe de leictreachas athnuaite ginte).

Ceannaíodh sciar 50% i Electricity Exchange DAC, a dhíríonn ar theicneolaíocht chliste, agus seirbhísí tacaíochta solúbtha a chur ar fáil don eangach náisiúnta.

Rinneamar feirm ghaoithe Shliabh Bán a chur I gcrích agus a choimisiúnú, tar éis sciar 50% a cheannach, i gcomhpháirt lenár gcomhpháirtí (JV) Coillte. Lean na feirmeacha gaoithe ag Droim Cáithe agus An Bhreacánach de bheith ag oibriú go rathúil, don dara bliain iomlán ag feidhmiú.

D'éirigh linn cead pleanála a fháil chun feirm ghaoithe 70MW a thógáil ag Cluain Críon, Co Uí Fáilí.

## Dearcadh

**Athrú go dtí ISEM**
Tá obair idir lámha ag ullmhú chun an gnó a aistriú go dtí an Cómhargadh Aonair Leictreachais (ISEM) – le tosú i mí Bealtaine 2018.

Tá praghas an mhargaidh níos fearr, i gcomparáid leis an bhliain seo caite, ach tuigtear go mbeidh laghdú éigin ar íocaíochtaí acmhainne nuair a thagann an ISEM ar an bhfód.

Tá aschur ginte Powergen ilghnéitheach ag feidhmiú ar ardchaighdeán chun soláthar cumhachta a dhaingniú agus táthar ag súil go mbainfear leas as táillí a bheidh ar fáil ón Tacaíocht Ghreillechórais bhreisithe amach anseo – áit a mbeidh giniúint uaineach ghaoithe mar chuid mhór den mhargadh.

Tá an infheistíocht in Electricity Exchange DAC suite in áit mhaith chun leas a bhaint as an aistriú seo mar is mórsholáthróir iad don teicneolaíocht ghreille chliste agus seirbhísí.

**Comhairliúcháin poiblí leanúnach**
Leanfaidh an chomhlacht den teagmháil le pobail áitiúla maidir le tionscnaimh mhóra infrastruchtúrtha i réimse na cumhachta, trí dhul i dteagmháil go poiblí go leanúnach chun aghaidh a thabhairt ar na cúiseanna imní, chomh maith le soláthar a dhéanamh ar a gcuid ionchais. Céim an-dearfach a bhí sa chineál seo teagmhála chun comhrá réadúil agus fiúntach a chinntiú maidir le mórthionscnaimh agus tá sé i gceist acu leanúint den nós seo, mar forbróirí iontaofa infrastruchtúir cumhachta.

**An punann a láidriú**
Príomhstraitéis don ghnó is ea ár bpunann socmhainní giniúna athnuaite a fhorbairt. Agus, cé go leanfaidh an gnó de bheith ag infheistiú tionscnamh bunaithe ar ghaoth agus bithmhais, tá plean ann chun dul ar aghaidh le forbairt tionscnamh grianchumhachta ar mhórscála ar thailte le Bord na Móna mar chuid den chomhpháirtíocht le BSL a fógraíodh le déanaí.





**Léargas na bhfostaithe.**

### Thug ról Bhriain an deis dó a bheith páirteach ins na príomhthionscnaimh inbhuanaithe.

Tar éis dom tréimhse phrintíseachta le Bord na Móna a dhéanamh, chuaigh mé isteach ibpost mar theicneoir le Powergen.

Is ball mé den fhoireann ildisciplíneach theicniúil ag Powergen Operations lonnaithe ag Éadan Doire, freagrach as oibríochtaí agus cothabháil i réimse ginte acmhainní teirmeacha.

Le roinnt blianta anuas, sílim go bhfuil mé tar éis leas a bhaint as an obair, idir eolas agus chleachtadh. Sa ról atá agam, fuair mé an deis a bheith gafa le príomhthionscnaimh inbhuanaithe mar barrfheabhsú ar obair leictreach ardvoltais agus tionscadail scagacháin gáis ag an gléasra ginte gáis dramhaíola ag Droichead.

Bhí an t-ádh liom a bheith im bhall den fhoireann freagrach as maoirseacht ar shuiteáil agus coimisiúnú an ghléasra infrastruchtúir bithmhaise – rud a chuireann ar chumas an stáisiúin cumhachta ag Éadan Doire feidhmiú mar ghléasra hibrideach i margadh an leictreachais.

Beidh mé ag freastal sar i bhfad ar chúrsa chun cáilíocht theicniúil ag an 3ú leibhéal a bhaint amach, chun cabhrú liom gairm innealltóireachta a bhaint amach ag Bord na Móna.

**Brian Kearney**
Teicneoir

# Aisghabháil Acmhainní

**Is gnó comhtháite bainistíochta dramhaíola é gnó Bhord na Móna chun Aisghabháil Acmhainní a chuireann seirbhís bailiúcháin ar fáil mar aon le seirbhís athchúrsála, múirínithe agus diúscartha iarmharaí i líonadh talún le haghaidh gach sruth dramhaíola neamhghuaisí a thagann ó fhoinsí tráchtála agus baile. Feidhmíonn seirbhísí bailiúcháin dramhaíola faoin branda AES, bainistíocht dramhaíola baile á soláthar acu timpeall ar Lár na Tíre, Oirthuaisceart, Oirdheisceart agus san Iarthar Láir, ina bhfuil breis is 106,000 custaiméirí.**

**Tá fás agus forbairt an ghnó seo, Aisghabháil Acmhainní, ríthábhachtach maidir le mian Bhord na Móna a bheith forbartha mar Ghrúpa inbhuanaithe amach anseo agus muid gafa le bheith mar phríomhoibreoir sa tír i réimse Aisghabhála Acmhainní.**

## Spléachadh ar 2017

Rinne Aisghabháil Acmhainní infheistíocht ar ghléasra athchúrsála ábhar tirim measctha ag AES na Tulaí Móire, Co Uíbh Fháilí; feabhsóidh seo caighdeán na n-ábhar á nginiúint agus curtha ar aghaidh le haghaidh tuilleadh próiseála.

An gléasra úsáide gáis le haghaidh líonadh talún ag an monarcha bainistíochta dramhaíola ag An Droichead, a thiontú ina leictreachas, soláthraionn sé sin dóthain fuinnimh chun cumhacht a bhreith go dtí 8,500 teach cónaithe; agus ag an am céanna lorg carbóin an ghléasra a laghdú, a chinntíonn go ngabhtar ar an gás líonadh talún go sábháilte agus go ndéantar é a úsáid.

Cuireadh tús leis an phróiseas athbhrandála i mbliana. Ailíniú níos mó le brandáil Bhord na Móna, a neart dea-cháile, agus muinín na gcustaiméirí.

Rinneadh infheistíocht nach beag ar fhearas agus innealltra, a raibh toradh maith as, ina measc 17 feithicil bailiúcháin bruscair a bhfuil gnéithe sábháilteachta nua leo, chomh maith le roinnt feabhsuithe chun feidhmíocht níos fearr agus níos ciúine a chur ar fáil, ó thaobh na timpeallachta de.

Chuir AES isteach an balcóir beag nua, Epac, i gcomhpháirtíocht le Lodestone Engineering. Nuálaíocht í seo sa bhainistiú tráchtála bruscair, athrú ó bhonn ón sean-nós bailiúcháin – AES an chéad chomhlacht leis an ghléas seo a thabhairt isteach sa tír.

Cheannaigh AES gnó bailiúcháin scipe Pacon. Chabhraigh an sealbhú seo le AES chun a gcuid gnó a leathnú trí freastal ar bhreis custaiméirí scipe, tráchtáil agus baile, i bhFine Gall, Cathair Bhaile Átha Cliath, Contae Átha Cliath Theas, Dún Laoghaire agus Ráth an Dúin, Lú agus An Mhí.

## Dearcadh

Tá sé i gceist ag an chomhlacht fás a dhéanamh agus comhdhlúthú leis na margaí atá acu faoi láthair, go horgánach agus trí gnóthaí oiriúnacha a shealbhú.

Tá infheistíocht nach beag á dhéanamh i dteicneolaíocht aisghabhála, córais tuairiscithe agus deiseanna idirphlé ar line chun go mbeadh taithí níos fearr go leanúnach ag ár gcustaiméirí.

Táimid dóchasach go mbeidh an bhéim atá leagtha againn ar nuálaíocht tionsclaíoch, custaiméirí a shásamh agus feabhsú chun fás a spreagadh.





Léargas na bhfostaithe.

### Tá Micheline tar éis scileanna agus freagrachtaí a fhorbairt ins na ranna baile agus tráchtála.

Thosaigh mé le AES 15 bliain ó shin, ag obair san oifig i bPort Laoise agus anois tá mé lonnaithe sa cheannáras ag an Droichead Nua. Sa tréimhse sin, athrú a bhí mar ghnáth-théama ag an chomhlacht. Tá go leor mórathruithe feicthe agam im ghairm bheatha; d'oibrigh mé i ranna éagsúla, fuair mé ardú céime cúpla uair, chomh maith le deiseanna chun scileanna agus freagrachtaí a fhorbairt, ins na rannóga baile agus tráchtála. Táimid athraithe, mar chomhlacht. Tháinig fás i méid agus ó thaobh oibriochtaí de, agus cor cinniúnach dúinne a bhí sa chomhtháthú le Bord na Móna.

An rud is ansa liom faoin obair ná an éagsúlacht, ní bhíonn aon lá cosúil leis an cheann roimhe, agus bíonn deis foghlama ann gach uile lá. Tá foireann AES thar barr, bíonn siad dúthrachtach maidir le seirbhísí do chustaiméirí agus dícheallach i dtaobh dul chun cinn leanúnach. Is fórsa tiomanta é an díriú seo agus an mórtas foirne sa chomhlacht agus tá mé bródúil as bheith ag obair le AES/Bord na Móna.

**Micheline Delaney**
Bainisteoir Riaracháin agus Sonrasc

## Athbhreithniú Gnó

# Bithmhais

**Sa bhliain airgeadais 2017 chuir Biomass 456K tona fuinnimh ar fáil chun comhadhaint stáisiún cumhachta Éadan Doire a éascú, ag ráta 42%.**

**Amach anseo, tar éis 2020, beidh an ráta caoluithe méadaithe go dtí 50%; curtha le pleananna chun bricín bithmhaise a tháirgiú, beidh méadú suntasach toirte ag Bord na Móna in aghaidh na bliana.**

### Spléachadh ar 2017

An fhorbairt leanúnach ar ghnó bloc bithmhaise dúchasach.

D'éirigh go maith le iompórtáil den chéad lasta de African Chip (35,647 tona) trí chalafort an Ghrianfoirt.

Forbairt ar an fhéidearthacht theicniúil agus eacnamúil maidir leis an gléasra don tionscadal milliní ó na Stáit Aontaithe.


Tuilleadh taighde ar na trialacha chun bithmhais a fhás chun a fháil amach an féidir úsáid a bhaint as lagphortach chun barraí fuinnimh a tháirgeadh.

### Dearcadh

Tá seans maith go mbeidh riachtanas de os cionn 1.5 milliún tona bithmhaise sa bhliain orainn sa todhchaí. Táimid fós chun iompórtálacha inbhuanaithe a fhorbairt agus slabhra soláthair dúchais chun an t-éileamh seo a shásamh, pé scéal é.

- Slabhra soláthair sa tír seo a fhorbairt, ina measc: iarmhair as muileann sábhadóireachta, blocanna laín adhmaid, agus barraí fuinnimh.
- Ag obair le saothróirí áitiúla chun tionscal fás sailí a fhorbairt le súil go mbeadh soláthar níos mó le teacht, go dtí go dtabharfaidh an rialtas dreasacht nua chun barr fuinnimh a thabhairt isteach.
- Soláthar de bhlocanna laín adhmaid a mhéadú - ón earnáil foraoiseachta, príobháideach agus poiblí.
- Forbairt leanúnach ar fhoinsí inbhuanaithe idirnáisiúnta, ón Afraic go háirithe.
- Breis le déanamh maidir le infheistíocht más féidir sa réimse bricíní adhmaid a tháirgiú ins na Stáit Aontaithe. Cinnteoidh slabhra soláthair forbartha go mbeidh soláthar bithmhaise ar fáil go leanúnach go cost-éifeachtúil.

Creidimid go dtugann ár straitéis deis bhríomhar fáis agus leithleach do Bhord na Móna bheith ina cheannaire san earnáil bhithmhaise in Éirinn, agus go gcabhróidh sé le polasaí an Rialtais maidir le fuinneamh in-athnuaite a chur i gcrích.





**Léargas na bhfostaithe.**

### Creideann Patrick gur fiú díriú ar ghaol láidir le soláthróirí a chruthú.

Tá cinnteacht maidir le soláthar fadtéarmach bithmhaise inbhuanaithe go rí-thábhachtach má táimid chun imeacht ó na seanmhodhanna bunaithe ar mhóin agus breosla. Creidim go bhfuil sé den riachtanas gaolmhaireachtaí láidre a spreagadh le soláthróirí chomh maith le dianbhainistiú ar an slabhra soláthair chun na méideanna cuí a sheachadadh, agus a chinntiú go leanann foireann Biomass le suim shuntasach airgid a íoc le Bord na Móna.

Bainim taitneamh as an dúshlán a bhaineann le gnó bithmhaise a fhorbairt atá inbhuanaithe agus cost-éifeachtúil, ar an mórscála.

**Patrick Madigan**
Ceannasaí Bithmhaise

# Gairneoireacht

**Dhírigh gnó Gairneoireachta Bhord na Móna ar tháirgiú, mhargaíocht agus diolachán táirgí chun meáin nua fáis ar chaighdeán ard a chur ar fáil do gharraíodóirí mar chaitheamh aimsire agus gairmiúil thar 30 thír timpeall an domhain.**

**Bíonn an gnó ag spreagadh nuálaíochta go leanúnach trí bheith dícheallach maidir le táirgí nua a fhorbairt, a bhíonn ag teastáil ónár gcustaiméirí.**

## Spléachadh ar 2017

D'éirigh linn sciar 34%, nios mó ná riamh, a bhaint amach san UK Growing Media Retail Market i mí Márta 2017.

Fuair seilbh ar White Moss Horticulture Nollaig 2016, rud a threiseoidh go mór an stádas atá againn in earnáil an mhiondíola sa Ríocht Aontaithe, agus a mhaolóidh an riosca i leith Brexit.

Fás leanúnach ar bhranda Growise in Éirinn agus sa RA, agus raon nua d'earraí leasacháin i 2017.

Feidhmíocht láidir ag an ghnó gairmiúil le margaí nua ag oscailt in Aontas na nÉimíríochtaí Arabacha agus san Áis.

## Dearcadh

Tá borradh fáis sa ghnó Gairneoireachta le dhá bhliain anuas agus is cosúil go leanfar leis sin. Tacóidh an sealbhú straitéiseach ar White Moss leis an fheabhsú leanúnach ar an slabhra soláthair miondíola agus caomhnóidh sé an cheannasaíocht atá againn í margaí na hÉireann agus sa RA. Tá an gnó gairmiúil, a bhfuil dea-cháil air toisc an ardchaighdeán móna anseo, gníomhach ag forbairt deiseanna nua sa mhargadh. Leanfaimid orainn le forbairt an ghnó agus na margaí lenár gcomhpháirtithe straitéiseacha, mar chuid lárnach den straitéis atá againn.





**Léargas na bhfostaithe.**

### An rud is fearr liom ná éagsúlacht na dtionscadal a bhíonn ann, agus bheith ag cabhrú le daoine chun fás níos fearr a chothú.

Sílim go gcothaíonn an nuálaíocht leis an bhfás. Tar éis triocha bliain tá mé fós ag foghlaim, agus sin an fáth gur breá liom a bheith ag obair le Bord na Móna. Bíonn an-éifeacht ag ardchaighdeán agus seasmhacht ar thaobh ghairmiúil an ghnó, agus bíonn an-tábhacht le pointeáilteacht agus dírímid ar sin. Déanaimid an-chuid tástála agus anailíse agus iniúchóireacht inmheánach agus seachtrach. Bhaineamar Teastas RPH amach i 2014 agus tá an gradam sin againn fós, an caighdeán is airde sa réimse gnó, as substráit na móna

An rud is fearr liom ná éagsúlacht na dtionscadal a bhíonn idir lámha agam agus a bheith ag cabhrú le daoine chun fás níos fearr a chothú. Nuair a bhíonn fadhb ag táirgeoirí amaitéaracha síleann siad gurb iad féin is cúis leis.

Ar an lámh eile, nuair a bhíonn fadhb ag táirgeoirí gairmiúla is minic a chuireann siad an milleán ar na meáin fáis ag an tús! Buailim le táirgeoirí as gach áit ar domhan, agus sí an nuálaíocht an ní is mó tairbhe dóibh, le gnóthaí níos mó ach nios lú díobh ann, níos sofaisticiúla, le breis teicneolaíochta agus uathoibre.

Inbhuanaitheacht an ní tabhachtach eile don todhchaí. Tá mé gafa faoi láthair le tionscadal faoi phróiseas aistrithe go dtí meán fáis ar bhonn inbhuanaithe sa RA. Seo tionscnamh tionsclaithe atá gafa le samhail réamh-mheastach a chruthú le haghaidh próisis aistrithe go dtí meán nua fáis le haghaidh táirgeoirí gairmiúla.

**Anna Kavanagh**
Bainisteoir Teicniúil

## Athbhreithniú Gnó

# Móin

**Soláthraíonn gnó na móna móin mhillte chuig staisiún cumhachta Éadan Doire agus chuig dhá staisiún BSL in Uíbh Fhailí Thiar agus ag Loch Rí. Freisin, soláthraíonn an gnó móin do na gnóthaí Gairneoireachta agus Breosla chun earraí meáin fáis agus brícíní móna a dhéanamh do na margaí gairmiúla agus miondíola.**

### Spléachadh ar 2017

D'éirigh le stáisiún cumhachta Éadan Doire cead pleanála a fháil go dtí mí na Nollag 2023, rud a chinntíonn go mbeidh soláthar seasta móna ag an ghléasra.

Rinneadh dul chun cinn suntasach ar an chlár trasfhoirmithe gnó a chur i bhfeidhm chun a chinntiú go mbeidh gnó móna inmharthana ag Loch Rí agus Uíbh Fháilí Thiar, tar éis don tacaíocht PSO a bheith as úsáid 2019. Ar na príomhghnóthachtála bhí seachfhoinsiú maidir le tarlú bóthair móna agus éifeachtúlacht i leith slabhra soláthair agus móin á iompar ar an iarnród.

Thosaigh comhráití tráchtála le BSL maidir le móin agus bithmhais a sholáthar do West Offaly Power agus Lough Ree Power chun gnó móna inbhuanaithe a chinntiú chomh maith le fostaíocht.

Infheistíocht shuntasach chaipitil sa táirgíocht agus innealra iompair a athchuir ina measc mór- uasghrádú ar an rothstoc.

Aontú maidir le infheistíocht €3.6 milliún chun infrastruchtúr iarnróid a athchóiriú thar tréimhse trí bliana.

### Dearcadh

De réir polasaí inbhuanaitheachta Bhord na Móna leanfaimid de bheith ag soláthar móna le haghaidh fuinneamh a ghiniúint go dtí 2030.

Cinnteoidh comh-adhaint na stáisiún cumhachta le bithmhais go mbeidh laghdú astúcháin $CO_2$ ann agus beidh siad ar chomhchéim le stáisiúin eile sa chóras.

Tá an gnó tiomanta go hiomlán le íslithe costais mar a léiríodh sa chlár trasfhoirmithe gnó a chumasóidh na custaiméirí chun dul san iomaíocht sa mhargadh oscailte gan gá a bheith ann le tacaíocht airgeadais don mhóin.

Tá gnó na móna tiomanta ar an acmhainn móna forbartha a úsáid go hiomlán chun an gnó agus an fhostaíocht a choimeád sa tsíúl go dtí 2030.





Léargas na bhfostaithe.

### Tá Eileen ina finné i leith an chlaochluithe is mó riamh sa ghnó.

In eagras ar bith, is cinnte gurb iad na fostaithe tiomanta agus dílse an tsócmhainn is luachmhara a bhíonn acu. Creidim é seo go daingean. Tar éis a bheith ag obair le Bord na Móna le breis is 33 bliain i gceithre cinn de na haonaid gnó, tá seo feicthe agam ar an láthair.

Freagrach faoi láthair as cumarsáid agus bainistiú athruithe, is finné mé ar an chlaochlú is mó riamh sa ghnó agus arís is iad na fostaithe, faoi chinnireacht láidir foirne , a chinnteoidh go mbeidh rath ar an obair. Chun na dúshláin shuntasacha gnó sa todhchaí a thabhairt táimid ag leanacht le athrú bunchultúir a chur chun cinn, ach caomhnóimid cultúr dílseachta, tiomantais agus díchill.

An rud is mó a thaitníonn liom sa phost seo ná nuair a athraíonn daoine a raibh obair san earnáil seo ar feadh tamaill fhada, daoine a raibh creidimh láidre acu, toisc go bhfuil a fhios acu go mbraitheann todhchaí na heagraíochtaí air.

Nuair a thosaíomar ar an trasfhoirmiú seo ar ghnó na móna thuigeamar gan mhoill go gcaithfeadh na fostaithe a bheith páirteach sa dul chun cinn agus nach mbeadh claochlú ann gan toil na ndaoine. An rud is mó a chothaíonn athrú ná cumarsáid, agus chaitheamar go leor ama agus dua chun an t-eolas cuí a roinnt lenár gcuid fostaithe. Is dúshlán mór é eolas tráthúil a roinnt le 1,200 fostaithe nuair a bhíonn siad lonnaithe thar scata aonaid agus 11 contae. Bhí sásamh le baint as an ráta rannpháirtíochta agus an scór tiomantais a bheith tar éis ardú go suntasach san dá shuirbhé deireanacha ar thiomantas na bhfostaithe. Táimid ag obair linn ar thograí chun costais a mhaolú, agus ní tharlóidh sin gan cumarsáid éifeachtach a bheith againn lenár gcuid fostaithe.

Tá dóthain oibre romhainn amach agus tá an t-ádh liom a bheith im bhall d'fhoireann a dhéanfaidh deimhin de go mbeidh gnó inbhuanaithe againn go dtí 2030.

**Eileen McGuinness**
Bainisteoir Cumarsáide agus Athruithe

## Athbhreithniú Gnó

# Breosla

**Is é Bord na Móna an ceannaire margaidh sa chatagóir cónaitheach le haghaidh breosla sholadaigh. Margadh sách mór é seo le beagnach a leath de thithe cónaithe ag ceannach breosla sholadaigh.**

**Sa phunann againne tá réimse leathan de earraí ar ardchaighdeán, ina measc an bricín íocónach móna, gual biotúmanach agus gan toit, admad agus réimse leathan de earraí áisiúla pacáistithe.**

### Spléachadh ar 2017

Lean dúshlán breosla ar phraghas íseal, cáin charbóin, aimsir bhreá agus trádáil an mhargaidh liath de bheith ag cur isteach ar mhéid an díolacháin de bhreosla soladach. Lean an gnó leis an phlean trasfhoirmithe, agus maolaíodh ar chostais dá bharr.

Rinne an gnó dul chun cinn suntasach ar na pleananna chun gléasra guail gan toit a thógáil ag Faing agus bhí an cead pleanála cinntithe. Tosóidh an tógáil sa bhFómhar agus beidh an gléasra i mbun táirgthe an bhliain dar gcionn.

Leanadh ar aghaidh leis an fheachtas margaíochta 'Warmer Moments' i mbliain airgeadais 2017. Treisíonn an feachtas sin an tús áite atá againn i gcúrsaí brandála agus taispeánann an taighde gur sárfheidhmeoir é. Rinneamar láinseáil ar na 'Seisiúin Teaghlaigh': sraith de dhlúthghigeanna ag ceiliúradh tithe tábhairne le tinte oscailte ar fud na hÉireann.

### Dearcadh

Tá dúshlán suntasach fós ann do mhargadh an bhreosla sholadaigh ó roinnt foinsí éagsúla ina measc reachtaíocht, rialúchán breise agus brú iomaíochta. Mar thoradh ar sin tá cinntí deacra le déanamh ina measc an monarcha briquette ar an mBaile Beag a dhúnadh síos i mí Aibreáin 2018.

An cosc náisiúnta ar ghual biotúmanach a bhfuiltear ag súil leis, tabharfaidh sé dúshlán an mhargaidh níos mó. Tacaíonn Bord na Móna le rialúchán cuí ach leagann sé béim ar an ghá le bearta forfheidhmeacha, a bheadh i bhfeidhm ar bhonn seasta.

Leanfaimid orainn de bheith ag maoiniú forbartha ar earraí in-athnuaite nuálacha chun riachtanais an mhargaidh a shásamh. Tá dul chun cinn suntasach déanta ar earra – bricín – nua as bithmhais a fhorbairt. Beidh an t-earra ag dul ar aghaidh go dtí an chéad chéim eile: dearadh agus pleanáil.





**Léargas na bhfostaithe.**

### Bhain Jim taitneamh as a bheith páirteach i bpróiseas a chuaigh i ngleic agus go leor fadhbanna a réiteach.

Is Innealltóir Meicniúil Cairte mé agus thosaigh mé ag obair le Bord na Móna i 1978, ag tosú mar phrintíseach ag Doire an Locha. Bhí rólanna éagsúla agam sa chomhlacht ina measc línitheoir deartha, teicneoir, innealltóir tionscadail, bainisteoir tionscadail agus an ról atá agam faoi láthair – ceannaire ar an fhoireann deartha.

Thug mé na trí bliana deireanacha i mbun foirne a bhí ildisciplíneach agus ilfheidhmeach agus atá gafa le gléasra guail gan toit a fhorbairt ag Faing i gContae Luimnigh. An tasc a bhí le déanamh ná dearadh an ghléasra déantúsaíochta a bhunú agus freisin cead pleanála a chinntiú, rud a cheadaigh An Bord Pleanála i mí Iúil 2016.

Bhain mé taitneamh as a bheith ag obair ar an tionscadal seo le comhghleacaithe ó Oibríochtaí Breosla agus Seirbhísí Innealltóireachta Láir, agus a bheith páirteach sa phróiseas a chuaigh i ngleic le (agus a réitigh) go leor dúshlán a bhí le sárú chun an t-iarratas pleanála a fhorbairt ar bhealach a chloífeadh leis an reachtáil reatha agus le caighdeáin innealltóireachta.

Chomhoibrigh an fhoireann go dlúth le sainchomhairleoirí seachtracha agus soláthróirí speisialta a roinn go leor tuairimí nua leis an tionscadal. Agus tógáil le tosú i 2017 táimid tar éis réiteach láidir a chur le chéile a chinnteoidh go mbeidh gléasra ann a bheidh in ann réimse earraí ar ardchaighdeán le haghaidh custaiméirí.

Tá an saineolas agus an fios ceirde taobh istigh de Bhord na Móna ar ardchaighdeán agus muid ag leanacht de bheith ag tógáil ar an traidisiún barr feabhais san innealltóireacht a bhain leis an eagras ó bunaíodh é.

**Jim Fitzgerald**
Ceannaire ar an bhFoireann Deartha

## Straitéis Freagrachta Chorparáideach

**Ag Bord na Móna, bíonn freagracht chorparáideach lárnach i ngach rud a dhéanaimid, agus tosaíocht ann i dtaobh na ngnóthaí agus na láithreacha ar fad, ó chaomhnú na dtailte go dtí an t-idirghníomhú lenár gcuid fostuithe  agus na pobail.**

**Bíonn an fhreagracht chorparáideacht dírithe ar cheithre phríomhchuspóirí:**

**1** **An trasfhoirmiú a chur sa tsiúl ar bhonn stuama**

**2** **An tairbhe eacnamaíoch agus sóisialta a chur ar fáil do na pobail a mbímid ag freastal orthu**

**3** **Bainistiú agus maolú ar an tionchar timpeallachta a bhaineann lenár ngnó agus ár gcuid  oibríochtaí**

**4** **Bainistiú na freagrachta corparáidí a chur in iúl go hoscailte**

**Thar 80 bliain ag Bord na Móna táimid tar éis a bheith gníomhach i  ngach réimse den fhreagracht chorparáideach agus tá go leor bainte amach againn.**

**Seo roinnt buaicphointí:**



**1,000 heicteáir** de phortach léasaithe ag an tseirbhís  páirceanna náisiúnta agus fiadhúlra

D'fhreastail breis is **6,000** duine ar imeachtaí ag Loch na Buaraí i rith na bliana ina measc fleadh na síog agus fleadh OurLand.

Tá an cumas ag feirm ghaoithe na Breacánaí anois chun fuinneamh a sholáthar ar coibhéis le **23,000 tithe**

Tá feirm ghaoithe Bhéal Átha Chomhraic in ann suas le **17 milliún** AONAD (MWuair)( leictreachais a ghiniúint gach bliain.

**20,000** mac léinn a ghlac páirt ins an clár scoile Eco Rangers.

**30,531** uaireanta traenála thar 102 chúrsa curtha i gcrích.

**€15,000** bronnta ar Bhaile Bhairéid a tháinig ón Fhleadh Síóg.

AES Bord na Móna a ghnóthaigh breis is **€78,000** le haghaidh Our Lady's Children's Hospital, Cromghlinn agus Temple Street Children's University Hospital.

Déanann feirm ghaoithe Dhroim Cáithe díláithriú ar **125,000 thonna** méadrach de ghás ceaptha teasa gach bliain.

**7km** de chosán poiblí /slí rothar ag áis áitiúil ag Droim Cáithe.

Táirgíonn an gléasra ag An Droichead **25,000 thonna** méadrach de dhramhaíol in-bhithmhillte gach bliain.

Cistí comhcheangailte de f **€627,000** in aghaidh na bliana chun tacú le pobail áitiúla tríd an chiste ghnóthachain phobail.

Páirc Thaiscéalaíochta Loch na Buaraí liostaithe i **Rogha 10** de pháirceanna dealbhóireachta na h-Eorapa.

# Freagracht Chorparáideach

## 1: Freagracht maidir le solathar trasfhoirmiú s'againn.

**Ag Bord na Móna is í an tosaíocht is práinne dúinn a chinntiú go n-oibrímid agus go dtéann muid i dteagmháil lenár bhfórsa oibre i ngach ghné de thrasfhoirmiú gnó s'againn – ionnas go mbeidh an t-eolas cuí agus na scileanna acu agus iad réidh chun cibé páirt is gá a ghlacadh sna h-athruithe atá romhainn – sa mheántéarma agus san fhadtéarma.**

### Eochair-Chuspóirí

**An Gearrthéarma (1- 3 bliain)**

Leanúint le clár cuimsitheach a chur ar fáil i dtraenáil, in atraenáil, i mbreisoiliúint agus i bhforbairt buanna.

**An Fadtéarma (5-10 bliain)**

Díreofar aird mhór in 2018-2019 ar bhealaí a aithint agus a phleanáil chun ár bhfórsa oibre a ullmhú níos fearr mhaithe le Bord na Móna iar 2030. Tuigeann Bord na Móna go mbeidh athruithe ann agus beidh muid ag déanamh <2 } iarrachtaí le cinntiú go dtacófar leis an trasdul seo a mhéid is féidir.

Na scileanna "future-need" agus na h-inniúlachtaí cuí a aithint agus a fhorbairt, iad á dtiomáint ag:

- Úsaid-talún thráchtála mhalartach
- Athshlánú talún
- Bithmhais (fás, próiseáil, agus lóistíocht)
- Tionscnimh phobail (fóillíocht, turasóireacht agus ceardaíocht)

Go gcinnteofar go mbeidh mórbhuanna s'againn; Meas, Seiftiúlacht agus Teagmháil ina mbunchloch agus muid ag forbairt agus ag cur i gcrích an treochlár atá againn:

- Caidrimh éifeachteacha a fhorbairt taobh istigh agus taobh amuigh de Bhord na Móna
- Go mbeidh Bord na Móna ina shár-ionad oibre
- Folláine, sláinte agus sábháilteacht a thiomáin mar aidhmeanna práinneacha
- Ár ndaoine a chumasú trí mheán an oideachais, na traenála agus trí tháithí

### Gnóthachtálacha in FY17

**Traenáil agus breisoiliúint (fócas meántéarmach go fadtéarmach)**

**30,531 uair**

treanála déanta thar 102 cúrsa ina n-áirítear:

- Bainistíocht bharainneach: crios bán, crios glas agus 5S (modh chun eagraithe san ionad oibre)
- Scileanna TF
- Bainistíocht Tionscadail
- Cláir Shláinte agus Shábháilteachta
- Scileanna maoirseachta agus bainistíochta
- Bainistíocht chumarsáide agus fheidhmíochta
- Feasacht ar fhuinneamh(ISO50001)

**Forbairt an duine aonair(fócas meántéarmach go fadtéarmach)**

**41** daoine a ghlac páirt i gcláir forbartha intí, daoine a dhírigh aird ar bhuanna inmheánacha a fhorbairt agus a chur chun cinn

**16** daoine a bhí páirteach in oideachas tríú léibhéal

**16** céimithe a earcaíodh isteach sa chlár do cheimithe

**8** printísigh a earcaíodh, an clár atá againn a threisiú chun ceirdeanna a fhorbairt




### Tionscadail Phríomha

**Na Dámhachtainí 'Naturally Driven'**

Gabhadh 'The Naturally Driven Awards' i Mí na Nollag 2016 le cúiteamh a thabhairt dár bhfostaithe as a gcuid dílseachta is díograis. Aithníonn na dámhachtainí agus an searmanas na h-oibrithe sin – ainmnithe ag a gcomhleacaithe thar na sé mhí roimhse sin – a chuir i gcrích bunbhuanna an chomhlachta, i.e. Meas, Seiftiúlacht agus Teagmháil agus a chuir chun tosaigh iad i mbun a ngnóithe.

**Suirbhé Pháirtíochta Fostaithe**

Tógtar an Suirbhé Pháirtíochta Fostaithe gach bliain agus bailíodh na torthaí is úrnua in Eanair 2017.

- Ba é an ráta páirtíochta i mbliana 74% a bhí 8% níos airde ná an ráta páirtíochta sa suirbhé roimhe sin agus is maith an chomparáid í leis an tagarmharc 75%. Tacú ón fhoireann bhainistíochta is cúis le cuid mhór den mhéadú seo i ngríosú na n-oibrithe chun páirt a ghlacadh thar thréimhse fhada an tsuirbhé.
- Ba iad an dá chatagóir is airde scórála ná:
  - Iarrachtaí lánroghnacha na bhfostaithe
  - An dul i dteagmháil le gníomhú reatha
- Is iad seo na h-earnálacha is mó fáis i mbliana:
  - An timpeallacht oibriúcháin
  - Táithí atá foghlamtha againn agus muinín
  - Cúiteamh agus luach saothair
  - Ceannaireacht agus Bainistíocht

**Folláine na bhfostaithe**

Áirítear anseo lánmheasanú leighis do bhreis is 90% dár bhfostaithe agus rochtain acu ar an chlár cúnaimh fostaithe atá againn a thugann réimse leathan tacaíochta do fhostaithe, m.sh. cuairteanna fiaclóireachta istí agus teacht ar thacú oideachasúil. Is féidir a chur san áireamh leis seo an maoiniú atá ar fáil d'fhostaithe ó chúrsaí Máistreachta go dioplómaí ag brath ar an suim ná ar na riachtanais oibre a ghabhann leis.



### An todhchaí

- Leanfar leis an tiomantas don traenáil agus don fhorbairt sa dóigh go méadófar an pháirt a ghlacann gach fostaí iontu – úsáidfear gach measanú atá déanta cheana ar riachtanais thraenála an duine aonair.
- Déanfar forbairt ar chláir dírithe ar thrasdul fad-téarmach an fhórsa oibre agus tosófar ar a gcur i gcrích.
- Is iad na torthaí ó Shuirbhéanna ar Theagmháil agus Chultúr a bheas mar bhunús ag an chomhlacht agus é ag cumasú foireann Bhord na Móna i gcoitinne chun dul i ngleic le trasdhul an ghnó agus é a fhorbairt.

# Freagracht Chorparáideach

## 2: Sochar eacnamaíoch agus sóisialta a thabhairt do na pobail a bhfreastálaíonn muid orthu.

**Bhí tuiscint nár bheag i gcónaí ag Bord na Móna ar an sochar eacnamaíoch agus sóisialta is féidir linn a thabhairt don lear mór pobail áitiúla a n-oibríonn muid ann ag tosnú chomh luath is na 1950idí nuair ba ghnáth linn tithe a thógáil dár n-oibrithe. Leanann an spiorad muinteartha agus tacaíochta seo ar aghaidh go dtí an lá inniu ar bhealaí éagsúla, m. sh. trí'n teagmháil a bhíonn againn le clubanna áitiúla CLG, trí sheomraí a chur ar fáil do ghrúpaí Men's Sheds nó trí scip a sholathar le slacht a chur ar an bhaile mór.**

**Is mór linn in Bord na Móna bheith i gceartlár iarrachtaí an phobail, bíodh siad beag nó mór, agus mar gheall ar iarrachtaí s'againn go mbeidh buntaistí ann, ní amháin i gcúrsaí sóisialta ach sa gheilleagar freisin a bheas ar leas na bpobal sin sna blianta atá romhainn.**

### Eochair-Chuspóirí

Bheith páirteach agus gníomhach go rialta i dtabhartais áitiúla agus i ngníomhaíochtaí tiomsaithe airgid.

Tionchar gearr is fadtéarmach ár n-iarrachtaí a chinntiú.

Láithreacht leantach i Lár na Tíre a dhearbhú, áit a bhfuil fostaíocht ag 2,200 dár bhfórsa oibre - ceantar ina bhfuil easpa infhéistíochta le brath le blianta anuas.

Fócas a dhíriú ar na buntaistí eacnamaíocha is féidir theacht ó chláir agus ó thionscnaimh s'againn m.sh.

Ag cuidiú le scileanna ár bhfórsa oibre a fheabhsú

Fostaíocht leantach d'ardchaighdeán a chur ar fáil

Ag tabhairt atacú airgeadais do chúiseanna fhiúntacha sa cheantar

Seasmhacht airgeadais a chrúthú; laistigh den chomhlacht agus sa phobal áitiúil

Íocaíochtaí díbhinne tugtha ar ais dár rannphháirtithe

*Eco Rangers*







### Tionscadail Phríomha

**Tabhartas Carthanachta AES Bhord na Móna**

In 2016, bhailigh AES Bord na Móna €78,000 trí thionscnamh ar-líne a bhain le íocaíochtaí custaiméara inar bronnadh 1% d'íocaíochtaí ar-líne uile thar €20.

Roinneadh ina dhá leath an t-airgead a bailíodh idir Ospidéal Mhuire na Leanaí, Cromghlinn agus Ospidéal Ollscoile na Leanaí Sráid Temple agus seo leanas mar a chuidigh an mhaoiniú leo:

- An seomra tástála úraidinimice in Ospidéal Ollscoile na Leanaí Sráid Temple - seomra a bhfuil géarghá leis in Aonad Othar Seachtrach na nDuán ina bhfuil áiseanna folctha en-suite faoi léith ann lena n-úsáid ag othar duán amháin.
- Uasghrádú Roinn na n-Othar Seachtrach in Ospidéal Mhuire na Leanaí, Cromghlinn. Tugann breis is 80,000 leanbh cuairt ar Roinn na n-Othar Seachtrach gach bliain agus níor ceapadh go mbeadh an oiread sin trácht ann atá ann go laethúil inniu.

Leanfar le tacaíocht a thabhairt do na h-ospidéil seo lirith na bliana 2017.

**Eco Rangers**

Is é atá i gceist le clár "The Eco Rangers" ná tionscnamh chun leanaí a thabhairt ar ais don dúlra, dírithe ach go h-áirithe ar ranganna bunscoile. Tugtar uchtach do dhaltaí dul ar éiceasafarithe agus slite fiadhúlra a mhápáil ina gceantair féin, féacháint ar fhlóra agus fhána, grianghrafanna a thógáil nó pictiúir a tharraingt, nótaí a thógáil faoina bhfuil feicthe acu agus teagmháil chruthaíoch a dhéanamh leis an fhiadhúlra.

Tacú is ea an clár do churaclam na mbun-scoileanna agus thig le scoileanna sa chathair nó faoin é a úsáid. Tugtar gach uirlís chuí do mhuinteoirí le dul amach in ord is in eagar ón seomra ranga agus le cuidiú leo tugtar dóibh pacaí muinteora, pleananna ceachta agus cluichí.

Faoi láthair tá breis is 200 scoil ann agus thóg breis is 20,000 dalta páirt go dtí seo. Léiríonn clár "The Eco Rangers" an ról tábhachtach atá againn mar chaomhnóirí na talún.

*Tabhartas Charthanachta AES Bhord na Móna*




*An Ciste Gnóthachain Phobail*

**An Ciste Gnóthachain Phobail**

Chuir Bord na Móna dhá scéim ghnóthachain phobail ar bun in 2014 a bhuí le cuidiú agus comh-oibriú ó na pobail in aice le Feirmeacha Gaoithe Dhroim Cáithe agus na Breacánaí.

Cuireadh tús le ciste atá bunaithe ar an chumas suiteáilte an dá fheirm agus bíonn iarratais ina léith á lorg gach bliain. Is fiú €125,000 per annum an dá chiste.

Riarann Bord na Móna gach scéim agus déanann coiste dámhachtainí - na baill roghnaithe ó lucht gnó agus ionadaithe ón phobal áitiúil- an cinneadh gach bliain cad iad na tionscnaimh ar a mbronnfar tacú airgeadais. Go dtí seo chuidigh an mhaoiniú seo le scoileanna, clubanna spóirt, fóillíocht ghinéaralta, le tionscnaimh shóisialta agus le roinnt áiseanna pobail.

**Cóisir Shíogaí Loch na Buaraí**

Rinne Bord na Móna agus The Irish Fairy Door Company- don chúigiú bhliain as a chéile - Cóisir Shíogaí Loch na Buaraí a chéiliúradh i bPáirc Thaiscéalaíochta Loch na Buaraí. Anuraidh ba í an ceathrú bliain dúinn rannphairtíocht a ghlacadh i gcarthanacht na leanaí Barretstown; fuair na leanaí an t-airgead uile a bailíodh ag an chóisir, €15,000.

# Freagracht Chorparáideach

## 3: Na tionchair a bhíonn ag ár ngnóthaí agus ag obaráidí s'againn ar an timpeallacht a bhainistiú

**Fócas príomha do Bhord na Móna in gach ceann dár n-obaráidí gnó is ea an inbhuanaitheacht. Ullmhú na n-úsáidí tráchtála ar thalaimh s'againn is é ár bpríomh ról mar chaomhnóirí.**

**Nuair a fhéachann muid ar phleananna athshlánaithe sa todhchaí ar bhainistiú úsáid talún cuireann muid san áireamh ní amháin conas a chuirfidh siad fás ár ngnó chun cinn ach ar an tionchar a bheas acu maidir le astaíochtaí gás ceaptha teasa.**

**Ní mór do fhorbairtí sa todhchaí a bheith inbhuanaithe gan damáiste a dhéanamh acu don timpeallacht agus mar sin beidh muid i gcónaí ag cuartú bealaí chun ár ngnóthaí a fheabhsú ionnas go mbeidh an tionchar is lú acu ar an timpeallacht**

### Eochair-Chuspóirí

I Mí Meán Fómhair 2015, ghlac na Náisiúin Aontaithe le 17 ceann de Spriocanna Domhanda um Fhorbairt Inbhuanaithe (SDGs) – spriocanna a dhíríonn ar ghníomhú ar son na h-aeraide, ar thionsclaíocht, nuallaíocht agus infreastruchtúr, ar chathracha inbhuanaithe agus obair na bpobal agus ar fhás eacnamaíoch agus ar mhaireachtáil ar an talamh i gcuideachta daoine atá éagsúil ona chéile.

Ag Bord na Móna réitíonn muid le h-iarrachtaí CR i solathar na spriocanna seo agus go h-áirithe lenár n-aird dírithe ar na cúig sprioc thíos:

**7** Fuinneamh inachmhainne agus glan

*A chinntiú go mbeidh rochtain ann ar fhuinneamh inachmhainne, iontaofa agus nua-aimseartha do chách.*

**9** Tionsclaíocht, Nuálaíocht agus Bonneagair

*Bonneagair athléimneach a thógáil, tionsclaíocht in-athnuaite a chur chun cinn agus nuálaíocht a chothú.*

**12** Tomhaltas agus Tairgeacht atá Freagrach

*Leanúnacht in-athnuaite a chinntiú i dTomhaltas agus i dTairgeacht.*

**13** Gníomhú ar son na h-Aeráide

*Gníomhú práinneach chun athrú na h-aeráide a throid agus cibé tionchair a ghabhan leis.*

**15** An bheatha ar an Talamh

*Na foraoiseacha a bhainistiú ar bhealach in-athnuaite, troid i gcoinne fairsingiú fásaigh, stop a chur le díghrádú na talún agus an díghrádú a asiompú, stad a chur le cailliúint bithmhaise.*

### Tionscadail Phríomha

**Tionscadal Athchóiriú na bPortach Ardaithe**

Is í an phríomh aidhm atá ag tionscadal Athchóiriú na bPortach Ardaithe ná gnáthóga na bportach ardaithe a athchóiriu i roinnt ionad ar fud na tíre. Cuideoidh na tionscadail athchóirithe atá ann faoi láthair le h-Éirinn a aimsiú a spriocanna bithéagsúlachta ina n-áirítear tiomantais de réir An Treoir maidir le Gnáthóga ón Aontas Eorpach

Go dtí seo athchóiríodh breis is 1,000 ha de phortaigh ardaithe agus leanfaidh Bord na Móna le suíomhanna eile a athfhliuchadh agus oibreofar iad ar 1,000 ha de phortaigh eile amach anseo. Críochnaíodh fosta i mbliana an obair athchóirithe ar phortach ardaithe An Chluainbhuaile agus ar thógáil 8,200 damba móna

Táimid tiománta go h-iomlán chun leanúint lenár gclár maidir le portaigh a athchóiriú thar taillte s'againn agus tá súil againn go mbeidh méadú suntasach inár gcuid athchóirithe sna blianta romhainn fé mar atá athnaite againn inár bPlean Gníomhaíochta Bithéagsúlachta.





Fuíoll a thiontú go fuinneamh – a dhóthain chun 8,500 teach a chumhachtú

**Fóram Caipiteal Nádúrtha na h-Éireann**

Is ceann de na bhaill bhunaidh é Bord na Móna i ngluaiseacht an Chaipitil Nádúrtha in Éirinn; tá áit againn ar choiste stiúrtha Fóram Náisiúnta Caipiteal Nádúrtha na h-Éireann (IFNC) agus cinntíonn muid go réitíonn gníomhú s'againn le fís agus misean an IFNC.

Fís an IFNC:
*"go mbeidh, ar mhaithe le h-Éirinn, ard-mheas ar chaipiteal nádúrtha agus ar earraí agus sheirbhísí eiceachórais agus go ndéanfar iad a chaomhnú agus a athchóiriú".*

Misean an IFNC:
*"trí chomhoibriú i measc ár mball éagsúla agus trí cheannaireacht s'acu go ndéanfaimís caipiteal nadúrtha agus seirbhísí eiceachórais na h-Éireann a luacháil, a chaomhnú agus a athchóiriú. Déanfaifh muid seo trí thacaíocht a thabhairt do choincheapa caipiteal nádúrtha a chur inár bpolasaithe poiblí agus inár stráitéis chorparáideach, agus chinnteoireacht thuisceanach a chur chun cinn sna h-earnálacha poiblí agus príobhaideacha agus trí iarrachtai le caighdeán cuntasaíochta náisiúnta a bhunadh maidir le caipiteal nádúrtha".*

Áirítear inár bPlean Gníomhaíochtaí Bithéagsúlachta 2016-2021 eochair-ghníomhartha atá ann i gcoinne cuspóirí an Chaipitil Nádúrtha:

- Córas cuntasaíochta Caipiteal Nádúrtha a fhorbairt le haghaidh Bord na Móna – agus é a bhunadh ar an phrótacal atá á fhorbairt faoi láthair ag an Chomhghuallaíocht Chaipiteal Nádúrtha
- Mápa a fhorbairt d'earrai agus de sheirbhísí an eiceachorais ar thaillte Bord na Móna
- Leanúint ag obair mar chuid de choiste stiúrtha Fóram Caipiteal Nádúrtha na h-Éireann

**Dramhaíl a thiontú go fuinneamh**

Is é atá sa tionscnamh 'dramhaíl go fuinneamh' ná síneadh le punann Bord na Móna maidir le sóchmhainní giniúna teasa is athráófar dramhaíl go fuinneamh ag an láithreán úr-nua líonadh talún san Droichead, Co. Chill Dara. Gintear gás meatáin nuair a dhianscaoiltear dramhaíl laistigh den láithreán talún agus úsáidtear ansin é mar bhreosla chun leictriceas a ghiniúint. Agus gás láithreán talún á úsáid aige san Droichead thig le stáisiún cumhachta s'againn 5.6 meigeavata cumhacht in-athnuaite a sholáthar – a dhóthain chun 8,500 teach a choinneáil i gcumhacht.

Ciallaíonn na h-athruithe atá ann sna bealaí chun dramhaíl a phróiseáil ar fud Bord na Móna gur difriúil ar fad é an t-ábhar dramhaíola a shroicheann an láithreán talún. Ní cheadaítear isteach sa láithreán anois ach dramhaíl atá réamhchóireáilte. Déanfar ábhair mar thamhfhuíoll, dramhaíl théagartha, fuíoll le luach calrach íseal agus dramhaíl bhuanaithe a bhainistiú mar is ceart san ais san Droichead.

**Bithmhais**

Foinse iontaofa fuinnimh in-athnuaite is ea an bhithmhais agus mar gheall ar theicneolaíocht nua atá ann thig le bithmhais cuid mhór de riachtanais mhuintir na h-Éireann a fhreagairt. Is í an bhithmhais an foinse príomha fuinnimh in-athnuaite san Eoraip agus is cuid bhunúsach í de straitéis an AE le dul i ngleic leis an athrú aeráide. Tacaíonn earnáil bhithmhaise a ritear mar is cuí le, agus caomhnaíonn sí, fas agus sláinte na mórfhoraoiseacha.

Is é Bord na Móna an príomhúsáideoir agus soláthrai bithmhaise le haghaidh teasa agus cumhachta in Éirinn agus tá infhéistíocht throm a chur isteach aige i bhforbairt fhadtéarmach soláthar teaghlaigh na bithmhaise. Tá an bhithmhais atá againn don chuid is mó déanta as fotháirgí ó bhainistiú na bhforaoiseacha agus úsáidtear é ar bhealaí éagsúla chun teas is cumhacht a thógáil go tithe, pobail agus gnóanna.

Tá soláthar bithmhaise a chothú againn atá 100% in-athnuaite agus caomhnaíonn muid is crúthaíonn muid jabanna san earnáil bhithmhaise in Éirinn atá ag dul i méid.

**Giniúint Cumhachta**

Ó Mhí na Nollag 2016 d'oibrigh stáisiún cumhachta Éadan Doire mar Staisiún Hibrideach agus an t-ábhar a chomhdhóigh sé thart fá 42% bithmhaise ab ea. De thairbhe seo chuir an stáisiún amach glan-astaíochtaí carbóin níos ísle ná gnáth aonad giniúna ar an ghreille Éireannach – 744 kg CO2/MWh. Is suntasach fás an chomhlachta i bhfeirmeacha gaoithe agus gréine le bliain anuas agus muid ag iarraidh an sprioc a aimsiú inár bpunann faoi in-athnuaiteacht, is é 1 GW roimh 2030.

**Fuels**

Leanann Bord na Móna leis an infhéistiú i bhforbairt táirgí nua in-athnuaite chun na riachtanais sa mhargadh sa todhchaí a shásamh. Tá dul chun cinn nach beag déanta i bhforbairt an bhricín nua bithmhaise. D'éirigh le stáisiún ubhchruthóideach na Fainge, áis ghual gan toit cead pleanála a fháil in FY17.

# Freagracht Chorparáideach

## 4: Ag cur in iúl go h-oscailte ár modh bainistíochta maidir le freagracht chorparáideach

**Sa lá atá inniu ann nuair atá custamaeirí agus tomhaltóirí ag éirí níos feasaí ar fhreagarthacht chorparáideach comlachta is gá go mbímid ag caint go dearfach is go rialta faoi, agus ag cur in iúl an obair luachmhar atá a dhéanamh againn san earnáil seo. Is gá go gcuirfidh muid leis an fheasacht faoi na tionscadail uile atá a rith againn agus go dtéann muid i dteagmháil le agus go gceanglaíonn muid lenár rannpháirtithe uile san lear mór tionscadal atá idir lámha againn ó cheann ceann an ghnó.**

### Eochair-Chuspóirí

A chinntiú go léiríonn ár straitéis margaíochta agus cumarsáide roinnt teachtaireachtaí tabhachtacha:

- An ceangal atá againn le spriocanna Forbairt Inbhuanaithe na Náisiún Aontaithe (SDGanna)
- An ról tabhachtach atá glactha againn cheana i gcur na spriocanna seo i gcrích
- Ár dtiomantas chun stop a chur le h-úsáid móna mar fhuinneamh roimh 2030
- Athshlánú ár dtaillte
- An tacaíocht a thugann muid dár bpobail




Feachtas Fógraíochta Priontála & BrandaTeilifíse.

### Tionscadail Phríomha

**Ár bhFeachtas Fógraíochta**

I 2016, sheol muid feachtas branda nua corparáideach le tuairimí dhaoine faoi Bhord na Móna a athrú ó chomhlacht Éireannach a bhíodh sean agus ársa go comhlacht atá fuinniúil, forásach agus dírithe ar riachtanais fhuinnimh mhuintir na h-Éireann a shlánú amach anseo – trí nuálaíocht agus in-athnuaitheacht.

Chuir muid bunús láidir lenár bhfeachtas, "Leading the Change," chun dul chun cinn an bhranda a léiriú agus chun a chur in iúl an ghluaiseacht i dtreo achmhainní a bheadh níos in-athnuaite; chuir muid os comhair an phobail lear mór faisnéise a bhí tréan agus crúthaíoch – bunaithe ar thorthaí an taighde a rinneamar.




Féile 'OurLand'

### Caidreamh For-Rochtain

**Lár-ionad Droim Cáithe**

Osclaíodh go h-oifigiúil é i Mí na Nollag 2016 agus is tarratach agus speisialta agus tábhachtach an Lár-ionad seo do chuairteoirí áitiúla, náisiúnta agus idirnáisiúnta agus deis atá ann do na cuairteoirí uile, do scoileanna agus do phobail sult a bhaint as Feirm Ghaoithe Droim Cáithe.

Sa Lár-ionad tá turais curtha ar fáil ag foireann Bord na Mónal ina bhfeictear an córas chun uisce báistí a chruinniú agus a athúsáid, na painéil ghréine ar an díon le uisce te a sholáthar – agus foinse leictreachais an Lár-ionad féin a thagannt ó thuirbín gaoithe in aice leis. Tugann Feirm Ghaoithe Droim Cáithe – áis áitiúil atá ann a chuireann ar fáil casáin rothar, bealaí siúlóide agus cothú bithéagsúlachta – buntaistí atá so-fheicthe don phobal áitiúil.

**'Talamh s'Againn – féile teaghlaigh a fhaigheann a chumhacht ó fhuinneamh dearfach'**

I Mí Lúnasa 2016, sheol Bord na Móna an féile teaghlaigh, 'OurLand' i bPáirc Thaiscéalaíochta Loch na Buaraí – an chéad iarracht bheag don chomhlacht dul isteach i saol na bhféilte ach mar sin féin tionscnamh tábhachtach a bhí ann lenár gcumas in-athnuaite a léiriú.

Tháispeáin 'OurLand' ceithre láthair bunaithe ar na ceithre dúile; Fuinneamh Dearfach, Aer, Talamh is Tine agus in achan earnáil bhí fóllaíocht teaghlaigh ar fáil mar aon le roinnt táirgeoirí bia ón cheantar áitiúil. Thug an féile an deis dúinn dul i dteagmháil leis an phobal ar bhealach ghníomhach, éasca agus sultmhar agus bhí an-tóir air le daoine ag taisteal chuige ó Lár na Tíre agus níos fuide siar.

**Plean Gníomhaíochta Bithéagsúlachta**

I Mí Feabhra 2017 bhi an chéad athbhreithniú againn ar Phlean Gníomhaíochta Bithéagsúlachta Bord na Móna 2016-2021 i bPáirc Oidhreachta Lóilíoch Mór, Cill Dara agus léirigh se an dul chun cinn galánta a rinneadh ar fud 2016 agus tiomantas leanúnach an chomhlachta don phlean reatha.

Chuir an t-athbhreithniú seo i gcuimhne dúinn cén fáth go gcuireann Bord na Móna bithéagsúlacht san áit phríomha agus conas mar atá sé ar intinn aige cur le bainistiú an tsaibhris phortaigh seo, conas é a athshlánú, a chur i gceart arís agus é a chaomhnú, obair ar chuir sé tús leis nuair a bunaíodh an comhlacht i 1946.

Deis eile ab ea an t-athbhreithniú do Bhord na Móna a chumas in-athnuaite a thréisiú agus léiriú do na rannpháirtithe an obair thábhachtach atá idir lámha againn san earnáil seo.



Plean Gníomhaíochta Bithéagsúlachta

**Measanú Ábhartachta**

I 2015 sheol muid ár Straitéis Inbhuanaitheachta 2030 a leagann amach na h-uaillmhianta agus na pleananna atá ag Bord na Móna chun todhchaí inbhuanaithe a sholáthar trí chumas iomlán ár dtalún a chomhlíonadh.

Is é atá i gceist le Inbhuanaitheacht 2030 ná todhchaí a aimsiú ina mbeidh Bord na Móna ina chomhlacht brabúsach tiomanta chun an timpeallacht a chosáint agus na naisc láidre atá aige leis an phobal a choinneáil.

Is í an tosaíocht atá againn ná tuairisc a thabhairt dár rannpháirtithe ar an dul chun cinn atá ann ar bhealach cuí agus tráthúil, agus chun seo a chur i gcrích tá measanú ábharthachta a dhéanamh againn le cuidiú ó shaineolaithe seachtracha. Cuideoidh seo linn lámh a chur ar na topaicí inbhuanaithe ar chóir tuairisc a dhéanamh orthu agus tabharfaidh sé tacaíocht dúinn i bhforbairt straitéis fhadtéarmach. Ligfidh sé dúinn freisin ár ndualgas a chomhlíonadh de réir forálacha An Treoir um Thuairisciú Neamh-Airgeadais 2014/95/EU.




Ár Straitéis Inbhuanaitheachta 2030

# Straitéis Freagracht Chorparaideach
## Éifeachtacht Fuinnimh



### Forbhreathnú ar Úsáid Fhuinnimh Bhord na Móna in 2016

Ba leictreachas, díosal bóthair agus ola gáis an fhuinneamh iomláine is mó a húsáideadh san ídiú fuinnimh a tuairisceadh do SEAI i 2016. Léiríonn sé seo príomhfheidhmithe na ngníomhaíochtaí a bhfuil gá iad a fhógairt go bliantúil - tá flít bóthair mór againn idir a bheith ag athrú móna agus ag bailiú dramhaíola, baineann muid úsáid as ola gáis agus muid ag sábháil móna, agus ídítear leictreachas i níos mó ná 160 suíomh.

In 2016, thuairiscigh Bord na Móna, mar chomhlacht earnála poiblí, úsáid de shonraí fuinnimh de:

**13,241 MWh**
leictreachais;

**33,461 MWh**
díosal bóthair;

**19,017 MWh**
díosal marcáilte (neamhtheirmeach).

### Bord na Móna & Scéim Oibligeáide Éifeachtúlachta Fuinnimh (EEOS)

Cuireann an Scéim Oibleagáidí um Éifeachtúlacht Fuinnimh (EEOS) dualgas ar sholáthraithe fuinnimh cuspóirí bliantúla coigilt fuinnimh áirithe a chomhlíonadh sna hearnálacha cónaithe, tráchtála agus bochtanais fuinnimh. Baineann an dualgas seo le Bord na Móna taobh amuigh den dualgas Athbhreithnithe Earnála Poiblí atá air. Ritheann céad chéim an dualgais seo ar feadh tréimhse trí bliana ó 2014 go dtí 2016 san áireamh, le cuspóirí bliantúla carnacha i bhfeidhm chomh maith.

Chomhlíon Bord na Móna a gcuid dualgas go léir faoin Scéim Oibleagáidí um Éifeachtúlacht Fuinnimh. Shroich siad sa bhreis ar sprioc thairseach charnach na Scéime don tréimhse iomlán idir 2014 agus 2016 sna trí chatagóir. Leanaimid ar aghaidh ag obair chun sprioc charnach na Scéime a bhaint amach don chéad chéim eile suas go 2020.

| Gníomhartha ar tugadh fúthu in 2016 | Gníomhartha atá Beartaithe do 2017/2018 |
|---|---|
| I 2016 thug Bord na Móna faoi raon tionscnaimh chun ár bhfeidhmíocht fuinnimh a fheabhsú, ar a bhfuil: | I 2017 agus níos faide anonn, tá rún daingean ag Bord na Móna a fheidhmíocht fuinnimh a fheabhsú tríd na bearta a leanas a chur i bhfeidhm: |
| Na gnóthaí uile á dtiomáint i dtreo an chaighdeáin éifeachtachta fuinnimh ISO 50001 – traenáil shuntasach agus dul chun cinn na ngrúpaí oibriúcháin i dtreo túschruinnithe deimhniúcháin. | Na gnóthaí uile á dtiomáint i dtreo an chaighdeáin éifeachtachta fuinnimh ISO 50001. |
| Tá rún ag an Gnó Giniúna Cumhachta úsáid na saoráide láimhseála bithmhaise in Éadan Doire a fheabhsú chun dóchán iomlán a fheabhsú agus déine carbóin an staisiúin a laghdú; | Coire bithmhaise 500 kileavat a chur in áit coire an chórais téimh atá ann faoi láthair ag saoráid an Droichid Nua. Ag cur san áireamh meicníochtaí rialaithe agus caidéil nua, meastar go ndéanfar coigilteas de thart ar 180 KWh fuinnimh agus go mbeidh laghdú 60 tonna ar astaíochtaí carbóin dé-ocsaíde; |
| An mhonatóireacht reatha ar bhreosla agus na modhanna a mheastar flít ár nGnóthú Achmhainní a bharrfheabhsú mar aon leis na bealái a barrfheabhsú chun dramhaíl a bhailiú. | Soilsiú LED a chur sna h-áiseanna eile dramhaíola Gnóthú Achmhainní. |
| Supatrak Eco-Drive Software le cur isteach sa chuid is mó den fhlít Gnóthú Achmhainní. | An fhlít Gnóthú Achmhainní a uasghrádú le 17 feithicil nua bailiú dramhaíola. |
| Soilsiú LED le cur isteach in AES an Lusca agus AES an Aonaigh. | Crannóg fotha a shuiteáil ar mhaithe le húsáid an mhiongheaarthóir críochtóra a laghdú i Saoráid Mhúirín An Droichid. |
| Uasghrádú agus athsholáthar soilsiú seachtrach agus inmheánach i saoráid Dhroichead Nua. | Gléasra síothlán flip fleap a bhaint de shaoráid mhúirín An Droichid. |
| Braiteoirí áitíochta a shuiteáil in oifigí An Droichead Nua. | Córas beathaithe an ghléasra síothlú inár saoráid mhúirín a athchumrú ar mhaithe le hídiú cumhachta a laghdú. |
| Ag ár n-ionad bainistíochta dramhaíola táimid tar éis a mhalartú ó nasc eangach leictreachais go dtí an nasc LFGU, trí fhuinneamh glas ó innill gáis a úsáid chun ár saoráid a chumhachtú. | Meánlimistéir chumhdacha an líonadh talúin a líneáil go dian ar mhaithe le giniúint láisteáite a laghdú agus ar an gcaoi sin na costais chumachta a bhaineann leis a laghdú. |
| Is sóchmainn ghiniúina é ár ngnólacht maidir le hAisghabháil Acmhainní agus tá sí cláraithe le haghaidh bainistiú ar an éileamh ar mhalartú leictreachais. | Cuir soilse slándála Boora ar bhraiteoir fótaileictreach agus las iad ag luí na gréine agus éirí na gréine amháin. |
| Ag ár n-ionad bainistíochta dramhaíola, fuaireamar scartaire hibrideach ag tús na bliana agus táimid ag fáil sonraí beo uaidh. | Le córais rialaithe nua, ceallra AGM ardráta doirte agus grianaonad idirghníomhach rialúcháin a shuiteáil cuirfear feabhas ar an gcaoi go suiteálfar grianphainéal aonaid soilsithe wigwag ag crosairí comhréidh |
| Críochnaíodh an tionscadal Luas an Bhráca agus bráca spúnógach nua forbartha a fhóireann don bráca reatha agus do bhráca nua atá in ann brácáil éifeachtach a dhéanamh ag 12km/h, rud a laghdóidh líon na mbrácaí atá ag teastáil i gcomhair oibríochtaí portaigh. | Mar chuid de uasghráduithe na hoifige i mBoora cuirfear painéil shíleála LED in áit na feadáin fhluaraiseacha atá ann faoi láthair ar mhaithe le fuinneamh soilse a laghdú 20%. |
| Uasghrádaíodh soilse ag crosairí comhréidh go haonaid LED agus uasghrádaíodh na grianaonaid freisin chun a áirithiú go bhfeidhmeoidh an tsaoráid trí fhuinneamh in-athnuaite a úsáid. Cuireann sé seo deireadh leis an ngá ceallraí a luchtú le linn na tréimhse geimhrí. | Insliú a shuiteáil os cionn síleála crochta sna oifigí i mBoora agus in oifigí an Droichead Nua chun caillteanas teasa a laghdú. |
| Suiteáiltear gaothráin Cleanfix i ngach tochaltóir nua mar bhunsoláthar. Laghdaíonn sé seo ídiú fuinnimh trí an claonadh lainne a mhodhnú i ndáil le teocht an innill agus mar sin an fuinneamh atá ag teastáil chun an gaothrán chur ar súil a laghdú agus nach bhfuil an t-inneall faoi bhrú. Is cabhair é an timthriall glantacháin uath-aisiompaithe leis seo toisc go nglanann sé gráinní móna ó chroílár an radaitheora go huathoibríoch. | An coire ola a uasghrádú trí aonaid chomhdhlúite dóire níos lú a chur i ngach foirgneamh chun caillteanais tarchurtha teasa ó na píobáin a théann trasna na gclós i mBoora a laghdú. |
| Scrúdaíodh úsáid olaí agus fuartháin chun ardúsáid a aithint. Laghdaíodh aonaid eisiúna chomh maith chun coigiltis a spreagadh. Seiceálacha cothabhála coisctheach a chur i bhfeidhm chun déileáil le ligin, go háirithe maidir le cúpláin mhearoscailte ar tharracóirí. | Mar chuid den tionscadal chun stoc-charn a optamú, déanfar forbairt tástála ar mheaisín droicheadú cairn chun stoc-chairn i bportaigh a dhaingniú. |
| Is é an toradh a bhíonn ag an tionscadal uasghrádú féinghluaiseachta ná comhpháirtí tarchurtha agus tiomána a ollchóiriú chun ligin ola a dhíothú sa flít ollchóirithe. Is é an toradh a bhíonn ag an eagrú nua tiomána agus an córas nua rialaithe ná go bhfuil an loco níos éifeachtúla ag an aschur iomlán agus an-chuid is mó den obair á dhéanamh. | |
| Tá modh ECO i gcomhair taistil réchasta san áireamh sa uasghrádú ráille a laghdaíonn RPM an innill agus a mhéadaíonn an olashreabhadh chun an uasluas a bhaint amach ag luas innill níos ísle, a ladhdaíonn ídiú breosla agus a mhéadaíonn saol an innill agus na gcomhpháirtí tarchurtha. Is gné é Auto Idle a choisceann an ráille de bheith ag rith ar isn ard mura bhfuil sé in úsáid. | |
| Má úsáidtear píoban corri in áit píoban coincréite i bportaigh is féidir ídiú fuinnimh iompair a laghdú mar gheall ar mhéid agus meáchan. Tá siad níos láidre agus tá baol níos lú ann go mbrisfidh siad mar gheall ar imbhuailtí neamhbheartaithe. Cosnaíonn sé seo meaisíní ar nós an díogaire ar dhamáiste | |

# Rialachas Tuarascáil

**Tá faisnéis ar na Stiúrthóirí sa chuid seo den Tuarascáil Bhliantúil.**

**Cuimsítear faisnéis ar Bhainistíocht Riosca agus ar Thuarascáil na Stiúrthóirí agus an Iniúchóra Neamhspleách.**






## Bainistíocht Riosca

Tá freagracht fhoriomlán ar an mBord as rioscaí a bhainistiú, lena n-áirítear cinneadh a dhéanamh i dtaobh cineál agus méid na rioscaí suntasacha a bhfuil sé toilteanach glacadh leo chun a chuspóirí straitéiseacha agus oibriúcháin a shaothrú. Chun aghaidh a thabhairt air sin, bhunaigh an Bord córas bainistíochta riosca a dhéanann rialuithe agus bearta maolaitheacha a shainaithint, a mheasúnú agus a chur i bhfeidhm, agus a dhéanann monatóireacht agus tuairisciú ar rioscaí suntasacha laistigh de Bhord na Móna.

Tá an Coiste um Riosca agus Iniúchóireacht ("RAC") freagrach, faoi údarás tarmligthe, as cabhrú leis an mBord a chuid oibligeaidí a chomhlíonadh maidir le measúnú, athbhreithniú agus monatóireacht a dhéanamh ar na rioscaí ó dhúchas sa ghnó agus ar na próisis smachta chun rioscaí mar sin a bhainistiú. Tugann an Príomh-Oifigeach Riosca ("CRO") atá ceaptha tacaíocht don RAC.

Tá freagracht ar an CRO as maoirseacht a dhéanamh ar na gníomhaíochtaí bainistíochta riosca laethúla atá ann agus as a chinntiú go bhforbraítear agus go gcothabháiltear córas bainistíochta riosca atá éifeachtach agus a fheidhmíonn i gcomhréir le Bord na Móna agus lena mhéad agus a chastacht mar eagraíocht. Is ann le fada do chóras bainistíochta riosca ar fud fhiontar Bhord na Móna a chinntíonn go ndéantar rioscaí a shainaithint, a mheasúnú, a thaifeadadh agus a thuairisciú go seasta i ngach ceann dá aonaid ghnó agus dá fheidhmeanna tacaíochta.

Soláthraíonn an córas bainistíochta riosca struchtúir rialachais chuí chun tacaíocht a thabhairt do chleachtais bainistíochta riosca, na freagrachtaí riosca agus na cleachtais a úsáidtear leo a shannadh ar fud Bord na Móna, lena n-áirítear gníomhartha agus srianta maolaithe.




Tá na heochairghnéithe seo a leanas sa chóras bainistíochta riosca:

- straitéis in a bhfuil spriocanna agus prionsabail;
- sannachán freagrachtaí;
- creat agus timthriall tuairiscithe le na rioscaí atá nó a d'fhéadfadh a bheith ag Bord na Móna a aithint, a mheas, a bhainistiú agus monatóireacht agus tuairisc a thabhairt orthu;
- Comhcheangal de mheasúnú riosca agus próiseas bainistíochta ón 'mbarr anuas' agus ón 'mbun aníos' atá is gceist.
  - Mar pháirt den mheasúnú riosca ón 'mbun aníos', déantar ceardlanna a eagrú go rialta leis na haonaid ghnó agus na feidhmeanna tacaíochta lárnacha. Déantar measúnú ar rioscaí aonair. Sainaithnítear rialuithe maolaitheacha agus scóráiltear gach riosca roimh agus i ndiaidh na rialuithe seo.
  - Déantar na rioscaí is mó a chur i láthair na foirne Ceannaireachta Feidhmiúcháin agus déantar iad a athbhreithniú, a leasú agus a rangú chun na rioscaí iarmharacha is tábhachtaí don Ghrúpa a aithint. Cuid thábhachtach den mheasúnú iomlán riosca "ón mbarr anuas" a dhéantar sa Ghrúpa gach bliain is ea an t-athbhreithniú seo.
- Plean monatóireachta riosca lena leagtar amach gníomhaíochtaí athbhreithnithe, dúshláin agus maoirseachta an Phríomhoifigigh Riosca.;
- Nósanna imeachta tuairiscithe a chinntíonn go ndéantar bainistíocht agus monatóireacht ghníomhach ar fhaisnéis riosca agus go gcuirtear in iúl go cuí í ar gach leibhéal laistigh de Bhord na Móna. Nuashonraíonn gach aonad gnó agus gach aonad tacaíochta lárnaí a measúnuithe riosca gach ráithe mar chuid dá n-athbhreithniú riosca agus dá bpróiseas tuairiscithe. Déantar iad sin a athbhreithniú leis an RAC dhá uair sa bhliain;
- Cothaíonn sé sin cultúr bainistíochta riosca láidir ar gach leibhéal den Ghrúpa; agus,
- Ráitis goile riosca a fhorbairt i gcomhar leis an bpróiseas pleanála straitéiseach. Na ráitis seo a mhonatóiriú agus a thuairisciú ansin.

# Bainistíocht Riosca

**Oibríonn Bord na Móna a dtimthriall bainistíochta riosca thar thréimhse dhá mhí dhéag agus sainaithníonn an Grúpa a bpríomhrioscaí iarmharacha ansin. Is éard atá i rioscaí iarmharacha ná na rioscaí atá fós ann tar éis na rialuithe a chur i ngníomh agus a mhonatóiriú. Tá sonraí ar na deich riosca iarmharacha is mó a shainaithin an bhainistíocht agus a d'fhaomh an Bord anseo thíos.**

## Timpeallacht Eochair-Riosca

↑ Timpeallacht Riosca Méadaithe | ↓ Timpeallacht Riosca Laghdaithe | ↔ Timpeallacht Riosca Gan Athrú

| | Riosca & Tionchar | Timpeallacht Riosca | Gníomhartha Maolaithe |
|---|---|---|---|
| **Comhlíonadh** | **Branda**<br>An riosca nach gcosnófar branda corparáideach agus dea-chlú na Cuideachta a dhéanfadh dochar do dhea-chlú na Cuideachta lena gcustaiméirí, a scairshealbhóirí, a n-infheisteoirí agus a soláthraithe. Ní bheadh an Chuideachta in ann ioncam ná brabúsacht a choimeád ná a fhás agus chaillfí tacaíocht phoiblí do roinnt gníomhaíochtaí na Cuideachta dá bharr. | ↔ | Ar bhonn bliantúil, déanann an Grúpa infheistíocht ina mbranda gnó agus corparáideach agus a ndea-chlú a chothabháil. Déanann siad monatóireacht ar shuíomh a mbranda trí ghníomhaireachtaí rianaithe clú. Sa bhliain seo a d'imigh thart, rinneadh branda an Ghrúpa a athsheoladh leis an lógó "Bord na Móna - Faoi Thiomáint an Dúlra" (*Naturally Driven)* agus bhuaigh sé seo roinnt dámhachtainí meán. Tacaíonn an Grúpa go seasta le himeachtaí pobail áitiúla ina gcroíthailte agus tá baint oscailte acu leis na pobail lena ndéileálann siad. |
| **Airgeadas** | **Saoráidí Baincéireachta**<br>An riosca nach gcuirfear go leor saoráidí baincéireachta ar fáil chun riachtanais athmhaoinithe agus gnó a shásamh agus go dteipfeadh orthu an neamhchosaint ar rátaí úis agus ar athluacháil airgeadraí a bhainistiú. Tá sé ríthábhachtach go gcuirfí go leor maoinithe ar fáil ar chostas cuí chun an plean straitéiseach a mhaoiniú, leachtacht a chothabháil chun ceangaltais sa todhchaí a shásamh agus teagmhas a chur ar fáil d'imeachtaí gan choinne. | ↔ | Tá Cisteán an Ghrúpa freagrach as gníomhaíochtaí laethúla cistíochta an Ghrúpa, láithriúchán de dhíorthaigh ar leith san áireamh. Tá polasaí Cistíochta ceaptha ag an mBord a shainmhíníonn cén chaoi a ndéantar bainistíocht ar imeachtaí cistíochta. Tógann an Grúpa staid a bhíonn drogallach roimh rioscaí nuair atá siad ag déanamh cinneadh i leith airgeadra eachtrach agus polasaí ráta úis. Tá fálta áirithe nádúrtha ann laistigh den Ghrúpa agus is é polasaí an Ghrúpa ná na hairgeadraí eachtracha a mheaitseáil agus a fhálú ar fud na ngnólachtaí. Chun cobhsaíocht eis-sreabhadh airgid a chinntiú agus, dá bhrí sin, riosca ráta úis a bhainistiú, tá polasaí ag an nGrúpa 50 faoin gcéad ar a laghad dá bhfiacha a choimeád ar ráta seasta. Ag deireadh bliana mhí an Mhárta, bhí €150m de shaoráidí Creidmheasa Imrothlaigh ag an nGrúpa agus air sin, tarraingíodh €11.6m. Lena chois sin, tá sé mar aidhm ag an nGrúpa an riosca de mhaoiniú éiginnte ina bhfeidhmiúcháin a íoslaghdú trí iasachtaí a fháil laistigh de réimse tréimhsí aibíochta. Úsáidtear ionstraimí airgeadais chun riosca ráta úis agus airgeadais a bhainistiú. Ní ghlacann an Grúpa páirt i ngníomhaíocht amhantrach agus tá polasaí oibriúcháin an Ghrúpa drogallach roimh rioscaí. |
| **Oibriúcháin** | **Praghsanna Leictreachais**<br>An riosca de phraghsanna níos ísle sa mhargadh aonair leictreachais agus an drochthionchar arbh fhéidir a bheith ag na praghsanna sin ar thorthaí oibriúcháin an Ghrúpa. | ↔ | Oibríonn an Grúpa roinnt sócmhainní giniúna difriúla leictreachais a úsáideann breoslaí difriúla lena n-áirítear móin, gás, bithmhais agus an ghaoth. Chuaigh an Grúpa isteach i gcomhaontuithe soláthair 15 bliain le roinnt de na monarchana seo a ráthaíonn praghas na cumhachta ginte i gcomhar na sócmhainní sin. Le sócmhainní eile, cuirtear socruithe cuí fálaithe i bhfeidhm le praghsáil carbóin agus bithmhaise nuair is féidir. Tá iarracht sheasta déanta ag an nGrúpa chun punann éagsúlaithe de shócmhainní giniúna a fhorbairt chun an riosca a bhaineann le haon bhreosla ar leith a mhaolú. |
| | **Aimsir**<br>An riosca foriomlán d'éiginnteacht dhúchasach na bpatrún éagsúil aimsire ar fheidhmíocht oibriúcháin agus airgeadais an Ghrúpa. I ngnó na mBreoslaí, tionchar na haimsire séimhe ar mhéid an díolacháin i rith an gheimhridh; i ngnó na Gairneoireachta, tionchar na n-earrach fliuch ar mhéid an díolacháin; i ngnó Powergen, tionchar airgeadais an toraidh ísil ghaoithe ar fheirmeacha gaoithe agus tionchar na samhraí fliucha ar leibhéal na sábhála móna. Tá riosca ag baint le héiginnteacht na haimsire ar an mbrabús a ghineann an Grúpa. | ↔ | Trí phunann chothrom gnóthaí a fhorbairt tugann sé "fál" don Ghrúpa i gcoinne aon aimsir dhíobhálach ar ghnó ar leith. Tá pleananna teagmhasacha forbartha ag an nGrúpa freisin chun brabúsacht a chosaint sa Ghrúpa má tharlaíonn imeacht d'aimsir fhíordhíobhálach. D'oibrigh siad lena bhfostaithe agus leis na ceardchumainn chun a bhfórsa oibre séasúrach a mhéadú agus chun fórsa oibre níos solúbtha a fhorbairt. Tá sé beartaithe ag an nGrúpa a bhfórsa oibre séasúrach a mhéadú a thuilleadh chun solúbthacht oibriúcháin a mhéadú. |
| | **Cead Pleanála**<br>An riosca nach bhfaighidh an Grúpa cead pleanála do roinnt eochairthionscadal atá sa phlean straitéiseach. Cead pleanála freisin do stáisiúin chumhachta Loch Rí agus Uíbh Fháilí Thiar an BSL a théann as feidhm in 2020. Tá an deacracht maidir le cead pleanála a fháil d'aon fhorbairt infreastruchtúir ag dul i méid le roinnt blianta anuas. | ↑ | Tá foireann chleachta bainistíochta ag an nGrúpa a bhfuil an cumas iontu tionscadail mhóra infreastruchtúir a phleanáil, a chomhlíonadh agus a sheachadadh agus tá an acmhainn sin léirithe acu. Tá próiseas cruthaithe i bhfeidhm lena chinntiú go gcuirtear gach cáipéis agus faisnéis riachtanach faoi bhráid na n-údarás ábhartha le gach iarratas pleanála. Lena chois sin, glacann an Grúpa páirt i bpróisis fhairsinge chomhairliúcháin leis an bpobal. Tá an bhainistíocht ag cur faisnéise agus tacaíochta ar fáil chun cabhrú leis an BSL agus iad ag ullmhú na n-iarratas pleanála. |



| | Riosca & Tionchar | | Gníomhartha Maolaithe |
|---|---|---|---|
| **Oibriúcháin** | **Sláinte & Sábháilteacht**<br>An riosca nach gcomhlíonfar an reachtaíocht agus na polasaithe Sláinte & Sábháilteachta mar thoradh ar easpa forfheidhmithe sa Ghrúpa, nach leanfaidh an bhainistíocht agus na fostaithe na nósanna imeachta cearta, ná nach dtabharfar go leor oiliúna. D'fhéadfaí gortú/bás fostaithe nó damáiste do mhaoin a bheith mar thoradh orthu seo go léir, agus smachtbhanna airgeadais, caillteanas airgeadais nó damáiste clú dá bharr. | ↔ | Tá nósanna imeachta mionsonraithe Sláinte & Sábháilteachta i bhfeidhm sa Ghrúpa agus oibrítear na córais seo bunaithe ar chineál agus scála na rioscaí i ngach gnó. Déanann an roinn Sláinte agus Sábháilteachta an fhoireann go léir a thraenáil agus cuirtear leis seo le hiniúchtaí seachtracha a dhéanann tríú páirtí. Coimeádtar cumhdach árachais ag leibhéal an Ghrúpa do na rioscaí inárachais uile agus déanann ár n-árachóirí iniúchtaí fairsinge. Tá oibríochtaí an Ghrúpa faoi réir raon cigireachtaí dlíthiúla agus timpeallachta agus tá modhanna oibre monatóireachta bríomhara deartha chun sárú ar oibleagáidí rialála nó reachtúla a chosc. |
| | **Praghsanna Tráchtearraí**<br>Tá an Grúpa neamhchosanta ar rioscaí praghsanna tráchtearraí de roinnt dá n-eochaircheannacháin (go háirithe bithmhais) agus an riosca nach mbeidh fáil ar na tráchtearraí seo. Mar gheall ar bhrúnna iomaíocha, b'fhéidir go mbeidh srian le cumas an Ghrúpa na méadaithe praghais a chur ar aghaidh. Féadfaidh sé go mbeidh sé de thoradh air seo go laghdófaí brabúsacht fhoriomlán an Ghrúpa. | ↔ | Nuair is féidir, déanann an Grúpa fálú gníomhach ar neamhchosaintí tráchtearraí, ach i gcásanna áirithe ní bhíonn sé indéanta, nó cuireann an costas cosc ar fhálú den chineál sin a chur i bhfeidhm. Glacann an Grúpa, i gcásanna áirithe, leis na neamhchosaintí is dual do bheith ag déileáil i dtráchtearraí. Déanann foireann soláthair an Ghrúpa forbairt ghníomhach ar fhoinsí nua don slabhra soláthair agus oibríonn leis na gnóthaí chun foinsí fadtéarmacha inbhuanaithe a fhorbairt. |
| **Rialáil** | **Rialáil**<br>An riosca a bhaineann le hathruithe díobhálacha rialála agus an tionchar díobhálach a fhéadfaidh a bheith acu seo ar shamhail airgeadais agus ghnó an Ghrúpa. Féadfaidh sé go mbeadh gníomhartha forfheidhmithe mar thoradh ar loiceadh comhlíontachta, chomh maith le damáiste do cháil an Ghrúpa agus tacaíocht caillte ó scairshealbhóirí. I measc na rioscaí tábhachtacha rialála roimh an nGrúpa tá an cosc féideartha le teacht ar dhíolachán gual biotúmanach agus forchur cánach carbóin breose; an treocht i dtreo caolú méadaithe móna le hábhair neamh-mhóinbhunaithe i dtáirgí miondíola gairneoireachta i margadh na Ríochta Aontaithe; an chreat nua, agus i láthair na huaire, neamhchinnte, um rialáil an AE ar leictreachas ó 2018 agus an Margadh Aonair Comhtháite Leictreachais (I-SEM) agus laghdú in íocaíochtaí bliantúla cumais do stáisiúin chumhachta; an tírdhreach rialála atá ag síorathrú atá ag tiomáint úsáid mhéadaithe bithmhaise sna móinstáisiúin chumhachta le himpleachtaí dá réir ar an slabhra soláthair agus ar chostas; na rialacháin mhéadaithe maidir le móin a bhaint agus dul in éag an dualgais seirbhíse poiblí ar an dá mhóinstáisiún chumhachta de chuid an BSL. | ↑ | Agus an plean straitéiseach á fhorbairt, déanann an Grúpa iarracht a chinntiú go gcuirtear i bhfeidhm nuair is féidir na pleananna chun déileáil leis na rioscaí rialála roimh na gnóthais. Trí nuálaíocht agus forbairtí sa slabhra soláthair,tá an Grúpa ag leanúint d'aghaidh a thabhairt ar athrú rialála a bhfuil tionchar aige ar fheidhmíocht oibríochtúil na ngnóthas. Ceadaíodh infheistíocht chaipitiúil chun aghaidh a thabhairt ar rioscaí áirithe rialála. I roinnt cásanna, caithfidh an Grúpa an tionchar rialála a "fhulaingt" ós rud é nach féidir an riosca a mhaolú. |
| **Straitéiseach** | **Bunathrú gnó**<br>Tá roinnt tionscadal suntasach um bainistíocht athraithe gnó ag an nGrúpa ina chuig gnóthaí agus ag ionad an ghrúpa. Tá na tionscadail seo ríthábhachtach chun bonn an chostais a thiomáint síos sa Ghrúpa chun go mbeidh an grúpa sa suíomh chun dúshláin ghnó amach anseo a shárú agus chun cabhrú le forbairt straitéiseach an Ghrúpa. Tá sé ríthábhachtach na cuspóirí seo a bhaint amach ós rud é go mbeidh an bonn costais ró-ard má loictear a leithéid a dhéanamh. | ↔ | Tá rialachas tionscadail maith i measc na dtionscadal éagsúil curtha i bhfeidhm ag an nGrúpa le hamlínte soiléire agus táirgí insoláthartha.<br>Tá foireann láidir bainistíochta tionscadail ar bun chun maoirsiú a dhéanamh ar thionscadail éagsúla. Rinneadh teagmháil leis an ngrúpa ceardchumann agus fostaithe agus thángthas ar chomhréiteach maidir le laghdú costais criticiúil agus le tionscnaimh bainistíochta athraithe. Tá pleananna soiléire cumarsáide curtha i bhfeidhm tríd an gcomhlacht a mhíníonn go soiléir an gá le hathrú. |
| | **Foireann a Choinneáil agus a Mhealladh**<br>Riosca an Ghrúpa loiceadh na scileanna, an tallann agus na hacmhainní iarrtha a choinneáil, a mhealladh agus a fhorbairt chun a phleananna gnó a sholáthar, agus dá thoradh caillteanas suntasach eolais, bearna sa riar scileanna a theastaíonn chun straitéis an Ghrúpa a sholáthar, é seo go léir ag imirt tionchair ar ghnóthú forbairtí straitéiseacha. | ↔ | Tá an Grúpa ag coinneáil dírithe go láidir ar an réimse seo agus tá struchtúr clár pleanála comharbais ar bun ag an nGrúpa in éineacht le cláir forbartha bainistíochta. Tá clár earcaíochta céimí i bhfeidhm freisin. |

# Tuarascáil na Stiúrthóirí

**Anseo thíos tá tuarascáil bhliantúil na Stiúrthóirí agus ráitis airgeadais iniúchta Bhord na Móna plc don bhliain airgeadais dar críoch an 29 Márta 2017.**

## Príomhghníomhaíochtaí, Athbhreithniú Gnó agus Forbairtí Amach Anseo

Is éard a dhéanann an Grúpa ná leictreachas a ghintear ó mhóin, ó ghaoth, ó ola agus ó bhithmhais a sholáthar ag a stáisiúin ghiniúna agus móin a chur ar fáil mar bhreosla do stáisiúin ghiniúna leictreachais eile. Forbraíonn agus feidhmíonn an Grúpa feirmeacha gaoithe agus tionscadail i réimse an fhuinnimh in-athnuaite. Déanann sé brícíní móna agus earraí gairneoireachta freisin agus déanann sé soláthar ar sheirbhísí bainistíochta dramhaíola agus ar sheirbhísí saotharlainne tráchtála.

Cuimsíonn Ráiteas an Chathaoirligh ar leathanaigh 10-13 agus Athbhreithniú an Stiúrthóra Bainistíochta ar leathanaigh 14-17 an t-athbhreithniú gnó agus an t-athbhreithniú ar fhorbairt ghnó an Ghrúpa i rith na bliana, chomh maith le staid na ngnólachtaí ar an 29 Márta 2017, agus na teagmhais a tharla le déanaí agus na forbairtí a bhfuiltear ag súil leo amach anseo.

## Torthaí don bhliain agus díbhinní

| | €'000 |
|---|---|
| Brabús don bhliain airgeadais | 5,094 |
| Díbhinn íoctha | 4,495 |
| Brabús coinnithe don bhliain airgeadais | 599 |

Tugtar mionsonraí faoi thorthaí airgeadais Bhord na Móna cpt don bhliain airgeadais dár críoch an 29 Márta 2017 ar leathanaigh 75 go 124. D'fhógair agus d'íoc an Bord díbhinn de 0.0689 cent an scair (€4.5 milliún). Íocadh é seo i mí Iúil 2016.

## Stiúrthóirí

Cinneann dhá bhall déag den Bhord arna gceapadh ag an Aire Cumarsáide, Fuinnimh agus Acmhainní Nádúrtha an beartas i mBord na Móna. De ghnáth, ceaptar seachtar de na Stiúrthóirí ar feadh téarma cúig bliana. Ceaptar ceathrar de na Stiúrthóirí ar feadh téarma ceithre bliana, de réir na nAchtanna um Páirteachas Lucht Oibre (Fiontair Stáit) 1977 agus 1988. Ceaptar an Stiúrthóir Bainistíochta don Bhord ar a c(h)eapadh chuig an bpost sin. Seo thíos na Stiúrthóirí:

John Horgan, Cathaoirleach
Mike Quinn, Stiúrthóir Bainistíochta
Philip Casey
Denise Cronin
John Farrelly
Kevin Healy
Denis Leonard
Seamus Maguire
Paschal Maher
Gerard O'Donoghue
Elaine Treacy
Barry Walsh.

## Rialachas Corparáideach

Mar léiriú ar a thiomantas don dea-cháilíocht, choinnigh an Grúpa air ag leanúint an dea-chleachtais maidir le stiúradh a ghnó agus tuairisciú airgeadais agus tuairisciu ginearálta a chur i bhfeidhm. Cloíonn an Grúpa le forálacha na Roinne Airgeadais i dtaca le "Cód Cleachtais an Rialtais maidir le Rialachas Comhlachtaí Stáit" arna nuashonrú in 2009 ("an Cód"). Leagtar amach sa chód an creat rialachais a chomhaontaigh an Rialtas le haghaidh bainistíocht inmheánach agus caidreamh inmheánach agus caidrimh thuairiscithe sheachtraigh na gComhlachtaí Stáit Tráchtála.

## An Bord

Tá freagracht ar an mBord as maoirseacht agus treorú a dhéanamh ar Ghrúpa Bhord na Móna agus as a rath fadtéarmach a chinntiú. Déantar cinntí tar éis faisnéis iomchuí a bheith curtha ar fáil do chomhlachtaí an Bhoird agus le breithniú cuí ar na rioscaí a sainaithníodh tríd an bpróiseas bainistíochta riosca. Chuir an Bord sceideal cúrsaí in áirithe le haghaidh a chinneadh, lena n-áirítear:

- Straitéis an Ghrúpa, an Plean Cúig Bliana, Buiséid Bhliantúla agus ráitis airgeadais eatramhacha agus bhliantúla a fhaomhadh
- Athbhreithniú a dhéanamh ar fheidhmíocht oibriucháin agus airgeadais;
- Mórchaiteachas caipitil a fhaomhadh;
- Athbhreithniú ar chóras rialachais airgeadais agus bainistíochta riosca an Ghrúpa;
- Príomhoifigeach Feidhmiúcháin a cheapadh; agus,
- Rúnaí na Cuideachta a cheapadh.

Cuirtear faisnéis rialta ar fáil don Bhord ar bhonn tráthúil a chuimsíonn eochairtháscairí feidhmíochta i leith gach réimse den ghnó. Scaiptear tuairiscí agus páipéir do na Stiúrthóirí mar ullmhúchán do chruinnithe Boird agus Coiste.

Tá fáil ag gach comhalta den Bhord ar chomhairle agus ar sheirbhísí Rúnaí na Cuideachta atá freagrach don Bhord as a chinntiú go gcomhlíontar nósanna imeachta an Bhoird. Tá comhairleoirí gairmiúla an Ghrúpa ar fáil do Stiúrthóirí le haghaidh comhairliúcháin nuair is gá. D'fhéadfadh stiúrthóirí aonair comhairle ghairmiúil neamhspleách a ghlacadh de réir nósanna imeachta sainithe. Fuair na Stiúrthóirí uile faisnéis iomchuí ar a gceapadh chuig an mBord agus cuireann an Grúpa oiliúint ar fáil don Stiúrthóir i rith a t(h)éarma oifige.

Rinne an Bord meastóireacht inmheánach ar a fheidhmíocht le linn na tréimhse.

Bíonn an Bord agus an Lucht Bainistíochta i mbun idirphlé leanúnaigh le páirtithe leasmhara faoi shaincheisteanna straitéiseacha. Measann an Bord gur neamhspleách ó thaobh carachtair agus breithiúnais de iad na Stiúrthóirí go léir. Mar sin féin, tugann an Bord dá aire go bhfuil conarthaí fostaíochta le Bord na Móna ag an Stiúrthóir Bainistíochta agus ag ceathrar Stiúrthóirí a ceapadh de réir na nAchtanna um Páirteachas Lucht Oibre (Fiontair Stáit) 1977 agus 1988.

## Acht na gCuideachtaí, 2014 (an "tAcht")

**Coiste Iniúchóireachta**

Faoi réir fhorálacha alt 167 den Acht, deimhníonn na Stiúrthóirí go bhfuil Coiste um Riosca agus Iniúchadh ar bun acu a chomhlíonann riachtanais alt 167 den Acht.

**Ráiteas Comhlíontachta na Stiúrthóirí**

Is é beartas Bhord na Móna plc ná comhlíonadh le hoibleagáidí cuí an Chomhlachta, mar atá sainmhínithe in alt 225 den Acht. Admhaíonn gach duine de na Stiúrthóirí go bhfuil siad freagrach as comhlíontacht an Chomhlachta lena "oibleagáidí cuí" agus deimhníonn an méid seo a leanas:

- leagadh amach ráiteas beartais comhlíontacha ina leagtar amach beartais an Chomhlachta i dtaca le comhlíontacht de chuid an Chomhlachta lena "dhualgas ábhartha";
- cuireadh ar bun socruithe agus struchtúir chuí deartha chun comhlíontacht ábhartha a dhaingniú le "dualgais ábhartha" na Cuideachta; agus
- rinneadh athbhreithniú i gcaitheamh na bliana airgeadais ar na socruithe agus na struchtúir thuasluaite.

**Eolas Bainteach Iniúchóireachta**

De réir fhorálacha alt 330 den Acht, deimhníonn gach duine de na Stiúrthóirí an méid seo a leanas:

- chomh fada agus is eol do na stiúrthóirí, níl aon fhaisnéis ábhartha iniúchta ann nach bhfuil na hiniúchóirí reachtúla ar an eolas faoi; agus
- rinne na Stiúrthóirí gach beart ba cheart dóibh a dhéanamh chun iad féin a chur ar an eolas faoi fhaisnéis ábhartha um iniúchadh ar bith agus tá sé dearbhaithe acu go bhfuil na hiniúchóirí reachtúla ar an eolas faoin bhfaisnéis sin.

## Luach Saothair na Stiúrthóirí

Cinneann an Rialtas táillí do Stiúrthóirí agus leagann an tAire Cumarsáide, Gníomhú ar son na hAeráide agus Comhshaoil na táillí sin amach i scríbhinn. Tugtar breac-chuntas ar luach saothair na Stiúrthóirí i Nóta 5 de na ráitis airgeadais ar leathanach 90.

Ba iad na costais iomlán a íocadh leis na Stiúrthóirí i mbliain airgeadais 2016 ná €21,368. Bliain airgeadais 2015: €22,398) .

## Cruinnithe Boird

Tháinig an Coiste le chéile 14 uair le linn na bliana airgeadais.

**Coistí an Bhoird**

Tá ceithre bhuan-Choiste ag an mBord a fheidhmíonn faoi théarmaí tagartha foirmiúla.

Ba iad Denise Cronin (Cathaoirleach), John Farrelly agus Barry Walsh baill an Choiste Riosca agus Iniúchóireachta (RAC) ar an 25 Márta 2015. Tháinig an Coiste le chéile seacht n-uaire i rith na bliana airgeadais. Buaileann an Coiste ar bhonn tréimhsiúil leis an iniúchóir inmheánach agus leis an iniúchóir seachtrach d'fhonn plé a dhéanamh ar rialú cuntasaíochta inmheánach an Ghrúpa, ar an bhfeidhm iniúchta inmheánaigh, rogha na bpolasaithe cuntasaíochta agus teicnící meastacháin, ar an bplean iniúchta sheachtraigh, ar an tuarascáil iniúchta reachtúil, ar thuairisciú airgeadais, ar bhainistíocht riosca agus ar chúrsaí ábhartha eile. Tá fáil neamhtheoranta ag an iniúchóir inmheánach agus ag an iniúchóir seachtrach ar an gCoiste Riosca agus Iniúchóireachta. Tuairiscíonn Cathaoirleach an Choiste don Bhord maidir le gach saincheist shuntasach faoi chaibidil ag an gCoiste agus tugtar miontuairiscí na gcruinnithe do gach Stiúrthóir.

Déileálann an Coiste Luacha Saothair le luach saothair agus costais an Stiúrthóra Bainistíochta agus na hArdbhainistíochta laistigh de threoirlínte an Rialtais, Pleanáil Caipitil Daonna, Bainistíocht Chomharbais, Pinsin agus ábhair eile Acmhainní Daonna. Ba iad John Horgan (Cathaoirleach), Elaine Treacy agus Gerard O'Donoghue baill an Choiste ar an 29 Márta 2017. Freastalaíonn an Stiúrthóir Bainistíochta, Mike Quinn, ar an gCoiste ach amháin nuair a bhíonn a phost féin á phlé. Tháinig an Coiste le chéile ocht n-uaire le linn na bliana airgeadais.

Measann an Coiste Airgeadais gné airgeadais na gcúrsaí a chuirtear faoi bhráid an Bhoird, lena n-áirítear an Buiséad Bliantúil agus an Plean Cúig Bliana chomh maith le soláthar, diúscairt agus léasú talún, foirgneamh agus saoráidí. Ba iad John Horgan (Cathaoirleach), Kevin Healy, Denis Leonard, Pascal Maher agus Mike Quinn baill an Choiste sin ar an 29 Márta 2017. Tháinig an Coiste le chéile dhá uair le linn na bliana airgeadais.

Cuireann an Coiste Sláinte agus Sábháilteachta comhairle ar an mBord i dtaobh cúrsaí Sláinte agus Sábháilteachta laistigh de Ghrúpa Bhord na Móna. Ba iad Colm Ó'Gógáin (Cathaoirleach), Philip Casey, Gerard O'Donoghue agus Mike Quinn na baill ar an 29 Márta 2017. Tháinig an Coiste le chéile trí huaire le linn na bliana airgeadais.

# Tuarascáil na Stiúrthóirí

**Tinreamh ag Cruinnithe Boird agus Coiste**

Déantar achoimre sa tábla thíos ar thinreamh na Stiúrthóirí ar chruinnithe Boird agus Coiste ar a raibh siad incháilithe le freastal orthu le linn na bliana dar críoch an 29 Márta 2017.

| | Cruinnithe an Bhoird ar ar Freastalaíodh in 2015/Incháilithe | Cruinnithe Coiste ar Freastalaíodh Orthu/Incháilithe |
|---|---|---|
| J Horgan (Cathaoirleach) | 14/14 | 10/10 |
| M Quinn (Stiúrthóir Bainistíochta | 13/14 | 5/5 |
| P Casey | 11/14 | 3/3 |
| D Cronin | 14/14 | 7/7 |
| J Farrelly | 13/14 | 7/7 |
| K Healy | 14/14 | 2/2 |
| D Leonard | 13/14 | 1/2 |
| S Maguire | 14/14 | 3/3 |
| G O'Donoghue | 13/14 | 11/11 |
| E Treacy | 12/14 | 8/8 |
| B Walsh | 14/14 | 6/7 |
| P Maher | 12/14 | 2/2 |

## Rialuithe Inmheánacha

Tá freagracht fhoriomlán ag na Stiúrthóirí as córais rialaithe inmheánaigh an Ghrúpa agus as athbhreithniú a dhéanamh ar a éifeachtaí atá sé. Ceaptar na córais sin chun riosca a bhainistiú agus dearbhú réasúnta, ach ní daingean, a thabhairt i gcoinne míshonrú nó caillteanas ábhartha. Dearbhaíonn an Bord go bhfuil athbhreithniú déanta aige ar éifeachtúlacht an chórais rialaithe inmheánaigh.

Tá freagracht ar an mBainistíocht as dearadh agus oibríocht chórais srianta inmheánacha cuí. Tá an córas rialaithe inmheánaigh deartha lena chinntiú go ndéantar na hidirbhearta a chomhlíonadh de réir údarú an Lucht Bainistíochta, go ndéantar bearta réasúnta chun sócmhainní a chosaint agus calaois a chosc, agus go gcoinnítear taifid airgeadais chuí. Tuairiscíonn an Lucht Bainistíochta don Bhord maidir le hathruithe ábhartha sa ghnó agus sa timpeallacht sheachtrach a théann i gcion ar riosca.

Ar na príomhnósanna imeachta atá curtha i bhfeidhm ag an mBord chun rialú inmheánach éifeachtach a chur ar fáil tá:

- struchtúr eagrúcháin ina bhfuil nósanna imeachta oibriúcháin agus tuairiscithe soiléire, teorainneacha údaraithe, deighilt dualgas agus údaráis tharmligthe;
- rinneadh freagrachtaí bainistíochta atá sainithe go soiléir a shocrú ar fud an Ghrúpa agus fuarthas seirbhísí pearsanra cháilithe agus rinneadh dualgais a leithdháileadh go cuí orthu;
- ráiteas maidir le cinntí forchoimeádta don Bhord;
- próiseas bainistíochta riosca a chuireann ar ár gcumas againn rioscaí a d'fhéadfadh dul i gcion ar fheidhmíocht agus ar chuspóirí an ghnó a shainaithint agus a mheasúnú agus a chinntíonn go ndéantar pleananna cuí maolaithe d'fhonn an riosca iarmharach a laghdú oiread agus is féidir;
- próiseas cuimsitheach buiséadaithe le haghaidh gach gnó agus le haghaidh na lársheirbhísí tacaíochta arb é a bhuaicphointe é buiséad bliantúil an Ghrúpa arna fhaomhadh ag an mBord;
- próiseas cuimsitheach pleanála le haghaidh gach gnó agus le haghaidh na lársheirbhísí tacaíochta arb é a bhuaicphointe é plean fadtéarmach an Ghrúpa arna fhaomhadh ag an mBord;
- córas cuimsitheach le haghaidh tuairisciú airgeadais ina ndéantar an fheidhmíocht iarbhír i gcoinne an bhuiséid, an bhliain a d'imigh, tuartha, táscairí feidhmíochta agus difríochtaí suntasacha a thuairisciú don Bhord gach mí;
- sraith beartas agus nósanna imeachta i dtaca le rialuithe oibriúcháin agus airgeadais lena n-áirítear caiteachas caipitil;
- nósanna imeachta a thugann aghaidh ar impleachtaí airgeadais mór-rioscaí gnó, lena n-áirítear ionstraimí airgeadais, cleachtais tarmligin, agus deighilt dualgas, dá dtugann nósanna imeachta monatóireachta tacaíocht;
- tá an lucht bainistíochta ag gach leibhéal freagrach as rialú inmheánach ar a fheidhmeanna gnó féin; agus
- i measc nósanna imeachta monatóireachta ar chórais rialaithe inmheánaigh tá obair an Choiste Riosca agus Iniúchóireachta, athbhreithnithe bainistíochta agus an úsáid a bhaintear as sainchomhairleoirí seachtracha agus as iniúchadh inmheánach..

San iniúchadh inmheánach breathnaítear ar chórais rialaithe an Ghrúpa trí thuarascálacha airgeadais a scrúdú, trí chruinneas na n-idirbheart a thástáil agus trína dhearbhú ar bhealaí eile go bhfuil na córais ag feidhmiú de réir bheartais agus cheanglais rialaithe an Ghrúpa. Tuairiscíonn lucht an iniúchta inmheánaigh go díreach don Choiste Riosca agus Iniúchóireachta maidir le feidhmiú na rialuithe inmheánacha agus déanann moltaí maidir le feabhsúcháin ar an timpeallacht rialaithe más cuí.

Tá creat láidir i bhfeidhm ag an nGrúpa d'fhonn athbhreithniú a dhéanamh ar leorgacht na rialuithe inmheánacha agus monatóireacht a dhéanamh ar a éifeachtaí atá siad, lena n-áirítear na rialuithe airgeadais, oibriúcháin, bainistíochta riosca agus comhlíontachta. Tá an Bord sásta go bhfuil an córas rialaithe inmheánaigh atá i bhfeidhm oiriúnach don ghnó.

Tá athbhreithniú déanta ag an mBord ar a éifeachtaí a bhí an córas rialaithe inmheánaigh suas go dtí an dáta ar ar faomhadh na ráitis airgeadais. Rinne an RAC athbhreithniú mionsonraithe agus a thorthaí a thuairisciú don Bhord. Áirítear leis an bpróiseas a úsáideadh chun athbhreithniú a dhéanamh ar a éifeachtaí atá an córas rialuithe inmheánacha:

- athbhreithniú agus breithniú ar an gclár oibre um iniúchadh inmheánach agus breithniú ar a thuarascálacha agus a thorthaí;
- athbhreithniú ar thuairisciú rialta ón iniúchadh inmheánach maidir le stádas na timpeallachta rialaithe inmheánaigh agus stádas na moltaí a rinneadh roimhe sin ina dtuarascálacha féin agus i dtuarascálacha an iniúchóra sheachtraigh;
- athbhreithniú ar thuarascálacha an iniúchóra sheachtraigh ina dtugtar mionsonraí faoi fhadhbanna ábhartha ar bith atá ann maidir le rialú airgeadais inmheánach, arna sainaithint acu ina gcáil oibre mar iniúchóirí; agus,
- athbhreithniú ar thuarascálacha an chláir rioscaí, ar na frithbhearta atá i bhfeidhm leis an riosca sin a mhaolú, ar an riosca iarmharach atá fágtha agus ar na bearta is gá a dhéanamh nó atá á ndéanamh chun na rioscaí a mhaolú tuilleadh.

## Príomhrioscaí agus Éiginnteachtaí

Tá freagracht fhoriomlán ar an mBord as rioscaí a bhainistiú, lena n-áirítear cinneadh a dhéanamh i dtaobh cineál agus méid na rioscaí suntasacha a bhfuil sé toilteanach glacadh leo chun a chuspóirí straitéiseacha agus oibriúcháin a shaothrú. Chun aghaidh a thabhairt air sin, bhunaigh an Bord Córas Bainistíochta Riosca a dhéanann rialuithe agus bearta maolaitheacha a shainaithint, a mheasúnú agus a chur i bhfeidhm, agus a dhéanann monatóireacht agus tuairisciú ar rioscaí suntasacha laistigh de Bhord na Móna. Tugtar mionsonraí faoi na príomhrioscaí atá roimh an nGrúpa agus faoi oibríocht Chóras Bhainistíochta Riosca Bhord na Móna ctp don bhliain airgeadais 2017 ar leathanaigh 64-65.

## Scairshealbha na Stiúrthóirí agus an Rúnaí

Tá 5% de mhéid iomlán na ngnáthscaireanna i mBord na Móna p.l.c. fós á sealbhú ag Plean Bhord na Móna um Scair-Úinéireacht d'Fhostaithe (ESOP) thar ceann 2,102 rannpháirtí incháilithe (fostaithe reatha agus fostaithe atá éirithe as) i Scéim Roinnte Brabúis Fhaofa (APPS) Bhord na Móna.

Tá an tUasal Philip Casey, an tUasal Kevin Healy, an tUasal Seamus Maguire, an tUasal Paschal Maher agus an Rúnaí ina rannpháirtithe de chuid Phlean Bhord na Móna um Scair-Úinéireacht d'Fhostaithe agus ag tús agus deireadh na bliana airgeadais tá leithdháileadh barúlach 1,771 gnáthscair acu i mBord na Móna p.l.c. atá i seilbh Scéim Roinnte Brabúis Fhaofa Bhord na Móna. Ní raibh leasanna ar bith ag na Stiúrthóirí eile ná ag a dteaghlach i scaireanna Bhord na Móna p.l.c ná i gcuideachta ar bith eile de chuid an Ghrúpa le linn na bliana dar críoch an 29 Márta 2017.

## Gnóthas Leantach

Tar éis dóibh fiosruithe a dhéanamh, creideann na Stiúrthóirí go bhfuil dóthain acmhainní ag Bord na Móna chun leanúint ar aghaidh lena oibríochtaí go ceann i bhfad agus gur cuí glacadh go fóill le bonn an ghnóthais leantaigh chun na ráitis airgeadais a ullmhú.

## Iartheagmhais

Ní raibh aon imeachtaí ann idir dáta an chláir chomhardaithe agus an dáta ar a ceadaíodh na ráitis airgeadais.

## Leabhair Chuntais

Creideann na stiúrthóirí go bhfuil siad tar éis ceanglais Alt 281 d'Acht na gCuideachtaí, 2014, maidir leis an oibleagáid atá orthu leabhair chuntais leordhóthanacha a choinneáil, a chomhlíonadh, óir fostaítear foireann chuntasaíochta a bhfuil saineolas cuí acu agus cuirtear leoracmhainní ar fáil don fheidhm airgeadais. Coinnítear na leabhair chuntais in oifig chláraithe an Ghrúpa, an Phríomhshráid, an Droichead, Co. Chill Dara.

## Íoc Pras Cuntas

Admhaíonn na Stiúrthóirí go bhfuil siad freagrach as a chinntiú go bhfuiltear i gcomhlíonadh ar gach bealach ábhartha le soláthairtí an Achta um Íocaíochtaí Prasa Cuntais, 1997, agus le Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Íocaíocht Dhéanach in Idirbhearta Tráchtála) de 2002, agus le Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Íocaíocht Dhéanach in Idirbhearta Tráchtála) de 2012 - 2016, ("na Rialacháin"). .Cuireadh nósanna imeachta i bhfeidhm chun na dátaí ar a mbeidh sonraisc dlite i gcomhair íocaíochta a shainaithint agus chun a chinntiú go ndéantar na híocaíochtaí faoi na dátaí sin. Tugann na nósanna imeachta sin dearbhú réasúnta, ach ní daingean, i gcoinne neamhchomhlíonadh ábhartha na Rialachán. Tá na Stiúrthóirí sásta go raibh Bord na Móna p.l.c i gcomhlíonadh le ceanglais na Rialachán ar gach bealach ábhartha maidir le híocaíochtaí le soláthraithe seachtracha san AE. I 2015 láinseáil an Rialtas an Cód lompair um Íocaíochtaí Prasa agus is sínitheoir é Bord na Móna den chód seo, rud a chiallaíonn go bhfuil ceangaltas air soláthraithe a íoc laistigh de théarmaí comhaontaithe.

## Príomh-fhochuideachtaí agus Comhfhiontair

Leagtar amach i nóta 25 de na ráitis airgeadais sonraí an Ghrúpa maidir le príomh-fhochomhlachtaí oibríochta an Ghrúpa (lena náirítear brainsí thar lear) agus comhpháirtíochtaí.

## Taighde agus Forbairt

Tá straitéis an Ghrúpa ar thaighde agus ar fhorbairt agus na costais tabhaithe le linn na bliana leagtha amach in athbhreithniú an Phríomhoifigigh Airgeadais ar an tuarascáil bhliantúil seo.

## Síntiúis Pholaitíochta

Ní dhearna an Bord aon síntiúis pholaitíochta le linn na bliana (Bliain Airgeadais 2016: €náid).

## Iniúchóirí Neamhspleácha

De réir Alt 383(2) d'Acht na gCuideachtaí, 2014, fanfaidh an t-iniúchóir, KPMG, Cuntasóirí Cairte, in oifig.

Thar ceann an Bhoird:

| Sínithe: | **John Horgan**<br>Cathaoirleach agus Stiúrthóir | **Mike Quinn**<br>Stiúrthóir Bainistíochta |
|---|---|---|

22 Meitheamh 2017

# Rúnaí an Bhoird agus na Cuideachta




**John Horgan (Cathaoirleach)**

Ceapadh John Horgan chuig an mBord in Aibreán 2012 agus ina Chathaoirleach i Meán Fómhair 2012. Is Sainchomhairleoir Acmhainní Daonna neamhspleách é. Tá céim san Eolaíocht Shóisialta aige ó Choláiste Ollscoile Bhaile Átha Cliath, MA sa Chaidreamh Tionsclaíoch ó Ollscoil Warwick agus MA sa Stair ó Ollscoil na hÉireann, Gaillimh. Tar éis dó gabháil le poist sa tseirbhís phoiblí sa Ríocht Aontaithe agus in Éirinn, ceapadh ina Leaschathaoirleach ar an gCúirt Oibreachais é agus ina Chathaoirleach uirthi ar ball. D'oibrigh sé ag GPA sa tSionainn ina dhiaidh sin agus bhí sé ina Stiúrthóir Acmhainní Daonna i roinnt cuideachtaí ilnáisiúnta.




**Mike Quinn (Stiúrthóir Bainistíochta)**

Ceapadh Mike Quinn ina Stiúrthóir Bainistíochta le héifeacht ón Eanáir 2015. Sular thosaigh sé ag obair ag Bord na Móna, ba Leas-Uachtarán Grúpa é ag Precision Castparts. Ghabh sé le poist ardbhainistíochta freisin in Tellabs, Stryker agus Lufthansa Technik tar éis dó obair innealtóra a dhéanamh ag Amdahl Ireland agus Apple Computers. Tá céim san Fhisic agus sa Leictreonaic aige ó Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath chomh maith le cáilíocht iarchéime sa Bhainistíocht Tionscadal ó Ollscoil Luimnigh. Tá staidéar déanta aige freisin faoi chláir Ardcheannaireachta in Ollscoil Cranfield agus Ollscoil Michigan araon.



**Philip Casey**

Ceapadh Philip Casey chuig an mBord in Eanáir 2016 faoi na hAchtanna um Páirteachas Lucht Oibre (Fiontair Stáit) 1977 agus 1988. Chuaigh sé le Bord na Móna in 1980 mar oibrí séasúrach in Oibreacha na hAbhann Duibhe. Ghlac sé le post buan i mí na Nollag 1981. Tá sé fostaithe faoi láthair mar shealoibrí in WOP. Tá Teastas HETAC aige sa tSláinte agus Sábháilteacht agus teastas HETAC i gCúrsaí Gnó/Staidéar Cceardchumainn ó Choláiste Náisiúnta na hÉireann.



**Denise Cronin**

Ceapadh Denise Cronin chuig an mBord i mí Mheán Fómhair 2011 agus athcheapadh í i mí na Bealtaine 2016. D'oibrigh sí le cúrsaí airgeadais i roinnt cuideachtaí Éireannacha agus Meiriceánacha thar réimse tionscal. Is Comhalta de chuid Chuntasóirí Cairte na hÉireann í Denise agus tá Baitsiléir Tráchtála (Onóracha) aici ó Choláiste na hOllscoile, Corcaigh agus Dioplóma i Riosca, Iniúchóireacht Inmheánach agus Comhlíontacht ó Chuntasóirí Cairte na hÉireann. Bíonn sí ag obair freisin le roinnt comhlachtaí neamhbhrabúsacha.



**John V Farrelly**

Toghadh John V Farrelly chun na Dála in 1981. Ceapadh John chuig an mBord i Meitheamh 2014. Is duine de Stiúrthóirí Cheantálaithe agus Ghníomhairí Eastáit DNG Royal County é. Bhí sé ina Sheanadóir ó 1993 go 1997 agus ina Theachta Dála ó 1981 go 1992 agus ó 1997 go 2002. Bhí sé ina bhall de Chomhairle Chontae na Mí ó 1975 go 2014 agus bhí sé mar Chathaoirleach faoi dhó. Bhí John ina Chathaoirleach ar Thurasóireacht na Mí agus tá sé ina Stiúrthóir air faoi láthair. Bhí sé ina Chathaoirleach freisin ar Choiste Réigiún Oirthear na Teorann. Is céimí de chuid Choláiste Talmhaíochta Bhaile an Bhairínigh é.



**Kevin Healy**

Ceapadh Kevin Healy chuig an mBord in Eanáir 2015 faoi na hAchtanna um Páirteachas Lucht Oibre (Fiontair Stáit) 1977 agus 1988. Thosaigh sé ag obair le Bord na Móna in 1975 agus é ina Shuirbhéir Cúnta ag Oibreacha na Buaraí mar a rabhthas ag plé le fuinneamh móna. Bhí poist aige freisin ag coimeád taifead, ag rialú costas cothabhála agus ag obair le párolla agus stórais. Is é duine de na daoine é a bhunaigh an grúpa a chuir tús le Páirc Foghlama Loch na Buaraí agus tá baint fós aige le forbairt na Páirce agus le heagraíochtaí pobail áitiúla. Bhí sé ina Mhaor Siopa, ina Rúnaí Brainse agus ina chomhalta de Choiste Rannóige an Cheardchumainn Seirbhísí, Tionsclaíoch, Gairmiúil agus Teicniúil (SIPTU).



**Denis Leonard**

Ceapadh Denis Leonard chuig an mBord i Meitheamh 2014. Is Príomhoide é ar choláiste breisoideachais i nDún Búinne agus tá sé tar éis a bheith ina chomhalta de Chomhairle Contae na hIarmhí agus de Bhord Oideachais agus Oiliúna an Longfoirt–na hIarmhí. Tá céim sna hEalaíona agus céim Mháistir i Staidéar an Chomhionannais aige ó Choláiste Ollscoile Bhaile Átha Cliath, chomh maith le hiarchéim sa Treoir um Oideachas Aosach ó Ollscoil na hÉireann, Má Nuad. Tá tréimhsí caite aige ar bhoird Greenpeace agus VOICE agus ar bhord charthanais Thuaidh-Theas do leanaí. Tá seantaithí aige ar chúrsaí comhshaoil agus tá clár raidió ina leith á léiriú agus á chur i láthair aige le cúig bliana anuas. D'oibrigh sé le cuid mhór eagraíochtaí áitiúla agus náisiúnta a phléann le forbairt pobail agus le cúrsaí iompair, comhshaoil agus carthanais agus bhí sé ina Chathaoirleach freisin ar Fhóram Oidhreachta na hIarmhí.



**Seamus Maguire**

Ceapadh Seamus Maguire chuig an mBord in Eanáir 2015 faoi na hAchtanna um Páirteachas Lucht Oibre (Fiontair Stáit) 1977 agus 1988. Chuaigh sé le Bord na Móna in 1974 mar phrintíseach oirtheora i gceardlann Dhoire Dhraighneach. Ar chríochnú na printíseachta sin dó, d'aistrigh sé chuig ceardlann Bhaile an Chonnaidh mar a raibh sé ina oirtheoir ceantair ar feadh roinnt blianta. D'fhill sé ar Dhoire Dhraighneach in 1988 agus ó 1990 i leith tá sé ar fhoireann déantúsaíochta PBR. Toscaire de chuid an Chomharchumainn Leictreachais agus Innealtóireachta Teicniúla i nGrúpa Comharchumann Bhord na Móna ab ea é ó 1998 i leith. Oileadh mar theagascóir láimhsithe sábháilte é in 2006 agus tugann sé tacaíocht anois do theagascóirí oiliúna eile nuair is gá. Is é ionadaí sábháilteachta Dhoire Dhraighneach é agus ball den Lárchoiste Sláinte agus Sábháilteachta i láthair na huaire.



**Paschal Maher**

Ceapadh Paschal Maher chuig an mBord i mí na Bealtaine 2016 faoi na hAchtanna um Páirteachas Lucht Oibre (Fiontair Stáit) 1977 agus 1988. Bhí sé mar Stiúrthóir ar an mBord céanna roimhe seo i 2014 Chuaigh sé isteach i mBord na Móna mar oibrí séasúrach i dtáirgeadh móna i 1980 agus ceapdh é mar thiománaí lánaimseartha meaisín i 1983. D'aistrigh sé chuig Oibríochtaí Iompair i 1986 agus ceapadh é mar Cheann Foirne i 1990, post atá aige faoi láthair. Tá sé ag obair in Oibreacha na hAbhann Duibhe i gcaitheamh a shaol oibre.



**Gerard O'Donoghue**

Ceapadh Gerard O'Donoghue chuig an mBord i nDeireadh Fómhair 2012. Is dlíodóir é atá ag cleachtadh a ghairme agus cheap an Chúirt Uachtarach ina nótaire poiblí é in Iúil 2005. Is é an príomhdhlíodóir é i gcleachtadh White O'Donoghue and Company, Dlíodóirí, Mainistir Laoise, Co. Laoise.



**Colm Ó Gógáin**

Ceapadh Colm Ó Gógáin chuig an mBord in Eanáir 2011 faoi na hAchtanna um Páirteachas Lucht Oibre (Fiontair Stáit) 1977 agus 1988. Thosaigh sé ag obair le Bord na Móna in 1974 agus chuaigh sé le roinnt post lena n-áirítear Príomhfheidhmeannach Ghnó Breoslaí Bhord na Móna Tta., Stiúrthóir ar Ghnó Comhshaoil Bhord na Móna Tta. agus le deireanas Ceannasaí Bonneagair Straitéisigh. Tá Baitsiléir Innealtóireachta (Meicniúla) aige ó Choláiste Ollscoile Bhaile Átha Cliath. Is Innealtóir Cairte agus Comhalta de chuid Innealtóirí Éireann é. Scor sé ón mBord sa Bhealtaine 2016.



**Elaine Treacy**

Ceapadh Elaine Treacy chuig an mBord in Iúil 2012. Tá scór bliain de thaithí ag Elaine san earnáil teicneolaíochta agus cuid mhór saineolais dá bharr i ndíolachán idirnáisiúnta, margaíocht, straitéis ghnó, tiomsú caipitil agus cumais agus éadálacha. Tá idir chuideachtaí poiblí teoranta, eagraíochtaí san earnáil phoiblí agus eagraíochtaí nuathionscanta i gceist lena gairmréim. Tá sí i gceannas ar oibríochtaí Díolacháin & Margaíochta na Ríochta Aontaithe don Ghrúpa AMCS, ar ceannródaí domhanda é i dteicneolaíocht agus i mbogearraí athchúrsála agus dramhaíola. Tá céim Mháistir sa Staidéar Gnó agus Baitsiléir sa Tráchtáil ag Elaine ó Ollscoil na hÉireann, Gaillimh.



**Barry Walsh**

Ceapadh Barry Walsh ar an mBord i nDeireadh Fómhair 2012. Is cuntasóir é a bhfuil formhór a ghairmréime caite aige ag obair in ardphoist airgeadais i nGrúpa Beatha na hÉireann. Ó 2012 go dtí 2014 nuair a chuaigh sé ar scor, ba é Rúnaí Cuideachta Ghrúpa Beatha na hÉireann é. Is é an Cathaoirleach ar Scéim Pinsin Foirne Bheatha na hÉireann faoi láthair é. Sula ndeachaigh sé le Beatha na hÉireann bhí sé ina Chigire Cánach leis na Coimisinéirí Ioncaim.



**Anna Marie Curry - Rúnaí Cuideachta**

Ceapadh Anna-Marie ina Rúnaí Cuideachta ar 1 Aibreán 2017. Dlíodóir cleachtais í Anna-Marie, agus tá sí ina Ceannasaí ar an Rannóg Dlí i mBord na Móna ó 2007. Sular thosaigh sí ag obair le Bord na Móna, fuair Anna-Marie oiliúint agus cleachtadh mar dhlíodóir corparáideach le Arthur Cox i mBaile Átha Cliath. Tá B.A agus LL.B ag Anna-Marie ó Ollscoil na hÉireann, Gaillimh agus Máistreacht sa Dlí (LL.M.) aici ó Ollscoil Dhún Éideann.

# Ráiteas faoi Fhreagrachtaí na Stiúrthóirí

## Ráiteas faoi Fhreagrachtaí na Stiúrthóirí maidir le Tuarascáil na Stiúrthóirí agus na Ráitis Airgeadais

Tá na Stiúrthóirí freagrach as tuarascáil na Stiúrthóirí agus na ráitis airgeadais a ullmhú de réir an dlí agus na rialachán is infheidhme.

Ceanglaíonn dlí na gcuideachtaí ar na stiúrthóirí ráitis airgeadais a ullmhú i gcomhair gach bliain airgeadais. De réir an dlí sin roghnaigh siad ar ráitis airgeadais an Ghrúpa a ullmhú i gcomhréir leis na Caighdeáin Idirnáisiúnta um Thuairisciú Aireagadais (IFRS) lenar ghlac an tAontas Eorpach agus leis an dlí is infheidhme, agus ráitis airgeadais na Cuideachta de réir Chreatlaí Faisnéise Laghdaithe FRS 101.

De réir dhlí na cuideachta, ní ceadmhach do na stiúrthóirí ráitis airgeadais an Ghrúpa agus na Cuideachta a fhaomhadh mura bhfuil siad sásta go dtugtar léargas fíorcheart iontu ar shócmhainní, ar dhliteanais agus ar staid airgeadais an Ghrúpa agus na Cuideachta agus ar bhrabús nó ar chaillteanas an Ghrúpa don bhliain sin. Agus gach ceann de na ráitis airgeadais Ghrúpa agus Chuideachta á n-ullmhú, ceanglaítear an méid seo a leanas ar na stiúrthóirí:

- beartais chuntasaíochta oiriúnacha a roghnú agus iad a chur i bhfeidhm go seasta;
- breithiúnais agus meastacháin a dhéanamh atá stuama réasúnta;
- cuir in iúl cé acu atá ráitis airgeadais an Ghrúpa ullmhaithe de réir an IFRS de réir mar atá glactha ag an AE agus go bhfuil ráitis airgeadais na Cuideachta ullmhaithe de réir na Creatlaí Faisnéisithe Laghdaithe FRS 101; agus
- na ráitis airgeadais a ullmhú ar bhonn an ghnóthais leantaigh mura bhfuil sé mí-oiriúnach glacadh leis go leanfaidh an Grúpa agus an Chuideachta de bheith i mbun gnó.

Tá na stiúrthóirí freagrach as leorthaifid chuntasaíochta a choinneáil a léiríonn, le cruinneas réasúnta ag tráth ar bith, staid airgeadais na Cuideachta agus an Ghrúpa agus a chuireann ar a gcumas a chinntiú go gcloíonn na ráitis airgeadais le hAcht na gCuideachtaí, 2014. Tá na stiúrthóirí freagrach freisin as bearta réasúnta a dhéanamh chun sócmhainní an Ghrúpa a chosaint agus chun calaois agus mírialtachtaí eile a chosc agus a bhrath. Chomh maith leis sin, tá freagracht ar na stiúrthóirí as tuarascáil stiúrthóirí a ullmhú a chloíonn le ceanglais Acht na gCuideachtaí, 2014.

Tá na stiúrthóirí freagrach as cothabháil agus sláine na faisnéise corparáidí agus airgeadais atá ar shuíomh gréasáin na Cuideachta. D'fhéadfadh reachtaíocht Phoblacht na hÉireann lena rialaítear ullmhúchán agus scaipeadh na ráiteas airgeadais a bheith difriúil le reachtaíocht dlínsí eile.

Thar cheann an bhoird

| **John Horgan** | **Mike Quinn** |
|---|---|
| Cathaoirleach agus Stiúrthóir | Stiúrthóir Bainistíochta |

22 Meitheamh 2017

# Tuarascáil an Iniúchóra Neamhspleách

Tá iniúchadh déanta againn ar ráitis airgeadais an Ghrúpa agus na Cuideachta ("ráitis airgeadais") de Bord na Móna CPT don bhliain dar críoch 29 Márta 2017 ina bhfuil an ráiteas ioncaim chomhdhlúite, an ráiteas comhdhlúite den ioncam iomlán cuimsitheach, clár comhordaithe comhdhlúite na cuideachta, na ráitis chomhdhlúite agus ráitis chuideachta de na hathruithe sa chothromas, an ráiteas comhdhlúite de shreafaí airgeadais, agus na nótaí gaolmhara. Tá an chreatlach um thuairisciú airgeadais atá curtha i bhfeidhm agus ráitis airgeadais an Ghrúpa á n-ullmhú mar dhlí na hÉireann agus mar Chaighdeáin Idirnáisiúnta um Thuairisciú Airgeadais (IFRS) mar atá glactha leis ag an Aontas Eorpach, agus, maidir le ráitis airgeadais na Cuideachta, Dlí na hÉireann agus an Chreatlach Faisnéise Laghdaithe FRS 101. Rinneadh ár n-iniúchadh de réir na gCaighdeán Idirnáisiúnta ar Iniúchtaí (An Ríocht Aontaithe & Éire).

### Tuairimí agus conclúidí mar gheall ar ár n-iniúchadh

### 1 Níl aon athrú ar ár dtuairim ar na ráitis airgeadais

Dar linn:

- tugann ráitis airgeadais an Ghrúpa léargas ceart agus cóir ar shócmhainní, dliteanais agus staid airgeadais an Ghrúpa ar an 29 Márta 2017 agus ar bhrabús an Ghrúpa sa bhliain ar tháinig deireadh léi ansin;
- tugann ráitis airgeadais na Cuideachta léargas ceart agus cóir ar shócmhainní, dliteanais agus staid airgeadais na Cuideachta ar an 29 Márta 2017;
- Ullmhaíodh ráitis aonair airgeadais na Cuideachta de réir FRS 101 mar atá glactha leis ag an Aontas Eorpach;
- ulllmhaíodh ráitis airgeadais na cuideachta de réir an Chreata Faisnéise Laghdaithe FRS101; agus
- gur ullmhaíodh ráitis airgeadais an Ghrúpa agus na Cuideachta i gceart i gcomhréir le riachtanais Acht na gCuideachtaí, 2014.

### 2 Tá ár gconclúidí ar cheisteanna eile ar ar gá dúinn tuairisciú de réir Acht na gCuideachtaí, 2014, tá siad leagtha amach thíos

Tá an t-eolas agus na míniúcháin go léir a mheasaimid gá a bheith leo ar mhaithe lenár n-iniúchadh faighte againn.

Is é ár dtuairim gur leor taifid chuntasaíochta na Cuideachta ionas go bhféadfaí na ráitis airgeadais a iniúchadh go héasca agus go cuí agus tá na ráitis airgeadais ag teacht leis na taifid chuntasaíochta.

Is é ár dtuairim go bhfuil an t-eolas atá tugtha i dTuarascáil na Stiúrthóirí i gcomhréir leis na ráitis airgeadais.

### 3 Níl rud ar bith le tuairisciú againn maidir le nithe ar ar gá dúinn tuairisciú de réir eisceachta

Tugann CIlnna (an RA agus Éire) orainn tuairisciú duit, i bhfianaise an eolais atá faighte againn i rith ár n-iniúchta, má tá eolas aitheanta againn sa tuarascáil bhliantúil ina bhfuil neamhréir ábhartha leis an eolas sin nó leis na ráitis airgeadais, míráiteas ábhartha fírice, nó atá míthreorach ar bhealach eile.

Chomh maith leis sin, tugann Acht na gCuideachtaí, 2014, orainn tuairisciú daoibh má mheasaimid nár nochtadh luach saothair agus idirbhearta stiúrthóirí, dar linn, mar is gá de réir ailt 305 go dtí 312 den Acht.

Faoin gCód Cleachtais um Rialachas Comhlachtaí Stáit (''an Cód''), is gá dúinn tuairisciú daoibh mura léiríonn an ráiteas maidir leis an gcóras rialaithe inmheánaigh airgeadais atá mar cheangal faoin gCód, mar atá san áireamh i dtuarascáil na stiúrthóirí ar leathanach 68-69, mura léiríonn sé comhlíontacht an Ghrúpa le halt 13.1 (iii) den Chód nó mura bhfuil sé i gcomhréir leis an eolas atá ar eolas againn ón ár n-obair iniúchóireachta ar na ráitis airgeadais agus tuairiscímid mura bhfuil.

# Tuarascáil an Iniúchóra Neamhspleách

## Bunús ár dtuarascála, freagrachtaí agus srianta ar úsáid

Mar a mhínítear ar bhealach níos iomláine i Ráiteas Fhreagrachtaí na Stiúrthóirí, rud atá leagtha amach ar leathanach 72, tá na stiúrthóirí freagrach as ullmhú na ráiteas airgeadais agus as a bheith sásta go dtugann siad léargas ceart agus cóir agus go bhfuil siad ag cloí amach uaidh sin le hAcht na gCuideachtaí, 2014. Táimid freagrach as tuairim a iniúchadh agus a chur in iúl maidir leis na ráitis airgeadais de réir an dlí in Éirinn agus na Caighdeáin Idirnáisiúnta um Iniúchóireacht (An Ríocht Aontaithe agus Éire). Iarrann na caighdeáin sin orainn cloí le Caighdeáin na Comhairle Tuairiscithe Airgeadais um Eitic d'Iniúchóirí.

Cuimsíonn iniúchadh a dhéantar i gcomhréir le CIInna (an RA agus Éire) fáil fianaise faoi na méideanna agus an nochtadh sna ráitis airgeadais ar leor í chun cinnteacht réasúnta a chur ar fáil go bhfuil na ráitis airgeadais saor ó mhíráiteas ábhartha, bíodh sé mar gheall ar chalaois nó earráid. Tugann na caighdeáin sin orainn cloí le Caighdeáin Eiticiúla na Comhairle um Thuairisciú Airgeadais d'Iniúchóirí.Cuimsíonn sé seo measúnú ar: cé acu an bhfuil nó nach bhfuil na beartais chuntasaíochta cuí do chúinsí na Cuideachta agus an Ghrúpa agus ar cuireadh i bhfeidhm iad go comhsheasmhach agus ar nochtadh go himleor iad; réasúnacht na meastachán suntasach cuntasaíochta a rinne na stiúrthóirí; agus cur i láthair foriomlán na ráiteas airgeadais.

Chomh maith leis sin, léimid an t-eolas airgeadais agus neamhairgeadais go léir i dTuarascáil na Stiúrthóirí chun neamhréireanna ábhartha leis na ráitis airgeadais iniúchta a aithint agus chun eolas ar bith atá mícheart go hábhartha, de réir cuma, i bhfianaise, nó nach bhfuil i gcomhréir go hábhartha leis an eolas a fhaighimid le linn dúinn an t-iniúchadh a dhéanamh a aithint. Má thugaimid faoi deara go bhfuil míráitis nó neamhréireanna ábhartha ar bith ann, de réir cuma, déanaimid breithniú ar na himpleachtaí dár dtuarascáil.

Cé go bhfuil iniúchadh a dhéantar i gcomhréir le CIInna (an RA agus Éire) ceapthachun cinnteacht réasúnta a chur ar fáil go bhfuil míráitis nó easnaimh ábhartha á n-aithint, ní féidir a bheith go huile is go hiomlán cinnte go ndéanfaidh sé sin. Ina ionad sin, eagraíonn an t-iniúchóir an t-iniúchadh chun a dhearbhú an méid tástála a bheidh ag teastáil chun an dóchúlacht a laghdú go n-éireoidh le comhiomlán míráiteas neamhcheartaithe agus neamhaimsithe tairseach na hábharthacha a shárú do na ráitis airgeadaisar an iomlán. Leis an tástáil seo ní mór dúinn cuid mhór obair iniúchta a dhéanamh ar réimse leathan sócmhainní, dliteanas, ioncam agus costas agus caithfidh baill na foirne iniúchta a bhfuil an taithí is mó acu, go háirithe an páirtí gníomhach atá freagrach as an iniúchadh, méid suntasach ama a chaitheamh ar réimsí suibiachtúla a bhaineann leis an gcuntasaíocht agus an tuairisciú.

Déantar ár dtuarascáil do chomhaltaí an Bhoird amháin, mar chomhlacht, i gcomhréir le halt 391 d'Acht na gCuideachtaí, 2014. Tá ár n-obair iniúchóireachta déanta chun gur féidir linn na nithe sin is gá dúinn a lua a chur in iúl do bhaill na Cuideachta i dtuarascáil iniúchóra agus gan cuspóir ar bith eile i gceist. Chomh fada agus is féidir de réir dlí, ní ghlacaimid le freagracht do dhuine ar bith seachas an Chuideachta agus baill na Cuideachta mar chomhlacht, as ár n-obair iniúchóireachta, as an tuarascáil seo, nó as na tuairimí atá meáite againn.

**Laura Gallagher**
*ar son agus thar ceann*
**KPMG Cuntasóirí Cairte, Gnólacht Iniúchta Reachtúil**

1 Plás an Stócaigh, Faiche Stiabhna, Baile Átha Cliath 2

22 Meitheamh 2017





# Ráitis Airgeadais Comhdhlúite

**Sa mhír seo, dírítear ar thorthaí agus ar fheidhmíocht an ghrúpa Ar na leathanaigh seo a leanas feicfidh tú faisnéisithe a mhíníonn torthaí grúpa Bhoird na Móna don bhliain iomlán.**

# Ráiteas Ioncaim Comhdhlúite

don bhliain dar críoch 29 Márta 2017

| | Nóta | 29 Márta 2017 Roimh Mhíreanna Réamheisceachtúla €'000 | 29 Márta 2017 Míreanna Eisceachtúla (nóta 7) €'000 | 29 Márta 2017 Iomlán €'000 | 30 Márta 2016 €'000 |
|---|---|---|---|---|---|
| **Oibríochtaí leanúnacha** | | | | | |
| Ioncam | 3 | 406,228 | – | 406,228 | 432,820 |
| Costas díolachán | | (266,104) | (1,432) | (267,536) | (295,851) |
| **Brabús comhlán/(caillteanas)** | | **140,124** | **(1,432)** | **138,692** | **136,969** |
| Ioncam eile | 7 | 4,528 | – | 4,528 | 8,044 |
| Costais Dháilte | | (37,219) | – | (37,219) | (32,387) |
| Speansais Riaracháin | | (67,057) | (1,976) | (69,033) | (54,027) |
| Lagú maoine, gléasra agus trealaimh | 7 & 10 | – | – | – | (23,643) |
| Lagú sócmhainní doláimhsithe agus dea-thola | 7 & 12 | – | (10,718) | (10,718) | (847) |
| Costais Athstruchtúraithe | 7 & 18 | – | (1,505) | (1,505) | (7,259) |
| Gnóthachan ciorruithe iarsheirbhís phinsin | 7 & 26 | – | – | – | 10,700 |
| **Brabús oibriúcháin/(caillteanas)** | | **40,376** | **(15,631)** | **24,745** | **37,550** |
| Ioncam Airgeadais | 8 | 4,251 | – | 4,251 | 4,761 |
| Costais Airgeadais | 8 | (16,408) | – | (16,408) | (19,652) |
| **Costais Ghlana Airgeadais** | | **(12,157)** | **–** | **(12,157)** | **(14,891)** |
| Sciar chaillteanas an chomhfhiontair | 14 | (424) | – | (424) | (442) |
| **Brabús/(caillteanas) roimh cháin** | | **27,795** | **(15,631)** | **12,164** | **22,217** |
| Costais cáin ioncaim | 9 | (7,115) | 188 | (6,927) | (5,828) |
| **Brabús /(caillteanas) ó oibríochtaí leanúnacha** | | **20,680** | **(15,443)** | **5,237** | **16,389** |
| **Oibríochtaí scortha** | | | | | |
| Brabús ó oibríochtaí scortha, glan ó cháin | 29 | – | – | – | 893 |
| **Brabús/(caillteanas) don bhliain** | | **20,680** | **(15,443)** | **5,237** | **17,282** |
| **Brabús inchurtha i leith:** | | | | | |
| Úinéirí na Cuideachta | | 20,537 | (15,443) | 5,094 | 17,228 |
| Leasa Neamhrialaithe | | 143 | – | 143 | 54 |
| | | 20,680 | (15,443) | 5,237 | 17,282 |

Tá na nótaí atá in éineacht leis seo mar chuid lárnach de na ráitis airgeadais seo

# Ráiteas Comhdhlúite den Ioncam Cuimsitheach iomlán

an 29 Márta 2017

| | Nóta | 29 Márta 2017 €'000 | 30 Márta 2016 €'000 |
|---|---|---|---|
| Brabús don bhliain | | 5,237 | 17,282 |
| **Earraí nach mbeidh athaicmithe a choíche chun brabúis ná caillteanais** | | | |
| Ath-thomhas ar dhliteanas leasa sainithe | 26 | 10,950 | 11,438 |
| Cáin leasmhar ath-thomhas ar dhliteanas leasa sainithe | 9 | (1,369) | (1,372) |
| | | 9,581 | 10,066 |
| **Earraí atá nó a d'fhéadfaí a bheith athaicmithe chun brabúis nó caillteanais** | | | |
| Oibríochtaí eachtracha - difear san aistriú airgid eachtraigh | | 45 | 128 |
| Fáluithe ar an sreabhadh airgid - sciar éifeachtach d'athruithe i luach cothrom | | 13,665 | (6,442) |
| Cáin leasmhar ar athruithe i luach cothrom cosaintí | | (1,708) | 805 |
| Cosaint sreabhadh airgid - athaicmithe chun brabúis nó caillteanais (íocaíochtaí airgid) | | (4,077) | (4,690) |
| Cáin leasmhar ar chosaint sreabhadh airgid - athaicmithe chun brabúis nó caillteanais (íocaíochtaí airgid) | | 509 | 586 |
| Fáluithe ar an sreabhadh airgid- arna athaicmiú sa chuntas brabúis agus caillteanais (malairt eachtrach) | | (10,110) | 7,806 |
| Cáin leasmhar ar chosaint sreabhadh airgid - athaicmithe chun brabúis nó caillteanais (margadh airgeadraí eachtracha) | | 1,264 | (976) |
| Sciar de chomhfhiontar ioncaim chuimsithigh eile | | 471 | (2,056) |
| | | 59 | (4,839) |
| **Ioncam cuimsitheach eile glan ó cháin** | | **9,640** | **5,227** |
| **Ioncam cuimsitheach iomlán don bhliain** | | **14,877** | **22,509** |
| **Ioncam Cuimsitheach iomlán curtha i leith:** | | | |
| Úinéirí na Cuideachta | | 14,734 | 22,455 |
| Leasa Neamhrialaithe | | 143 | 54 |
| | | 14,877 | 22,509 |

Tá na nótaí atá in éineacht leis seo mar chuid lárnach de na ráitis airgeadais seo

# Clár Comhardaithe Comhdhlúite

an 29 Márta 2017

| | Note | 29 Márta 2017 €'000 | 30 Márta 2016 €'000 |
|---|---|---|---|
| **Sócmhainní** | | | |
| **Acmhainní Neamh-Reatha** | | | |
| Sealúchas, gléasra agus trealamh | 10 | 292,380 | 300,868 |
| Dea-thoil agus sócmhainní doláimhsithe | 12 | 40,580 | 41,694 |
| Maoin infheistíochta | 11 | – | 34,000 |
| Ionstraimí Díorthacha Airgeadais | 28 | 35,933 | 37,749 |
| Comhfhiontar | 14 | 26,451 | 25,069 |
| Acmhainní leasa scoir | 26 | 7,933 | 4,540 |
| **Sócmhainní Neamh-Reatha Iomlána** | | **403,277** | **443,920** |
| **Sócmhainní Reatha** | | | |
| Fardail | 13 | 99,611 | 104,347 |
| Trádáil agus infháltais eile | 15 | 79,875 | 77,149 |
| Acmhainní coinnithe le díol | 11 | 37,968 | 1,968 |
| Airgead agus coibhéis airgid | 23 | 16,116 | 98,174 |
| **Sócmhainní iomlána reatha** | | **233,570** | **281,638** |
| **Sócmhainní iomlána** | | **636,847** | **725,558** |
| **Leasanna** | | | |
| **Cothromas inchurtha le húinéirí na cuideachta** | | | |
| Scairchaipiteal | 20 | 82,804 | 82,804 |
| Scairbhiseach | 20 | 1,959 | 1,959 |
| Cúlchiste cosanta sreabhadh airgid | | -224 | 233 |
| Cúlchistí eile | | (1,585) | (2,056) |
| Cúlchiste um aistriú airgid eachtraigh | | 769 | 724 |
| Tuilleamh coinnithe | | 147,908 | 137,728 |
| **Cothromas inchurtha le húinéirí na cuideachta** | | **231,631** | **221,392** |
| Leasa Neamhrialaithe | | (465) | (608) |
| **Cothromas iomlán** | | **231,166** | **220,784** |
| **Dliteanais** | | | |
| **Dliteanais Neamh-reatha** | | | |
| Oibleagáidí leasa scoir | 26 | 24,322 | 38,758 |
| Airleacan agus iasachtaí | 19 | 144,328 | 166,019 |
| Deontas Caipitil | 17 | 10,071 | 12,103 |
| Soláthair | 18 | 53,492 | 48,734 |
| Dliteanas iarchurtha cánach | 9 | 15,271 | 11,081 |
| Dliteanais Neamh-reatha iomlána | | 247,484 | 276,695 |
| **Dliteanais reatha** | | | |
| Airleacan agus iasachtaí | 19 | 42,095 | 75,862 |
| Rótharraingt bainc | 19 | 200 | 29,006 |
| Soláthair | 18 | 21,020 | 18,721 |
| Trádáil agus iníocthaigh eile | 16 | 94,882 | 104,490 |
| **Dliteanais iomlána reatha** | | **158,197** | **228,079** |
| **Dliteanais iomlána** | | **405,681** | **504,774** |
| **Dliteanais iomlána agus cothromais** | | **636,847** | **725,558** |

Tá na nótaí atá in éineacht leis seo mar chuid lárnach de na ráitis airgeadais seo.

Thar cheann an bhoird

**John Horgan**
Cathaoirleach
22 Meitheamh 2017

**Mike Quinn**
Stiúrthóir Bainistíochta
22 Meitheamh 2017

# Ráiteas Comhdhlúite ar Athruithe i gCothromas

don bhliain dar críoch 29 Márta 2017

| | Cothromas inchurtha le geallshealbhóirí cothromais na cuideachta | | | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | Scairchaipiteal €'000 | Scairbhiseach €'000 | Cúlchiste Sreabhadh Airgid €'000 | Cúlchistí eile €'000 | Cúlchiste um aistriú airgid eachtraigh €'000 | Tuilleamh coimeádta €'000 | Iomlán €'000 | Leasa Neamhrialaithe €'000 | Iomlán €'000 |
| Ar an 25 Márta 2015 | 82,804 | 1,959 | 3,144 | – | 596 | 120,575 | | | |
| **Ioncam Cuimsitheach iomlán** | | | | | | | – | – | – |
| Brabús don bhliain | – | – | – | – | – | 17,228 | 17,228 | 54 | 17,282 |
| **Ioncam Cuimsitheach eile** | | | | | | | | | |
| Ath-thomhas ar dhliteanas leasa sainithe | – | – | – | – | – | 10,066 | 10,066 | – | 10,066 |
| Oibríochtaí eachtracha - difear san aistriú airgid eachtraigh | – | – | – | – | 128 | – | 128 | – | 128 |
| Cosaint sreabhadh airgid - sciar éifeachtach d'athruithe i luach cothrom | – | – | (5,637) | – | – | – | (5,637) | – | (5,637) |
| Cosaint sreabhadh airgid - athaicmithe chun brabúis nó caillteanais (íocaíochtaí in airgead tirim) | – | – | (4,104) | – | – | – | (4,104) | – | (4,104) |
| Cosaint sreabhadh airgid - athaicmithe chun brabúis nó caillteanais (margadh airgeadraí eachtracha) | – | – | 6,830 | – | – | – | 6,830 | – | 6,830 |
| Sciar de chomhfhiontar ioncaim chuimsithigh eile | – | – | – | (2,056) | – | – | (2,056) | – | (2,056) |
| **Idirbhearta le húinéirí na cuideachta** | | | | | | | | | |
| Díbhinní | – | – | – | – | – | (10,141) | (10,141) | – | (10,141) |
| Ar an 30 Márta 2016 | 82,804 | 1,959 | 233 | (2,056) | 724 | 137,728 | 221,392 | (608) | 220,784 |
| **Ioncam Cuimsitheach Iomlán** | | | | | | | | | |
| Brabús don bhliain | – | – | – | – | – | 5,094 | 5,094 | 143 | 5,237 |
| **Ioncam Cuimsitheach eile** | | | | | – | – | – | – | – |
| Ath-thomhas ar dhliteanas leasa sainithe | – | – | – | – | – | 9,581 | 9,581 | – | 9,581 |
| Oibríochtaí eachtracha - difear san aistriú airgid eachtraigh | – | – | – | – | 45 | – | 45 | – | 45 |
| Cosaint sreabhadh airgid - sciar éifeachtach d'athruithe i luach cothrom | – | – | 11,957 | – | – | – | 11,957 | – | 11,957 |
| Cosaint sreabhadh airgid - athaicmithe chun brabúis nó caillteanais (íocaíochtaí in airgead tirim) | – | – | (3,568) | – | – | – | (3,568) | – | (3,568) |
| Cosaint sreabhadh airgid - athaicmithe chun brabúis nó caillteanais (margadh airgeadraí eachtracha) | – | – | (8,846) | – | – | – | (8,846) | – | (8,846) |
| Sciar de chomhfhiontar ioncaim chuimsithigh eile | – | – | – | 471 | – | – | 471 | – | 471 |
| **Idirbhearta le húinéirí na cuideachta** | | | | | | | | | |
| Díbhinní | – | – | – | – | – | (4,495) | (4,495) | – | (4,495) |
| An 29 Márta 2017 | 82,804 | 1,959 | -224 | (1,585) | 769 | 147,908 | 231,631 | (465) | 231,166 |

Tá na nótaí atá in éineacht leis seo mar chuid lárnach de na ráitis airgeadais seo

# Ráiteas comhdhlúite faoi shreabhadh airgid

| | Nóta | 29 Márta 2017 €'000 | 30 Márta 2016 €'000 |
|---|---|---|---|
| **Sreabhadh airgeadais ó ghníomhaíochtaí oibríochta** | | | |
| Brabús don bhliain airgeadais | | 5,237 | 17,282 |
| Coigeartú le haghaidh : | | | |
| Dímheas sealúchais, gléasra agus trealaimh | 10 | 41,274 | 46,246 |
| Amúchadh sócmhainní doláimhsithe | 12 | 4,684 | 4,346 |
| Gluaiseacht luacha chothroim ar shealúchas infheistíochta | 11 | (2,000) | (7,489) |
| Brabús ar dhíol sealúchais, gléasra, trealaimh | 10 | (204) | (357) |
| Amúchadh deontais chaipitil | 17 | (2,151) | (1,747) |
| Bearnú sócmhainní láimhsithe agus doláimhsithe | 10 & 12 | 10,718 | 24,490 |
| Gnóthachan ar athstruchtúrú pinsin | 26 | – | (10,700) |
| Liúntais astúchán géillte | | 5,031 | 4,115 |
| Sciar chaillteanas an chomhfhiontair | 14 | 424 | 442 |
| | 8 | | |
| Costais Ghlana Airgeadais | | 12,157 | 14,891 |
| Costas Cáin Ioncaim | 9 | 6,927 | 5,828 |
| **Sreabhadh airgid oibriúcháin roimh athruithe i gcaipitil oibre agus i soláthair** | | **82,097** | **97,347** |
| **Athruithe i :** | | | |
| Trádáil agus iníocthaigh eile | | (12,045) | (8,270) |
| Trádáil agus infháltais eile | | (3,677) | 9,647 |
| Fardail | | 6,081 | (2,866) |
| Soláthair | | (1,716) | 6,625 |
| Méadú i ranníocaíochtaí airgid thirim thar tháille pinsin | | (7,307) | (11,816) |
| | | **(18,664)** | **(6,680)** |
| Ús íoctha | | (15,324) | (17,257) |
| Cáin faighte/(íoctha) | | 627 | (4,583) |
| **Airgead tirim faighte ó ghníomhaíochtaí oibríochta.** | | **48,736** | **68,827** |
| **Sreabhaidh airgid ó ghníomhaíochtaí infheistíochta** | | | |
| Brabús ar dhímheas sealúchais, gléasra agus trealaimh | 10 | 554 | 1,661 |
| Sócmhainní doláimhsithe a cheannach | 12 | (8,701) | (16,441) |
| Deontas Caipitil faighte | 17 | 95 | 4,389 |
| Sealúchas, gléasra agus trealamh a cheannach | 10 | (25,689) | (29,604) |
| Caiteachas caipitil ar shealúchais infheistíochta | 11 | – | (1,906) |
| Gnóthas fochuideachta a fháil (airigead glán a glacadh leis) | 22 | (12,854) | – |
| Infheistíocht i gcomhfhiontar | 14 | (1,335) | (24,008) |
| Ús faighte | | 174 | 71 |
| **Airgead tirim úsáidte i ngníomhaíochtaí infheistíochta** | | **(47,756)** | **(65,838)** |
| **Sreabhaidh airgid ó ghníomhaíochtaí maoiniúcháin** | | | |
| Aisíocaíocht nótaí iasachta neamhurraithe | | (76,274) | – |
| cistí a cruinníodh as saoráid chreidmheasa imrothlach | | 11,576 | – |
| | 8 | | |
| Fáltais airgid ó dhíorthaigh | | 14,961 | 4,690 |
| Díbhinní íoctha | | (4,495) | (10,141) |
| **Glanairgead tirim a úsáideadh i ngníomhaíochtaí maoiniúcháin** | | **(54,332)** | **(5,451)** |
| **Glanlaghdú ar airgead tirim agus ar choibhéisí airgid** | | **(53,252)** | **(2,462)** |
| Airgead tirim agus coibhéiseanna airgid thirim ag tús na bliana | 23 | 69,168 | 71,630 |
| Airgead tirim agus coibhéiseanna airid thirim ag deireadh na bliana | 23 | **15,916** | **69,168** |

Tá na nótaí atá in éineacht leis seo mar chuid lárnach de na ráitis airgeadais seo.



# Nótaí atá mar chuid lárnach de na Ráitis Airgeadais

## 1. Eintiteas Tuairiscithe

Is cuideachta é Bord na Móna cpt (an "Chuideachta") a bhfuil sainchónaí air in Éirinn. Cuimsíonn ráitis airgeadais chomhdhlúite na Cuideachta amhail ar agus le haghaidh na bliana dar críoch an 29 Márta 2017, cuimsíonn siad an Chuideachta agus a fochuideachtaí (rudaí ar a dtugtar an "Grúpa" agus "aonáin Grúpa" ina n-aonar) agus leas an Ghrúpa i gcomhfhiontair. Tá oifig chláraithe na Cuideachta ar an bPríomhshráid, An Droichead Nua, Co. Chill Dara.

Tá aon ghnáthscair amháin á coinneáil ag an Aire Cumarsáide, Fuinnimh agus Acmhainní Nádúrtha. Tá 5% de na gnáthscaireanna i seilbh fhostaithe an Ghrúpa trí Phlean um Scair-Úinéireacht d'Fhostaithe (PSÚF). Tá an chuid eile den scairchaipiteal eisithe á coinneáil ag an Aire Airgeadais (ar aistríodh a scaireanna go dtí an tAire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe faoin Acht Airí agus Rúnaithe, 2011).

## 2. Beartais shuntasacha chuntasaíochta (lena n-áirítear úsáid meastúchán agus breithiúnas)

Tá na beartais chuntasaíochta atá leagtha amach thíos curtha i bhfeidhm go comhsheasmhach i leith na mblianta go léir atá curtha i láthair sna ráitis airgeadais chomhdhlúite seo, agus bhí siad curtha i bhfeidhm go comhsheasmhach ag aonáin uile an Ghrúpa.

**Ráiteas Ghéillte**

Ullmhaíodh ráitis aonair airgeadais na Cuideachta de réir na gCaighdeán Tuairiscithe Airgeadais Idirnáisiúnta (IFRS)mar atá glactha leo ag an Aontas Eorpach.

Ullmhaíodh ráitis aonair airgeadais na Cuideachta de réir an Chreata Faisnéisithe Laghdaithe FRS 101 ("FRS 101") Ní chuirtear i láthair leis na ráitis airgeadais seo ráiteas ioncaim Chuideachta faoi leith toisc gur bhain an Chuideachta leas as an díolúine atá ar fáil i rannóg 304 d'Acht na gCuideachtaí 2014.

**Bunús le tomhas**

Ullmhaíodh na ráitis airgeadais ar bhonn an chostais stairiúil, ach amháin na nithe ábhair seo a leanas ar an gclár comhardaithe::

- tomhaistear maoin infheistíochta ar luach cóir;
- tá dliteanas an phlean sochair shainithe aitheanta mar luach glan de shócmhainní plean móide luach reatha na n-oibleagáidí plean sochair shainithe; agus
- déantar díorthaigh a thomas ar luach cothrom.

**Airgeadra feidhmiúil**

Tá na ráitis airgeadais curtha i láthair in Euro, arb é airgeadra feidhmiúil na Cuideachta. Tá an t-eolas airgeadais go léir curtha i láthair in Euro agus é slánaithe go dtí an míle is gaire, ach amháin má luaitear a mhalairt.

**Úsáid meastúchán agus breithiúnas**

Tá gá le bainistíocht chun breithiúnais, meastacháin agus foshuíomhanna áirithe a dhéanamh a théann i bhfeidhm ar na méideanna tuairiscithe sócmhainní, dliteanas, ioncaim agus speansas chun na ráitis airgeadais chomhdhlúite agus ráitis airgeadais na Cuideachta in oiriúint le IFRS agus FRS 101 faoi seach a ullmhú. D'fhéadfadh torthaí iarbhír a bheith difriúil ó na meastacháin seo.

Déantar athbhreithniú leanúnach ar mheastacháin agus boinn tuisceana bhunúsacha. Aithnítear athbhreithnithe go hionchasach ar mheastúcháin chuntasaíochta.

Is iad na breithiúnais ar chur i bhfeidhm beartais chuntasaíochta a mbíonn an tionchar is suntasaí acu ar na méideanna a aithnítear i ráitis chomhdhlúite agus i ráitis airgeadais na Cuideachta ná:

- Luacháil shócmhainní agus dliteanais na scéime pinsin- féach nóta 26
- Suim ghlanluacha réadmhaoine, gléasra agus trealaimh - féach nóta 10
- Forálacha a thomhas-Féach nóta 18.
- Dea-thoil a thomhas- Féach nóta 12.
- Comhaontú Soláthair Móna - Tá comhaontuithe i bhfeidhm ag an nGrúpa móin a sholáthar do BSL go dtí 2019. Tá an praghas bunaithe go príomha ar luach na mbreoslaí eile carbóin-bhunaithe. Rinne an Grúpa measúnacht ar théarmaí na gconarthaí agus tá sé sásta go bhfuil na conarthaí i dteideal díolúine 'féin-úsáide' de réir IFRS ó chuntasaíocht ionstraim airgeadais agus nach bhfuil aon díorthaigh neadaithe sna conarthaí ar gá iad a scarúint.
- Móin - Chinn an Grúpa nach sócmhainn bhitheolaíoch í an mhóin de réir an IFRS. Is í an réasúnaíocht atá ann nach mbíonn aon idirbheartaíocht de láimh agus an mhóin á déanamh. Ar a bharr sin, ní mheastar gur ainmhí beo ná planda í móin.

**Tomhas luachanna cothroma**

Tá tomhas luachanna cothroma de dhíth ar roinnt beartais chuntasaíochta agus faisnéisithe an Ghrúpa. Agus luach cothrom de shócmhainn nó de dhliteanas á thomhas úsáideann an Grúpa sonraí margaidh inbhraite a oiread agus is féidir. Déantar luachanna cothroma a chatagóiriú i leibhéil éagsúla de réir grádú ar luach cothrom bunaithe ar ionchuir a mbaintear úsáid astu sna teicníochtaí luachála seo a leanas:

- Leibhéal 1: praghasanna luaite (neamhchoigeartaithe) i margaí gníomhacha le haghaidh sócmhainní nó dliteanais comhionanna.
- Leibhéal 2:Ionchuir seachas praghasanna luaite i Leibhéal 1 atá inbhraite le haghaidh na sócmhainne nó an dliteanais, pé acu díreach (msh. mar phraghasanna) nó go hindíreach.
  (i.e. tagtha as praghasanna).
- Leibhéal 3: ionchuir le haghaidh na sócmhainne nó an dliteanais nach bhfuil bunaithe ar shonraí margaidh inbhraite (ionchuir neamh-inbhraite).

Más féidir na hionchuir a mbaintear úsáid astu le tomhas a dhéanamh ar luach cothrom sócmhainne nó dliteanais a chatagóiriú ar leibhéil áirithe de ghrádú an luacha chothroim, ansin déantar an tomhas luacha chothroim a chatagóiriú ina iomláine ar an leibhéal céanna den ghrádú luacha chothroim mar an t-ionchur luacha chothroim is ísle atá suntasach don tomhas ina iomláine. Tá tuilleadh eolais faoi na boinn tuisceana a nglactar leo le linn áireamh na luachanna córa le fáil sa nóta ar Ionstraimí Airgeadais agus Bainistiú Riosca.

# Nótaí atá ina gcuid ráitis airgeadais
(ar lean)

## 2. Polasaithe cuntasaíochta suntasacha (ar lean)

**Bliain cuntasaíochta**

Críochnaíonn an bhliain airgeadais ar an gCéadaoin dheireanach de mhí an Mhárta. Cuimsíonn na ráitis airgeadais seo an tréimhse 52 sheachtain ó 31 Márta 2016 go dtí 29 Márta 2017 (an bhliain roimhe sin:  Tréimhse 53-seachtaine ó 26 Márta 2015 go 30 Márta 2016).

**Gnóthas Leantach**

Ullmhaíodh na ráitis airgeadais ar bhonn an ghnóthais leantaigh.

**Riachtanais éifeachtacha nua an CITA**

Ghlac roinnt riachtanais nua de chuid CITA éifeacht sa bhliain reatha ach ní raibh tionchar ábhartha acu ar an  nGrúpa.

**Leasuithe a rinneadh ar an CITA nach bhfuil i bhfeidhm go fóill.**

Tá roinnt dualgas nua de chuid CITA i bhfeidhm do thréimhsí sa todhchaí,ach níor cuireadh san áireamh iad in ullmhúcháin na ráiteas comhdhlúite airgeadais seo. Na dualgais seo a leanas atá i gceist:

- CITA 15: Ioncam a ghnóthaítear ó chonarthaí le custaiméirí (le teacht i bhfeidhm an 1 Eanáir 2018)
- CITA 9: Ionstraimí airgeadais (le teacht i bhfeidhm an 1 Eanáir 2018)*
- CITA 16: Léasa (le teacht i bhfeidhm an 1 Eanáir 2019)
- Feabhsuithe bliantúla ar CITAanna 2014-2016

* Nár cheadaigh an AE go fóill

Tá an Grúpa ag déanamh measúnú i láthair na huaire ar thionchar na ndualgas CITA seo. Ina theannta sin, tá roinnt dualgas CITA le teacht a mheastar nach mbeidh tionchar ábhartha acu ar an nGrúpa.

**Bunús an chomhdhlúthaithe**

*Comhcheangail ghnó*
Déanann an Grúpa cúntas ar chomhcheangail ghnó tríd an modh ceannaigh nuair a aistrítear rialú chuig an nGrúpa. Go ginearálta, tomhastar an chomaoin aistrithe san éadáil ar luach cóir, agus déantar amhlaidh leis na glansócmhainní inaitheanta faighte. Aon dea-thoil atá mar thoradh ar seo, déantar í a thástáil go bliantúil le haghaidh lagaithe. Aithnítear aon ghnóthachan ar cheannach margaidh sa chuntas brabúis nó caillteanais láithreach bonn. Déantar cuntas de na costais idirbheart de réir mar a thabhaítear iad, ach amháin más costais maidir le heisiúnt fiachais nó cothromas urrúis iad.

Ní chuimsíonn an chomaoin aistrithe méideanna a bhaineann le socraíocht caidreamh a bhí ann cheana féin. Go ginearálta, aithnítear gnóthachain agus caillteanais ar na socraíochtaí seo sa chuntas brabúis nó caillteanais.

Déantar aon chomaoin theagmhasach a mheasúnú ar luach cóir ar dháta na héadála. Má cháilítear mar chothromas an dualgas chomaoin theagmhasach a íoc, agus má aithnítear gur ionstraim airgeadais an dualgas sin, ní gá an dualgas sin a thomhas arís agus is féidir cuntas a dhéanamh den socraíocht mar pháirt den chothromas.

Murach sin, aithnítear aon athrú ar luach cóir na comaoine teagmhasaí ina dhiaidh sin sa chuntas brabúis agus caillteanais.

*Fochuideachtaí*
Is aonáin iad fochuideachtaí atá faoi rialú an Ghrúpa. Meastar go bhfuil aonán faoi rialú an Ghrúpa nuair atá an Grúpa neamhchosanta ar, nó go bhfuil cearta aige ar, thorthaí inathraitheacha an aonáin de bharr an bhaint atá aige leis nó an tionchar atá aige ar na torthaí sin. Tá ráitis airgeadais fochuideachta san áireamh sna ráitis airgeadais chomhdhlúite ón dáta a thosaíonn rialú go dtí an dáta a stopann sé.

*Comhfhiontair*
Is gnóthais iad chomhfhiontair atá faoi rialú an Ghrúpa in éineacht le páirtí amháin nó níos mó, ina mbíonn cearta ag an nGrúpa ar ghlansócmhainní an chomhfhiontair, seachas cearta a bheith aige ar shócmhainní ar leith nó dualgas a bheith aige i leith chaillteannais an chomhfhiontair.

Déantar cuntas de na leasanna i gcomhfhiontair trí mhodh an chothromais. Aithnítear ar dtús iad ar a gcostas, ag cur san áireamh na costais idirbheart. I ndiaidh iad a aithint, cuimsíonn na ráitis airgeadais chomhdhlúite sciar an Ghrúpa den bhrabús nó den chaillteanas agus d'ioncam cuimsitheach eile (OCI) na n-institiúidí infheistiúcháin ar cuireadh modh cuntasaíochta an chothromais i bhfeidhm orthu, suas go dtí an dáta a scoireann an comhrialú.

*Cailliúint rialaithe*
Nuair a chailleann an Grúpa rialú ar fhochuideachta, déanann sé sócmhainní agus dliteanais na fochuideachta a dhí-aithint, in éineacht le leas mionlaigh gaolmhar ar bith agus comhchodanna cothromais ar bith. Ina theannta sin, aithníonn sé aon chomaoin a fhaightear ar luach cóir. Déantar measúnú ar luach cóir ar aon leas a choinnítear san iar-fhochuideachta i ndiaidh rialú a chailliúint. Aithnítear gnóthachan nó caillteanas atá mar thoradh air sin sa chuntas brabúis agus caillteanais.

*Leasa Neamhrialaithe*
Déantar leasa neamhrialaithe a thomhas mar sciar comhréireach de ghlansócmhainní inaitheanta an fhaighteáin ag dáta an éadála.  Ina dhiaidh sin, leithdháiltear orthu a sciar den ioncam uile-ghabhálach iomlán.

Cuirtear san áireamh mar idirbheart chothromais aon athrú a tharlaíonn do leas an Ghrúpa i bhfochuideachta nach spreagann caillteanas rialaithe.

*Idirbhearta a chuirtear as an áireamh i ndiaidh chomhdhlúthaithe*
Déantar iarmhéideanna agus idirbhearta inghrúpa agus ioncam/speansais neamhréadaithe ar bith ó idirbhearta inghrúpa a dhíchur in ullmhú na ráiteas airgeadais comhdhlúite.

Cuirtear infheistíochtaí i bhfochuideachtaí ar aghaidh mar chostas lúide bearnú ar luach i ráitis airgeadais na cuideachta.

## 2. Polasaithe cuntasaíochta suntasacha (ar lean)

**Airgeadra Eachtrach**

*i. Is ionann méid inaisghabhála sócmhainne nó AGA agus an ceann is mó dá luach úsáide agus dá luach cóir lúide an costas díolachán. Idirbhearta Airgeadra Eachtraigh*
Aistrítear idirbhearta a ainmnítear in airgeadraí eachtracha go hairgeadraí feidhmiúla an Ghrúpa faoi seach ar an ráta malartaithe atá i bhfeidhm ar lá na n-idirbheart.

Aistrítear sóchmhainní agus dliteanais airgid a ainmnítear in airgeadraí eachtracha go dtí an airgeadra feidhmiúil ag an ráta malartaithe atá i bhfeidhm ag an dáta tuaraiscithe.
Déantar na sóchmhainní neamhairgeadaíochta a thomhaistear ar luach cóir in airgeadra eachtranach a aistriú go hairgeadra feidhmiúil ag an ráta malartaithe a bhí i bhfeidhm nuair a socraíodh an luach cóir sin. Aithnítear difríochtaí sna hairgeadraí eachtranacha sa chuntas brabúis agus caillteanais. Ní hathaistrítear míreanna neamhairgeadaíochta a thomhaistear ar bhonn chostais stairiúil na míreanna sin in airgeadra eachtrach.

É sin ráite, aithnítear difríochtaí sna hairgeadraí eachtracha a eascraíonn as aistriú na míreanna seo a leanas:

- infheistíochtaí chothromais atá ar fáil lena ndíol (seachas ar bhearnú, athcháilítear sa chás sin difríochtaí sna hairgeadraí eachtracha a aithníodh cheana féin san ioncam cuimsitheach eile (IOC) go brabús nó caillteanas;
- dliteanas airgeadais a ainmníodh mar fhál don ghlaninfheistíocht in oibríocht eachtrach a mhéid go bhfuil an fál sin éifeachtach; agus
- fáluithe ar an sreabhadh airgid sa mhéid go bhfuil na fáluithe éifeachtach.

*ii. Oibríochtaí eachtracha*
Aistrítear go euro, ag an ráta malartaithe atá i bhfeidhm ag an dáta tuaraiscithe, sóchmhainní agus dliteanais oibríochtaí eachtracha, ag cur san áireamh dea-thoil agus coigeartuithe luacha chóir mar thoradh ar éadáil . Aistrítear ioncam agus costais na n-oibríochtaí eachtracha go euro ag na rátaí malartaithe atá i bhfeidhm ar dhátaí na n-idirbheart.

Aithnítear difríochtaí sna hairgeadraí eachtranacha san ioncam cuimsitheach iomlán (OCI) agus carntar iad sa chúlchiste aistriúcháin, seachas a mhéid go leithdháiltear an difríocht aistriúcháin go dtí an NCI.

Nuair a dhiúscraítear oibríocht eachtrach ina iomláine nó i bpáirt ionas go gcaillfear rialú, athcháilítear sa chuntas brabúis nó caillteanais an méid a carnaíodh don oibríocht eachtrach sin sa chúlchiste aistriúcháin mar pháirt den ghnóthachan nó den chaillteanas ar dhiúscairt na n-oibríochta. Má dhiúscraíonn an Grúpa páirt dá leas i bhfochuideachta ach go gcoinníonn sé smacht ar an bhfochuideachta, ath-leithdháiltear an chuid ábhartha den mhéid charnach ar an NCI.

**Míreanna eisceachtúla**

Ghlac an Grúpa leis an ráiteas ioncaim a leagan amach i gcaoi ina leagtar béim ar mhíreanna suntasacha laistigh de thorthaí bhliantúil an Ghrúpa. Is é is mír eisceachtúil ann aon mhír ioncaim agus chaillteanais a mheasann an Grúpa a bheith ábhartha agus/nó a bheith den chineál ná gurb ábhartha é a nochtadh ina aonar chun tuiscint níos fearr a sholáthar d'oibriú airgeadais an Ghrúpa. Tugann an Grúpa breithiúnas agus é ag measúnú na nithe ar leith, rudaí ba chóir a nochtadh i Ráiteas Ioncaim an Ghrúpa agus sna nótaí gaolmhara mar nithe eisceachtúla mar gheall ar a n-ábharthacht  agus a nádúr. Áirítear gné cánach de míreanna eisceachtúla mar cháin eisceachtúil.

***Léasanna***

Ar dháta tionscanta an tsocraithe, cinneann an Grúpa cé acu an léas nó nach léas é an socrú, agus cinneann sé an bhfuil léas ina chuid den socrú nó nach bhfuil.

Ar dháta tionscanta nó athbhreithnithe an tsocraithe, a bhfuil léas ina chuid de, déanann an Grúpa íocaíochtaí agus comaoin eile arna n-éileamh ag an socrú a scaradh óna chéile, idir iad siúd atá bainteach leis an léas agus iad siúd atá bainteach le míreanna eile ar bhonn a luachanna córa coibhneasta. Nuair a chineann an Grúpa i leith léasa airgeadais gur dodhéanta na híocaíochtaí a scaradh go hiontaofa, aithnítear an tsócmhainn agus an dliteanas ar mhéid cothrom leis an gceann is ísle de luach cóir na bunsócmhainne agus de luach reatha na n-íocaíochtaí íosta léasa; ina dhiaidh sin, laghdaítear an dliteanas de réir mar a ndéantar na híocaíochtaí agus aithnítear costas airgeadais barúlach ar an dliteanais ag baint úsáid as ráta incriminteach iasachta an Ghrúpa.

***Sócmhainní léasaithe***

Aicmítear mar léasanna airgeadais sócmhainní atá á gcoinneáil ag an nGrúpa, sócmhainní atá faoi léasanna a aistríonn go substaintiúil na rioscaí agus na luaíochtaí a ghabhann le húinéireacht chuig an nGrúpa. Déantar na sócmhainní léasaithe a thomhas ar dtús ar mhéid cothrom leis an gceann is ísle dá luach cóir agus de luach reatha na n-íocaíochtaí léasa is lú. Tar éis dóibh a bheith aitheanta ar dtús, déantar cuntas de na sócmhainní de réir an bheartais cuntasaíochta atá oiriúnach don sócmhainn sin.

Aicmítear sócmhainní a gcoinnítear faoi léasanna eile mar léasanna oibriúcháin agus ní aithnítear i gclár comhardaithe an Ghrúpa iad.

***Íocaíochtaí léasa***

Aithnítear íocaíochtaí a dhéantar faoi léasanna oibriúcháin sa chuntas brabúis agus caillteanais ar bhonn líne díreach thar théarma an léasa. Aithnítear dreasachtaí léasa a deonaíodh mar dhlúthchuid den chostas léasa iomlán, thar théarma an léasa.

Cionnroinntear na híocaíochtaí léasa íosta a dhéantar faoi na léasanna airgeadais idir an costas airgeadais agus laghdú an dliteanais gan íoc. Le linn théarma an léasa, leithdháiltear an costas airgeadais do gach tréimhse ar mhaithe le ráta úis peiriadach rialta ar an dliteanas gan íoc a fháil.

**Oibríochtaí scortha**

Is ionann oibríocht scortha agus cuid de ghníomhaíochtaí an Ghrúpa inar féidir a hoibríochtaí agus a sreabhadh airgid a idirdhealú ón chuid eile den Ghrúpa agus:

- gur ionann í agus réim gnó nó limistéar geografach oibríochta ar leith;
- atá mar pháirt de phlean aonair chomhordaithe chun príomhréim gnó nó limistéar geografach oibríochta ar leith a dhiúscairt; NÓ
- gur ionann í agus fochuideachta a ceannaíodh d'fhonn í a athdhíol.

Déantar oibríocht a aicmiú mar oibríocht scortha ag stad luath den diúscairt nó nuair a chomhlíonann sí na critéir go nglacfaí léi mar eintiteas atá á choinneáil lena athdhíol.

Nuair a dhéantar oibríocht a aicmiú mar oibríocht scortha, cuirtear an ráiteas comparáideach ioncaim agus ráiteas an ioncaim chuimsithigh eile i láthair arís amhail is gur scoradh an oibríocht ó thús na bliana comparáidí.

# Nótaí atá ina gcuid ráitis airgeadais
(ar lean)

## 2. Polasaithe cuntasaíochta suntasacha (ar lean)

**Ioncam airgeadais agus costais airgeadais**

Áirítear le hioncam airgeadais agus costais airgeadais an Ghrúpa na nithe seo a leanas:

- ioncam úis;
- costais úis;
- an gnóthachan nó an caillteanas airgeadra eachtraigh ar shócmhainní agus ar dhliteanais airgeadais;
- an gnóthachan nó an caillteanas glan ar ionstraimí fálaithe a aithnítear sa chuntas brabúis agus caillteanais; agus
- athaicmiú méideanna atá bainteach le fálta sreafa airgid arna n-aithnint cheana san ioncam cuimsitheach eile (OCI).

Aithnítear an t-ioncam nó na costais úis le modh an úis éifeachtaigh.

Ní chuirtear san áireamh le costais airgeadais an Ghrúpa ús arna chaipitiliú ar shóchmhainní le linn a dtógála.

Ina theannta sin, gearrtar ar na costais airgeadais leachtú na lascaine agus an glanchostas úis ar phinsin le sochar sainithe.

**Cánachas**

Cuimsíonn costas cáin ioncaim cáin reatha agus cáin iarchurtha. Aithnítear é sa chuntas brabúis agus caillteanais ach amháin sa mhéid go bhfuil sé bainteach le comhcheangail ghnó, nó le míreanna a aithnítear go díreach mar chothromas nó mar ioncam cuimsitheach eile (OCI).

*Cáin reatha*
Is ionann cáin reatha agus an méid a bhfuiltear ag súil lena íoc maidir le brabús nó caillteanas inchánach le haghaidh na bliana agus aon choigeartú ar an gcáin atá le híoc agus le fáil i leith na mblianta roimhe sin. Ríomhtar í leis na rátaí agus dlíthe cánach a bhí achtaithe nó achtaithe go substainteach ar dháta an chláir chomhardaithe.

Is féidir sócmhainní agus dliteanais cánach reatha a fhritháireamh má chomhlíontar na critéir.

*Cáin iarchurtha*
Aithnítear cáin iarchurtha maidir le gach difríocht sealadach idir méideanna glanluacha sócmhainní agus dliteanas chun críocha tuairiscithe airgeadais agus na méideanna a úsáidtear chun críocha cánachais. Ní aithnítear cáin iarchurtha nuair atá:

- difríochtaí sealadacha in aithint shócmhainní agus dliteanais don chéad uair le linn idirbhirt nach comhcheangal gnó é agus nach bhfuil tionchar ag an idirbheart sin ar chuntasaíocht ná ar bhrabús nó caillteanas inchánach;
- difríochtaí sealadacha bainteach le hinfheistíochtaí i bhfochuideachtaí, comhlacha agus comhfhiontair sa mhéid go bhfuil an Grúpa in ann smacht a choinneáil ar uainiú fhreaschuir na ndifríochtaí sealadacha sin agus go bhfuil seans maith ann nach bhfreaschuirtear iad go ceann i bhfad; agus
- difríochtaí sealadacha inchánacha a eascraíonn ó aithint an dea-thola ar dtús.

Aithnítear sócmhainní cánach iarchurtha le haghaidh caillteanais chánach neamhúsáidte, creidmheasanna cánach neamhúsáidte agus difríochtaí sealadacha inasbhainte sa mhéid go bhfuil dóchúlacht ann go mbeidh fáil ar bhrabúis inchánacha todhchaí a d'fhéadfaí a úsaid ina gcoinne. Déantar sócmhainní cánach iarchurtha a athbhreithniú ar gach dátá tuairiscithe agus laghdaítear iad sa mhéid nach dóchúil níos mó go réadófar an sochar cánach gaolmhar; freaschuirtear laghduithe den chineál sin nuair a thagann feabhas ar dhóchúlacht na mbrabús inchánach todhchaí.

Athbhreithnítear sócmhainní cánach iarchurtha neamhaitheanta ar gach dáta tuairiscithe agus aithnítear iad sa mhéid go bhfuil dóchúlacht ann go mbeidh fáil ar bhrabúis inchánacha todhchaí a d'fhéadfaí a úsaid ina gcoinne.

Tomhaistear cáin iarchurtha ar na rátaí cánach a mheastar a bheidh i bhfeidhm sna tréimhsí ina bhfuiltear ag súil le freaschur na ndifríochtaí uainithe i bhfianaise rátaí cánach agus dlíthe a achtaíodh nó a achtaíodh go substaintiúil ag an dáta tuairiscithe.

Freagraíonn tomhas na cánach iarchurtha le na hiarmhairtí cánach a bheadh mar thoradh ar an mbealach a bhfuil súil ag an nGrúpa, ag an dáta tuairiscithe, suim ghlanluacha a shócmhainní agus a ndliteanas a aisghabháil nó a shocrú. Chun na críche seo, meastar go ndearnadh an tsuim ghlanluacha den infheistíocht réadmhaoine arna tomhas ag luach cóir a aisghabháil trí cheannach, agus níor bhréagnaigh an Grúpa é seo.

Is féidir sócmhainní agus dliteanais cánach reatha a fhritháireamh má chomhlíontar critéir áirithe.

**Ioncam**

*Díol earraí*
Aithnítear ioncam nuair a aistrítear na rioscaí agus luaíochtaí suntasacha úinéireachta go dtí an custaiméir, nuair is dócha go bhfaighfear an chomaoin ar ais, gur féidir na costais ghaolmhara a thomhas go hiontaofa, nuair nach bhfuil baint leanúnach bhainistíoch leis na hearraí i gceist, agus nuair is féidir an méid ioncaim a thomhas go hiontaofa. Déantar ioncam a thomhas mar ghlanmhéid de thorthaí, de lascainí trádála agus de lacáistí méid.

Bíonn difríochtaí i gceist in uainiú aistriú na rioscaí agus na luaíochtaí de réir théarmaí éagsúla an chomhaontaithe díolachán.

*Seirbhísí a chur ar fáil*
Tá an Grúpa gafa le soláthar seirbhísí tailte móna don tSeirbhís Páirceanna Náisiúnta agus Fiadhúlra. Má sholáthraítear na seirbhísí faoi shocrú aonair ag tréimhsí éagsúla tuairiscithe, déantar an chomaoin a leithdháileadh ar bhonn luacha chóir choibhneasta idir na seirbhísí éagsúla.

Aithníonn an Grúpa ioncam ó sholátháir seirbhísí i gcomhréir le staid chríochnaithe an idirbhirt ar an dáta tuairiscithe. Déantar measúnú ar an gcéim chríochnaithe bunaithe ar shuirbhéanna ar an obair arna déanamh.



## 2. Polasaithe cuntasaíochta suntasacha (ar lean)

**Ioncam (ar lean)**

*Ioncam iarchurtha agus ioncam fabhraithe*
Nuair a fhaightear íocaíocht ó chustaiméirí roimh chur i gcrích oibleagáidí conarthacha an Ghrúpa dá chustaiméirí, aithníonn an Grúpa ioncam iarchurtha ar an gclár comhardaithe, rud a léiríonn oibleagáidí neamhchomhlíonta an Ghrúpa faoi na téarmaí conartha. Nuair a chuireann an Grúpa a oibleagáidí i gcrích agus é ag fáil ceart comaoine dá bharr, aithnítear an t-ioncam gaolmhar sa chuntas brabúis agus caillteanais. Gearrtar na costais a bhaineann le soláthar seirbhísí ar an gcostas díolachán de réir mar a thabhaítear iad.

Aithnítear ioncam a tuilleadh ar sholáthar earraí/seirbhísí, ach nach bhfuil billeáilte, aithnítear é i gcomhréir le téarmaí conarthacha mar ioncam fabhraithe ar an gclár comhardaithe.

**Ioncam ó chíos infheistíochta réadmhaoine**

Aithnítear ioncam ó infheistíocht réadmhaoine ar bhonn líne díreach thar théarma an léasa. Aithnítear dreasachtaí léasa a deonaíodh mar dhlúthchuid den chostas léasa iomlán, thar théarma an léasa. Aithnítear ioncam cíosa mar ioncam eile.

**Acmhainní coinnithe le díol**

Déantar sócmhainní neamh-reatha, nó grúpaí diúscartha arb é atá ann sócmhainní agus dliteanais, a aicmiú mar chionnithe le díol mar tá seans maith ann go bhféadfar iad a fháil ar ais trí dhíolachán seachas trí úsáid leanúnach.

De ghnáth déantar sócmhainní mar seo a thomhas de réir an suime glanluacha is ísle lúide a luacha reatha. Leithdháiltear aon chaillteanas bearnúcháin ar ghrúpa diúscartha go dea-thoil ar dtús, agus ansin go dtí aon sócmhainní nó dliteanais atá fágtha ar bhonn pro rata, seachas nach leithdháiltear aon chaillteanas go dtí fardail, sócmhainní airgeadais, sócmhainní cánach iarchurtha, sócmhainní sochair fostaithe, infheistíocht réadmhaoine nó sócmhainní bitheolaíocha, toisc go ndéanfar iad a thomhas fós i gcomhréir le polasaithe cuntasaíochta eile an Ghrúpa. Maidir le caillteanais bhearnúcháin ar shócmhainní atá coinnithe le díol nó coinnithe le dáileadh, aithnítear iad agus aon ghnóthachain agus caillteanais eile ar atomhas ina dhiaidh sin sa chuntas brabúis agus caillteanais

Tar éis dóibh a bheith aicmithe mar chionnithe le díol, ní déantar amúchadh nó dímheas ar shócmhainní doláimhsithe nó réadmhaoin, gléasra agus trealamh agus níl aon institiúidí infheistiúcháin atá bunaithe ar chothromas bunaithe ar chothromas a thuilleadh.

**Sealúchas, gléasra agus trealamh**

*Aithint agus tomhas*
Déantar tomhas ar thalamh ruílse seachas tailte móna ar a chostas, lúide caillteanais bhearnúcháin charnacha ar bith. Déantar talamh portaigh agus sócmhainní sealúchais, gléasra agus trealaimh eile ar bith a thomhas ar a gcostas lúide dímheas carnach agus caillteanais charnacha bhearnúcháin ar bith.

Cuimsíonn costas caiteachas atá inchurtha go díreach i leith éadáil na sócmhainne. Cuimsíonn costas sócmhainní féin-chomhdhéanta:

- costais ábhar agus oibre:
- aon chostais eile atá inchurtha go díreach i leith bail oibre a chur ar na sócmhainní dá n-úsáid bheartaithe;
- nuair atá oibleagáid ar an nGrúpa an tsócmhainn a bhaint nó an láithreán a athchóiriú, meastacháin ar na costais air seo; agus
- costais chaipitlithe iasachtaithe.

Nuair atá saoil dhifriúla úsáideacha ag codanna tábhachtacha de mhír maoine, ghléasra agus threalaimh, déantar cuntas orthu ansin mar nithe ar leith (comhchodanna móra) agus déantar dímheas ar leithligh orthu.

Aithnítear gnóthachan nó caillteanas ar bith ar dhiúscairt mhír maoine, ghléasra agus threalaimh (ríofa mar dhifríocht idir na glanfháltais ó dhiúscairt agus suim ghlanluacha an ní atá i gceist) sa chuntas ioncaim agus brabúis.

Déantar costais airgeadais atá inchurtha go díreach i leith tógáil réadmhaoine, gléasra agus trealaimh a chaipitliú mar chuid de chostas na sócmhainní sin. Nuair a fhaightear airgead ar iasacht go sonrach chun tógáil réadmhaoine, gléasra agus trealaimh a mhaoiniú, bíonn méid na gcostas airgeadais caipitlithe faoi theorainn na gcostas iarbhír a thabhaítear ar an iasachtú i rith na tréimhse maidir le caiteachas ar an réadmhaoin, ar an ngléasra agus ar an trealamh. Tagann deireadh le caipitliú na gcostas iasachtaíochta nuair a dhéantar an tsócmhainn a choimisiúnú nó nuair a chuirtear isteach ar fhorbairt ghníomhach ar feadh tréimhse fhada ama.

*Caiteachais ina dhiaidh sin*
Déantar caiteachas ina dhiaidh sin a chaipitliú más rud é go bhfuil dóchúlacht ann go ndéanfaidh an Grúpa brabús ar na sochair eacnamaíochta todhchaí atá bainteach leis an gcaiteachas.

*Ídiú agus dímheas*
Déantar dímheas a ríomh chun costas na míreanna réadmhaoine, gléasra agus trealaimh a dhíscríobh lúide a luachanna measta iarmharacha leis an modh líne dírí ar feadh a saoil mheasta úsáidigh. Aithnítear ídiú sa chuntas brabúis nó caillteanais. Déantar sócmhainní léasaithe a dhímheas thar cibé is giorra, téarma an léasa nó a saoil mheasta úsáidigh mura bhfuil sé réasúnta cinnte go nglacfaidh an Grúpa úinéireacht ar na sócmhainní ag deireadh théarma an léasa. Ní dhímheastar talamh.

Déantar dímheas ar réadmhaoin, gléasra agus trealamh ón dáta a chuirtear ar fáil iad lena n-úsáid nó, maidir le sócmhainní atá á dtógáil, ón dáta a chríochnaítear an tsócmhainn agus í réidh lena húsáid.

Nuair atá saolta difriúla úsaideachta ag sócmhainní, dímheastar mar seo a leanas iad:

*Sócmhainní ar bhonn líne dírí*
Déantar dímheas ar réadmhaoin, ar ghléasra agus ar threalamh ar bhonn líne dírí ar na rátaí atá luaite:

| | | |
|---|---|---|
| Gléasra agus Innealra | 5% go 12.5% | in aghaidh na bliana |
| Feirmeacha gaoithe | 5% | in aghaidh na bliana |
| Mótarfheithiclí | 20% | in aghaidh na bliana |
| Foirgnimh | 5% go 10% | in aghaidh na bliana |
| Trealamh TF | 20% go 33.3% | in aghaidh na bliana |

# Nótaí atá ina gcuid ráitis airgeadais
(ar lean)

## 2. Polasaithe cuntasaíochta suntasacha (ar lean)

**Cineál sócmhainne eile**

*Sócmhainní Giniúna*
Déantar dímheas ar stáisiún cumhachta an Ghrúpa ag Éadan Doire ar bhonn aschuir leictrigh d'fhonn an dímheas a nascadh le cumas measta táirgthe an stáisiúin. Féachann an modh dímheasa aschuir leictrigh leis an muirear dímheasa a chur ag baint le cumas measta táirgthe an stáisiúin.

Déantar dímheas ar stáisiún buaice an Ghrúpa ag Éadan Doire agus ar na feirmeacha gaoithe ar bhonn líne dírí, agus déantar an muirear a ríomh chun costais na sócmhainní a scríobh síos go dtí a luach measta iarmharach. Léiríonn úsáid bonn dímheasa na líne dírí ídiú ionchasach tairbhe gheilleagrach na stáisiún ar bhonn comhsheasmhach thar shaol úsáideach na stáisiún (fiche bliain), rud atá bunaithe ar an bhfáil atá air don eangach.

*Líonadh Talún*
Déantar dímheas ar chostas bonneagair na sócmhainne líonta talún thar shaol ceadúnaithe fiche bliain. Déantar dímheas ar na cealla líonta talún agus ar na costais chaipitlithe ghaolmhara a bhfuil soláthairtí comhshaoil ann dóibh, amhail caidhpeáil, ar bhonn úsáide spáis fholaimh.

*Sócmhainní idir lámha*
Ní ghearrtar dímheas ar bith ar shócmhainní nuair a bhíonn siad á dtógáil. Déantar modhanna dímheasa, saolta úsáideacha agus luachanna iarmharacha a athbhreithniú ar gach dáta tuairiscithe agus déantar iad a choigeartú más cuí.

Taifeadtar muirear dímheasa maidir le talamh móna bunaithe ar na cúltaiscí móna a úsáidfear chun dualgais soláthair an Ghrúpa faoi na Comhaontuithe Soláthair Mhóna a chomhlíonadh.

**Dea-thoil agus sócmhainní doláimhsithe**

*Aithint agus tomhas*

| | |
|---|---|
| **Dea-mhéin** | Déantar dea-thoil atá mar thoradh ar éadáil fochuideachtaí a thomhas ar a gcostas lúide caillteanais charnacha bhearnúcháin. |
| **Príomh fochuideachtaí agus comhfhiontair** | Aithnítear caiteachas ar ghníomhaíochtaí taighde sa chuntas brabúis agus caillteanais mar a tabhaíodh iad.<br><br>Déantar caiteachas forbartha a chaipitliú más rud é gur féidir an caiteachas a thomhas go hiontaofa, más rud é go bhfuil an táirge nó an próiseas indéanta go teicniúil agus ó thaobh tráchtála de, más rud é go bhfuil sochair gheilleagracha todhchaí dóchúlach ann agus go bhfuil rún ag an nGrúpa agus acmhainní leordhóthanacha aige an fhorbairt a chríochnú agus an tsócmhainn a úsáid nó a dhíol. Murach sin, aithnítear é sa chuntas brabúis agus caillteanais mar a tabhaíodh é. Tar éis dóibh a bheith aitheanta ar dtús, déantar caiteachas forbartha a thomhas ar a chostas lúide amúchadh, ón dáta a chuirtear ar fáil iad lena n-úsáid, agus caillteanais charnacha bhearnúcháin ar bith. |
| **Sócmhainní doláimhsithe eile (seachas liúntais astaíochtaí)** | Tomhaistear sócmhainní doláimhsithe eile, lena n-áirítear conarthaí, naisc eangaí, liostaí custaiméirí agus bogearraí ar a gcostas lúide amúchadh carnach agus caillteanais charnacha bhearnúcháin ar bith. |

*ii. Caiteachais ina dhiaidh sin*
Ní dhéantar caiteachas ina dhiaidh sin a chaipitliú ach amháin nuair a mhéadaíonn sé na tairbhí geilleagracha atá mar dhlúthchuid den tsócmhainn lena mbaineann sé. Aithnítear sa chuntas brabúis agus caillteanais caiteachas eile ar bith, lena n-áirítear caiteachas ar dhea-thoil a ghintear go hinmheánach agus brandaí.

*iii. Amúchadh*
Déantar dímheas a ríomh chun costas na sócmhainní inláimhsithe seasta a dhíscríobh lúide a luachanna measta iarmharacha leis an modh líne dírí ar feadh a saoil mheasta úsáidigh, agus aithnítear é sa chuntas brabúis agus caillteanais.

Meastar saolta úsáideacha a bheith mar seo a leanas:

- Nasc eangaí – 20 bliain
- Bogearraí – 3-8 mbliana

Athbhreithnítear modhanna amúchta, saolta úsáideacha agus luachanna iarmharacha ar gach dáta tuairiscithe agus déantar coigeartú orthu más cuí. Ní dhéantar dea-thoil a amúchadh ach cuirtear í faoi réir athbhreithnithe bearnúcháin go bliantúil.

**Liúntais Astaíochtaí**

*Ceannaithe:*
Taifeadtar liúntais astaíochtaí mar shócmhainní doláimhsithe ar a gcostas agus ní dhéantar iad a amúchadh ós rud é go gcoinnítear iad le haghaidh shocraíocht an dliteanais astaíochtaí. De réir mar a théann líon na n-astaíochtaí i méid, taifeadtar muirear sa ráiteas ioncaim chun an méid atá de dhíth chun an dliteanas a íoc leis an Údarás Rialtais a léiriú. Cuimseoidh an dliteanas seo méid glanluacha na liúntas astaíochtaí atá á gcoinneáil móide luach margaidh reatha liúntais bhreise ar bith a bhfuil gá leo chun an oibleagáid a shocrú. Tugtar na liúntais seo, in éineacht le liúntais bhreise ar bith eile a fhaightear, ar ais don Údarás bainteach iad taobh istigh de cheithre mhí ó dheireadh na bliana féilire sin, ar mhaithe le híoc as dliteanas na n-astaíochtaí iarbhír i rith na bliana sin. Laghdaítear an tsócmhainn dholáimhsithe ar shocraíocht an dliteanais.

*Deonaithe:*
I gcomhréir le soláthairtíscéim thrádála astaíochtaí an Aontais Eorpaigh, bíonn liúntais astaíochtaí a chuimsíonn céatadán de na hastaíochtaí ionchasacha i rith na bliana, bíonn siad deonaithe do cheann amháin de chuideachtaí Bhord na Móna ag tús gach bliana ag an Údarás bainteach Rialtais. Aithnítear liúntais astaíochtaí a dheonaítear mar nialas. Aithnítear an dliteanas comhfhreagrach a bheidh socraithe le liúntais dheonaithe mar nialas chomh maith.

**Maoin infheistíochta**

Tomhaistear réadmhaoin infheistíochta de réir a costais agus ina dhiaidh sin ag luach cóir agus aithnítear aon athrú ann sa chuntas brabúis nó caillteanais.

Aithnítear gnóthachan nó caillteanas ar bith ar dhiúscairt réadmhaoine (ríofa mar dhifríocht idir na glanfháltais ó dhiúscairt agus suim ghlanluacha an ní atá i gceist ag deireadh na tréimhse tuairiscithe roimhe seo) sa chuntas brabúis nó caillteanais.



## 2. Polasaithe cuntasaíochta suntasacha (ar lean)

**Bearnúchán**

**i. Is ionann méid inaisghabhála sócmhainne nó AGA agus an ceann is mó dá luach úsáide agus dá luach cóir lúide an costas díolachán. Sócmhainní airgeadais neamhdhíorthach**

Déantar measúnú ar shócmhainní airgeadais nár aicmíodh a bheith ag luach cóir sa chuntas brabúis agus caillteanais ar gach dáta tuairiscithe chun a chinneadh cé acu an bhfuil nó nach bhfuil fianaise oibiachtúil ann maidir lena mbearnú.

**ii. Sócmhainní neamhairgeadais**

Ar gach dáta tuairicithe, déanann an Grúpa athbhreithniú ar mhéideanna glanluacha a shócmhainní neamhairgeadais (seachas réadmhaoin infheistíochta, fardail, agus sócmhainní cánach iarchurtha) le cinneadh cé acu an bhfuil nó nach bhfuil bearnú ar bith le sonrú. Más amhlaidh go bhfuil sonrú dá leithéid ann, déantar méid aisghabhála na sócmhainne a mheas.

I gcás tástáil bearnúcháin, cuirtear sócmhainní le chéile sa ghrúpa sócmhainní is lú a ghineann insreafaí airgid agus atá neamhspleách den chuid is mó ar shreafaí airgid sócmhainní eile nó ar Aonaid Ghiniúna Ioncaim ('AGInna'). Déantar dea-thoil a fhaightear i gcomhcheangal gnó a leithdháileadh ar AGInna nó ar ghrúpaí AGInna a bhfuiltear ag súil go mbainfidh siad tairbhe as sineirgí an chomhcheangail.

Tá an luach úsáide bunaithe ar mheastacháin sreafa airgid, arna lascainiú go dtí a luach reatha. An ráta lascaine a úsáidtear, is ráta réamhcháinach é a léiríonn measúnuithe reatha margaidh ar an luach ama airgid agus na rioscaí ar leith a bhaineann leis an tsócmhainn nó an AGA.

Aithnítear caillteanas bearnúcháin má sháraíonn méid glanluacha na sócmhainne nó an AGA an méid in-aisghabhála.

Aithnítear caillteanais bhearnúcháin sa chuntas brabúis nó caillteanais. Ar dtús, déantar na caillteanais sin a leithdháileadh chun an méid glanluacha d'aon dea-thoil dáilte ar an AGA a laghdú, agus ina dhiaidh sin leithdháiltear iad chun laghdú a dhéanamh ar mhéid glanluacha na sócmhainní eile san AGA ar bhonn pro rata. Ní dhéantar caillteanas bearnúcháin a fhreaschur maidir le dea-thoil. I gcás sóchmhainní eile, ní fhreaschuirtear caillteanas bearnúcháin ach amháin chomh fada is nach sáraíonn méid glanluacha na sócmhainne an méid a chinnfí, glan ó dhímheas nó amúchadh, da mba rud é nár aithníodh caillteanas bearnúcháin sa chéad áit.

**Fardail**

Déantar fardail agus obair idir lámha a luacháil ag an gceann is ísle de chostas agus glanluach inréadaithe. Déantar stoic ghuail a luacháil ar chostas ualaithe meánach iarbhír. Déantar luacháil ar stoic bricíní ar an gceann is ísle de chostais iarbhír nó an gnáthchostas normalaithe. Déantar stoic meáin fáis ghairneoireachta ar chostais ualaithe mheánacha iarbhír.

Cuimsíonn costas móna meilte gach caiteachas díreach a rinneadh chun táirgí a thabhairt go dtí an áit agus an chaoi a bhfuil siad faoi láthair i ngnáthdhálaí oibriúcháin. Bíonn an costas móna meilte a bhaintear cinnte ag gach láithreán talamh mhóna mar chostas an fhómhair bhliantúil leithdháilte thar na gnáthleibhéil fómhair a bhíonn ríofa agus iad bunaithe ar an gnáth-thonnáiste. Laghdaítear an costas aonaid go costas iarbhír nuair atá an costas iarbhír in aghaidh an tonna níos ísle ná an gnáthchostas in aghaidh an tonna. Cuimsíonn costais stoic móna meilte muirear ídithe, costas díreach oibre, costais eile agus forchostais ghaolmhara táirgthe. Aithnítear athruithe ó ghnáth-thonnáiste (.i. bearnúcháin méadaithe ina bhfuil na tonnáistí iarbhír aschuir níos mó mar gheall ar ábhar feabhsaithe taise) ar thomhas na móna nuair a bhíonn an stoc-charn go hiomlán ídithe. Déantar soláthar le haghaidh bónais bhreise do mheithleacha nach mbíonn ann ach nuair a aithnítear tonnáiste in airde, déantar soláthar dóibh nuair a aithnítear na tonnáistí gaolmhara in airde mar chuid den phróiseas tomhais seo.

Tá an glanluach inréadaithe bunaithe ar phraghas measta díolacháin i rith an ghnáthchúrsa ghnó, lúide an costas measta críochnaithe, costais a bhfuil gá leo chun an díolachán a dhéanamh agus íocaíochtaí pionóis ar bith.

**Airgead agus coibhéis airgid**

Cuimsíonn airgead tirim agus coibhéisí airgid thirim airgead sa bhanc, airgead ar láimh agus taiscí gearrthéarmacha.

Is ionann coibhéisí airgid thirim agus infheistíochtaí gear-théarma an-leachtacha le haibíocht bhunaidh de thrí mhí nó níos lú ó dháta na fála, infheistíochtaí ar féidir iad a inmhalairt go héasca go méideanna aitheanta airgid thirim agus nach bhfuil neamhchosanta ar riosca suntasach athraithe ar luach.

Sa ráiteas sreafa airgid léirítear airgead tirim agus coibhéisí airgid thirim mar ghlanmhéid de rótharraingtí gearrthéarmacha a aisíoctar ar éileamh.

**Pinsin agus sochair iarscoir**

Tá socruithe pinsean sochair shainithe agus ranníocaíochta sainithe araon ag an nGrúpa.

*Scéimeanna ranníocaíochta sainithe*
Ag an am a sholáthraítear an tseirbhís ghaolmhar, gearrtar oibleagáidí ranníocaíochtaí le pleananna ranníocaíochta sainithe mar speansas. Aithnítear ranníocaíochtaí mar shócmhainn sa mhéid is go mbíonn aisíoc airgid thirim nó laghdú ar íocaíochtaí todhchaí ar fáil dóibh.

*Scéimeanna sochair shainithe: Grúpa*
Ríomhtar glanmhéid dualgais an Ghrúpa maidir leis an bplean sochair shainithe ar leithligh do gach plean tríd méid an tsochair todhchaí a shaothraigh na fostaithe le linn na tréimhse reatha agus an méid a shaothraigh siad sa tréimshe roimhe sin a mheas, ag lascainiú an méid sin agus luach cóir sóchmhainní plean ar bith a asbhaint.

Déanann achtúire cáilithe na hoibleagáidí sochair shainithe a ríomh go bliantúil trí mhodh na n-aonad réamh-mheasta creidmheasa. Nuair is sócmhainn phoitéinsiúil don Ghrúpa toradh an ríomha sin, déantar an tsócmhainn a aithníodh a theorannú do luach reatha na sochar geilleagrach i bhfoirm aisíocaíochtaí todhchaí ar bith ón bplean nó lascainí i ranníocaíochtaí todhchaí don phlean. Chun luach reatha na sochar geilleagrach a ríomh, tugtar aird ar aon riachtanais infheidhme maidir le híosmhéid maoiniúcháin. Nuair a thugann rialacha na scéime le fios gur ghá go mbeadh barrachas ar bith sa scéim roinnte idir an fostóir agus na baill, caitear leis an méid atá inchurtha i leith na mball mar mhéadú ar dhliteanais na scéime. Aithnítear an ghluaiseacht sa scair atá inchurtha i leith na mball sa Ráiteas um Ioncam Cuimsitheach Iomlán (OCI).

Déantar athomhais an ghlandliteanais shainithe, a chuimsíonn gnóthachain agus caillteanais achtúireacha, an toradh ar shócmhainní plean (gan úis a áireamh) agus tionchar na teorann sócmhainne (más ann di, gan úis a áireamh), a aithint láithreach san ioncam cuimsitheach iomlán (OCI). Socraíonn an Grúpa méid an ghlanchaiteachais úis (ioncam) i leith an ghlandliteanais shochair shainithe (sócmhainn) don tréimhse i gceist tríd cur i bhfeidhm an ráta lascaine a úsáidtear chun an dliteanas sochair shainithe (sócmhainn) a mheas, ag cur san áireamh na hathruithe sa ghlandliteanas sochair shainithe (sócmhainn) a bhí le tabhú de bharr ranníocaíochtaí agus íocaíochtaí sochair. Aithnítear glanchostas úis agus costais eile atá bainteach leis na pleananna sochair shainithe sa chuntas brabúis nó caillteanais.

Nuair a thagann athrú ar shochair phlean nó má dhéantar plean a chiorrú, aithnítear an t-athrú ar an sochair a bhaineann le seirbhísí roimhe sin nó ar an ngnóthachan nó caillteanas de bharr an chiorraithe sa chuntas brabúis agus caillteanais láithreach bonn. Aithníonn an Grúpa gnóthachan agus caillteanais ar shocraíocht phlean sochair shainithe nuair a dhéantar socraíocht.

# Nótaí atá ina gcuid ráitis airgeadais

(ar lean)

## 2. Polasaithe cuntasaíochta suntasacha (ar lean)

**Ionstraimí airgeadais**

Aicmíonn an Grúpa sócmhainní airgeadais neamhdhíorthacha mar seo a leanas: sócmhainní airgeadais ar luach cóir de bharr brabúis nó caillteanais, sócmhainní airgeadais a choinnítear go dtí aibíocht, iasachtaí agus infháltais agus sócmhainní airgeadais ar fáil le díol:

Aicmíonn an Grúpa dliteanais airgeadais neamhdhíorthacha sa chatagóir 'dliteanais airgeadais eile'.

*(i) Sócmhainní airgeadais agus dliteanais airgeadais neamhdhíorthacha - aithint agus dí-aithint*
Aithníonn an Grúpa iasachtaí agus infháltais agus urrúis fiachais eisithe ar an dáta a thionscnaítear iad. Aithnítear ar dtús gach sócmhainn agus dliteanas airgeadais ar dáta na trádála.

Déanann an Grúpa sócmhainn airgeadais a dhí-aithint nuair a théann na cearta conarthacha chun sreafa airgid na sócmhainne sin in éag, nó aistríonn sé na cearta chun sreafa airgid conarthacha a fháil in idirbheart ina n-aistrítear na rioscaí agus buntáistí úinéireachta ar fad a bhaineann le sócmhainn airgeadais, nó ní aistríonn sé agus ní choinníonn sé go substaintiúil na rioscaí agus na buntáistí úinéireachta ar fad agus ní choinníonn sé smacht ar an sócmhainn aistrithe. Aithnítear aon leas ina leithéid de shócmhainn airgeadais dí-aithnithe a chruthaíonn nó a choinníonn an Grúpa mar shócmhainn nó mar dhliteanas ar leith. Dí-aithníonn an Grúpa dliteanas airgeadais nuair a dhéantar oibleagáidí an Ghrúpa i leith conradh a urscaoileadh, a chur ar ceal, nó má théann na hoibleagáidí in éag.

Déantar sócmhainní agus dliteanais airgeadais a fhritháireamh agus léirítear an glanmhéid ar an gclár comhardaithe sa chás, agus sa chás seo amháin, go bhfuil ceart dlíthiúil ag an nGrúpa na méideanna a fhritháireamh agus go bhfuil rún aige na méideanna a shocrú ar bhonn glan nó an tsócmhainn a réadú agus an dliteanas a shocrú ag an am céanna.

*(ii) Sócmhainní airgeadais neamhdhíorthacha - tomhas*
*Sócmhainní airgeadais ar luach cóir de bharr brabúis nó caillteanais*
Déantar sócmhainn airgeadais a aicmiú mar shócmhainn ar luach cóir de bharr brabúis nó caillteanais má mheastar go bhfuil an tsócmhainn á coinneáil le haghaidh trádála nó gur ainmníodh í mar sin nuair a aithníodh ar dtús í. Déantar costais idirbhirt atá inchurtha go díreach a aithint sa chuntas brabúis agus caillteanais mar a thabhaítear iad. Déantar sócmhainní airgeadais atá ar luach cóir de bharr brabúis nó caillteanais a thomhas ar luach cóir agus aithnítear aon athrú iontu, ioncam úis nó díbhinne san áireamh, sa chuntas brabúis nó caillteanais.

*Sócmhainní airgeadais a choinnítear go dtí aibíocht.*
Aithnítear na hacmhainní seo ar dtús ar luach cothrom móide costais idirbhirt atá díreach inchurtha i leith. I ndiaidh iad a aithint, déantar iad a thomhas ar chostas amúchta agus an modh úis éifeachtaigh á úsáid.

*Airleacain agus infháltais*
Aithnítear na hacmhainní seo ar dtús ar luach cothrom móide costais idirbhirt atá díreach inchurtha i leith. I ndiaidh iad a aithint, déantar iad a thomhas ar chostas amúchta agus an modh úis éifeachtaigh á úsáid.

*Sócmhainní airgeadais ar fáil le díol*
Aithnítear na hacmhainní seo ar dtús ar luach cothrom móide costais idirbhirt atá díreach inchurtha i leith. I ndiaidh iad a aithint ar dtús, déantar iad a thomhas ar luach cóir agus aithnítear na hathruithe iontu, seachas caillteanais bhearnúcháin agus difríochtaí airgeadra eachtraigh ar ionstraimí fiachais, sa OCI agus carnaítear iad sa chúlchiste luacha chóir. Nuair a dhí-aithnítear na sócmhainní seo, déantar an gnóthachan nó an caillteanas a carnaíodh sa chothromas a athaicmiú agus a aistriú go dtí an cuntas brabúis agus caillteanais.

Aithnítear na dliteanais airgeadais neamhdhíorthacha ar dtús ar luach cóir lúide aon chostais idirbhirt atá inchurtha go díreach. Tar éis dóibh a bheith aitheanta ar dtús, déantar na dliteanais airgeadais seo a thomhas ar chostas amúchta le modh an úis ghlain.

*(iii) Ionstraimí airgeadais díorthacha agus cuntasaíocht fálaithe*
Coinníonn an Grúpa ionstraimí airgeadais díorthacha chun a airgeadra eachtrach agus a neamhchosaint ar riosca rátaí úis a fhálú. Déantar díorthaigh leabaithe a scaradh ón gconradh óstaigh agus cuntas ar leith a dhéanamh díobh má chomhlíontar critéir áirithe.

Aithnítear díorthaigh ar dtús ar luach cóir; déantar costais idirbhirt atá inchurtha go díreach a aithint sa chuntas brabúis agus caillteanais mar a thabhaítear iad. I ndiaidh iad a aithint ar dtús, déantar díorthaigh a thomhas ar luach cóir agus aithnítear na hathruithe iontu sa chuntas brabúis agus caillteanais mura bhfuil cuntasaíocht fálaithe á chur i bhfeidhm.

*Fálta sreafa airgid*
Nuair a ainmnítear díorthach mar ionstram fálaithe sreafa airgid, déantar an chuid éifeachtach d'athruithe i luach cóir an díorthaigh a aithint san OCI agus carntar é sa chúlchiste fálaithe. Aithnítear láithreach bonn aon chuid d'athruithe neamhéafachtacha i luach cóir an díorthaigh sa chuntas brabúis nó caillteanais.

Coinnítear san OCI an méid a charntar sa chothromas agus déantar é a athaicmiú agus a aistriú go dtí an cuntas brabúis agus caillteanais le linn na tréimhse céanna nó na dtréimhsí céanna a mbíonn tionchar ag an mhír fálaithe ar bhrabús nó caillteanas.

Mura gcomhlíonann an t-ionstram fálaithe na critéir le haghaidh cuntasaíochta fálaithe níos mó, nó má théann sé in éag, má dhíoltar, má chríochnaítear nó má fheidhmítear é, nó má chúlghairtear a theideal, déantar an chuntasaíocht fálaithe a scor go hionchasach. Mura bhfuiltear ag súil leis níos mó go dtárlóidh an t-idirbheart réamhaisnéisithe, déantar mar sin an méid atá carnaithe sa chothromas a athaicmiú agus a aistriú go dtí an cuntas brabúis agus caillteanais.

**Gnáthscaireanna**

Aicmítear gnáthscaireanna mar chothromas. Aithnítear costais incriminteacha atá inchurtha go díreach le heisiúint gnáthscaireanna mar asbhaint ó bhrabúis choinnithe, glan ó aon tionchar cánach.

Aithnítear gnáthdhíbhinní arna bhfógairt mar dhíbhinní deiridh mar dhliteanas sa tréimhse ina ceadaítear ag na scairsealbhóirí iad. Aithnítear díbhinní eatramacha mar dhliteanas nuair a íoctar iad.

**Soláthairtí agus dliteanais theagmhasacha**

Aithnítear soláthairtí nuair atá oibleagáid reatha dlí nó tógála ar an nGrúpa mar thoradh ar theagmhas roimhe seo, nuair is féidir meastachán iontaofa a dhéanamh ar an oibleagáid sin agus gur dócha go mbeidh gá le heis-sreabhadh tairbhí geilleagracha chun an oibleagáid a shocrú. San áit a bhfuil an éifeacht ábhartha, déantar na soláthairtí a thomhas tríd na sreafa tuartha airgid amach anseo a asbhaint ag úsáid ráta réamhchánach a léiríonn measúnuithe reatha margaidh ar an luach ama airgid agus na rioscaí ar leith a bhaineann leis an ndliteanas.

Nuair nach dócha go mbeidh gá le heis-sreabhadh tairbhí geilleagracha, nó nár féidir an méid a mheas go hiontaofa, nochtar an oibleagáid mar dhliteanas teagmhasach, mura bhfuil caolsheans ann go dtárlóidh eis-sreabhadh tairbhí geilleagracha. Déantar oibleagáidí a d'fhéadfadh a bheith i gceist, nárbh fhéidir iad a dheimhniú ach amháin má tharlaíonn nó mura dtarlaíonn ceann amháin nó níos mó de theagmhais sa todhchaí, a nochtadh mar dhliteanais theagmhasacha mura bhfuil caolsheans ann go dtárlóidh eis-sreabhadh tairbhí geilleagracha.



## 2. Polasaithe cuntasaíochta suntasacha (ar lean)

**Deontais**

Aithnítear deontais rialtais, seachas liúntais astaíochtaí, mar ioncam iarchurtha ar luach cóir má tá ráthaíocht réasúnta ann go bhfaighfear iad agus go gcomhlíonfaidh an Grúpa na coinníollacha atá bainteach leis an deontas; aithnítear iad ina dhiaidh sin sa chuntas brabúis agus caillteanais ar bhonn córasach thar shaol úsáideach na sócmhainne.

Aithnítear na deontais ioncaim atá mar chúiteamh don Ghrúpa ar chaiteachas a thabhaítear sa chuntas brabúis agus caillteanais go córasach sna tréimhsí ina dtabhaítear na caiteachais.

## 3. Ioncaim

| | 29 Márta 2017<br>€'000 | 30 Márta 2016<br>€'000 |
|---|---|---|
| **Gníomhaíochtaí leanúnacha:** | | |
| móin | 79,747 | 85,767 |
| Giniúint Cumhachta | 92,865 | 103,421 |
| Breosla | 74,919 | 85,761 |
| Gairneoireacht | 56,779 | 58,898 |
| Aisghabháil Acmhainní | 97,790 | 95,541 |
| Eile | 4,128 | 3,432 |
| | **406,228** | **432,820** |

Tá an Grúpa eagraithe i sé aonad gnó: Móin, Bithmhais, PowerGen, Breoslaí, Gairneoireacht agus Aisghabháil Acmhainní. Déantar díolachán Bithmhaise go hinmheánach amháin.

## 4. Costais Sochair Fostaithe

An meán-líon daoine a d'fhostaigh an Grúpa i gcaitheamh na bliana, arna ainilísiú de réir catagóire:

| | 29 Márta 2017 | 30 Márta 2016 |
|---|---|---|
| Déantúsaíocht agus táirgeadh | 1,417 | 1,382 |
| Riarachán | 581 | 555 |
| Iomlán | 1,998 | 1,937 |
| Buaic fostaíochta | 2,279 | 2,240 |

Ba iad seo a leanas costais phárolla chomhiomlána na ndaoine seo:

| | 29 Márta 2017<br>€'000 | 30 Márta 2016<br>€'000 |
|---|---|---|
| Pá agus tuarastail | 87,646 | 92,368 |
| Costais slándála shóisialta | 9,422 | 9,456 |
| Costais phinsean (ranníocaíocht shainithe) | 977 | 919 |
| Costais phinsean (sochar sainithe) | 2,250 | 3,071 |
| Costais iomarcaíochta | 1,505 | 6,372 |
| | 101,800 | 112,186 |
| Costais foirne chaipitlithe | (2,121) | (1,769) |
| Creidmheas seirbhíse pinsin roimhe sin* | – | (10,700) |
| **Glanchostais foirne** | **99,679** | **99,717** |

*Sa bhliain roimhe, rinne an Grúpa athchóiriú ar an Scéim Aoisliúntais d'Fhostaithe Ginearálta a chur i bhfeidhm, rud a chúis creidmheas seirbhíse roimhe seo de €10.7 milliúin a aithníodh sa ráiteas ioncaim.
Chuimsigh an athstruchtúrú:

(i) bac ar thuarastal inphinsin go dtí 1 Aibreán 2016;

(ii) caidhp tuarastal inphinsin ón 2 Aibreán 2016 go dtí an 1 Samhan 2023 ar an gceann is ísle de bhoilsciú praghsanna, méadú ar thuarastal nó 2% in aghaidh na bliana;

(iii) ciorrú i bpinsin phinsin atá á n-íoc cheana; agus

(iv) ciorrú ar shochair phinsin iarchurtha suas go dtí 10%.

# Nótaí atá ina gcuid ráitis airgeadais
(ar lean)

## 5. Luach saothair na stiúrthóirí

| | 29 Márta 2017 €'000 | 30 Márta 2016 €'000 |
|---|---|---|
| Táillí naStiúrthóirí | 135 | 135 |
| Tuarastal | 200 | 200 |
| Méideanna le híoc faoi scéimeanna dreasachta fadtéarmacha | – | 31 |
| Ranníocaíochtaí na cuideachta le scéimeanna pinsean | 66 | 77 |
| Sochair inchánach | 30 | 22 |
| Luach saothair eile | 359 | 337 |
| | 790 | 802 |

Cuimsíonn nochtadh luach saothair na stiúrthóirí an luach saothair a íoctar le stiúrthóirí uile na Cuideachta, eadhon na stiúrthóirí Pháirteachais Lucht Oibre, na stiúrthóirí neamhfheidhmiúcháin agus na stiúrthóirí feidhmiúcháin. Fabhraíodh sochair scoir chuig 4 stiúrthóirí (2016: 4). Baineann cuid de na stiúrthóirí tairbhe as na scéimeanna sochar sainithe pinsin. Ba é €330,000 an méid teagmhasach a íocadh nó a bheidh le híoc ar shochair scoir stiúrthóirí roimhe seo (gan a chur san áireamh na híocaíochtaí a (2016: €328,000) .

| | Táillí €'000 | Luach saothair eile €'000 | Ranníocaíocht na Cuideachta don phinsin €'000 | Iomlán €'000 |
|---|---|---|---|---|
| ***Stiúrthóirí a ceapadh i gcomhréir leis na hAchtanna um Páirteachas Lucht Oibre (Fiontair Stáit) Achtanna 1977 agus 1988 (Uimh. na stiúrthóirí lucht oibre; 2017:4/2016:4)*** | | | | |
| 29 Márta 2017 | 50 | 359 | 16 | 425 |
| 30 Márta 2016 | 50 | 377 | 27 | 454 |
| ***Stiúrthóirí Neamhfheidhmiúcháin*** | | | | |
| ***Stiúrthóirí neamhfheidhmiúcháin eile (Uimhir na stiúrthóirí neamhfheidhmiúcháin; 2017:6/2016:6)*** | | | | |
| 29 Márta 2017 | 85 | – | – | 85 |
| 30 Márta 2016 | 85 | – | – | 85 |

| | Táillí €'000 | Tuarastal €'000 | Pá a bhaineann le feidhmíocht €'000 | Ranníocaíochtaí na cuideachta le scéimeanna pinsean €'000 | Sochair inchánach €'000 | Iomlán €'000 |
|---|---|---|---|---|---|---|
| **Stiúrthóirí Feidhmiúcháin (Mike Quinn)** | | | | | | |
| 29 Márta 2017 | – | 200 | – | 50 | 30 | 280 |
| 30 Márta 2016 | – | 200 | – | 50 | 13 | 263 |

Faigheann an cathaoirleach neamhfheidhmiúcháin táille €21,600 agus faigheann gach duine de na Stiúrthóirí, seachas an Stiúrthóir Bainistíochta agus duine amháin de na stiúrthóirí neamhfheidhmiúcháin, táille bhliantúil €12,600. Déantar coigeartú ar na méideanna seo ar bhonn pro rata nuair a thosaíonn nó nuair a chríochnaíonn téarma oifige i rith na bliana.

Seo a leanas na leasanna a bhí ag na stiúrthóirí a bhí i seilbh oifige ag deireadh na bliana airgeadais sna gnáthscaireanna ag tús na bliana, nó ag tús a gceapúchán más déanaí é, agus ag deireadh na bliana go dtí 29 Márta 2017:

| | 29 Márta 2017 sciareanna | 30 Márta 2016 sciareanna |
|---|---|---|
| Philip Casey | 1,771 | 1,771 |
| Kevin Healy | 1,771 | 1,771 |
| Seamus Maguire | 1,771 | 1,771 |
| Paschal Maher | 1,771 | 1,771 |
| **Iomlán** | 7,084 | 7,084 |

Tá seilbh ag na stiúrthóirí ar na scaireanna a luaitear thuas tríd an bPlean um Scair-Úinéireacht d'Fhostaithe (ESOP)

## 6. Eolas reachtúil agus eolas eile

| | 29 Márta 2017 €'000 | 30 Márta 2016 €'000 |
|---|---|---|
| **Luach saothair na n-Iniúchóirí** | | |
| Iniúchadh reachtúil ráitis airgeadais an Ghrúpa | 283 | 605 |
| Seirbhísí árachais eile | 2 | 10 |
| Seirbhísí Cánach | 289 | 154 |
| | 574 | 769 |

Is ionann €13,000 an táille iniúchóireachta don mháthairchuideachta.

Chomh maith leo siúd luaite thuas tá costais as póca €18,000 (2016: €18,000) a aisíocaíodh leis an iniúchóir.

Ríomhtar an brabús le haghaidh na bliana i ndiaidh () a ghearradh/a chuir do shochar:

| | 29 Márta 2017 €'000 | 30 Márta 2016 €'000 |
|---|---|---|
| **Nithe ar cíos faoi léasanna oibriúcháin** | | |
| Gléasra agus Innealra | 1,086 | 1,554 |
| Talamh agus Foirgnimh | 610 | 982 |
| | 1,696 | 2,536 |
| Dímheas (Nóta 10) | 41,274 | 46,246 |
| Brabús ar dhiúscairt réadmhoin, gléasra agus trealamh | 204 | 357 |
| Amúchadh sócmhainní doláimhsithe (Nóta 12) | 4,684 | 4,346 |
| Lagú Maoine, Gléasra agus Trealaimh (Nóta 10) | – | 23,643 |
| Lagú dea-thola agus sócmhainní doláimhsithe (Nóta 12) | 10,718 | 847 |
| Gluaiseacht luach cóir maidir le infheistíocht réadmhaoine (Nóta 11) | (2,000) | (7,489) |
| Caiteachas taighde agus forbartha gnó | 9,252 | 7,497 |
| Deontais chaipitil amúchta (Nóta 17) | (2,151) | (1,747) |
| Caillteanas/(gnóthachan) ar mhalairt eachtrach | 817 | (427) |

**Ioncam eile**

| | 29 Márta 2017 €'000 | 30 Márta 2016 €'000 |
|---|---|---|
| Ioncam eile | 2,528 | 555 |
| Gluaiseacht luach cóir maidir le infheistíocht réadmhaoine (Nóta 11) | 2,000 | 7,489 |
| | 4,528 | 8,044 |

**Costais eisceachtúla**

| | 29 Márta 2017 €'000 | 30 Márta 2016 €'000 |
|---|---|---|
| Costas díolachán (i) | (1,432) | – |
| Speansais Riaracháin (i) | (1,976) | – |
| Lagú Maoine, Gléasra agus Trealaimh (Nóta 10)(iii) | – | (23,643) |
| Lagú dea-thola agus sócmhainní doláimhsithe (Nóta 12) (i) | (10,718) | (847) |
| Costais Athstruchtúraithe (ii) | (1,505) | (7,259) |
| Gnóthachan ciorrúcháin d'oibleagáidí pinsin seirbhíse roimhe seo (Nóta 26) (iv) | – | 10,700 |
| | (15,631) | (21,049) |

# Nótaí atá ina gcuid ráitis airgeadais

(ar lean)

## 7. Ioncam eile & nithe eisceachtúla (ar lean)

**Míreanna eisceachtúla**

Cuireann an Grúpa i láthair míreanna áirithe atá neamhghnách mar gheall ar a méid agus a minicíocht i gcomhthéacs gníomhaíochtaí leanúnacha an Ghrúpa. Déantar an cur i láthair seo sa ráiteas ioncaim chun tuiscint ar fheidhmiú gnóthaí bunúsacha an Ghrúpa a éascú. Tugann an Grúpa breithiúnas agus é ag measúnú na nithe ar leith a ba chóir a nochtadh mar nithe eisceachtúla.

(i) I rith na bliana, d'éirigh leis an ngrúpa White Moss Horticulture Limited a fháil. Tá baint ag na costais eisceachtúla atá leagtha amach i nóta 22 leis seo.

(ii) I rith na bliana, thabhaigh an grúpa costais iomarcaíochta €1.5 milliún (2016: €0.6 milliún) i gnólachtaí Breoslaí, Móinte agus Gairneoireachta.

(iii) Sa bhliain roimhe, spreag na hathruithe margaidh san earnáil fuinnimh, le laghdú ar na híocaíochtaí bliantúla acmhainneachta agus an Cuar Phraghas Mhórdhíola Leictreachais Éireannaigh réamh-mheasta bearnú €22.7 milliúin ar réadmhaoin, gléasra agus trealamh agus bearnú €0.7 milliúin ar sócmhainní doláimhsithe sa ghnó PowerGen. Ina theannta sin, spreag athruithe sa margadh breosla sholadaigh bearnú €0.9 milliúin ar réadmhaoin, gléasra agus trealamh agus muirear athchóirithe €4.3 milliúin chun aistarraingt ar an gcumas táirgthe breise a dhéanamh. Rinne an Grúpa a mhúnla seachadta airgeadais a athchóiriú agus chuir sé ar fáil muirear athchóirithe €2.1 milliún agus muirear bearnaithe ar bhogearraí de €0.1 milliún. Bhí muirear athchóirithe de €0.9 milliún ag baint le móin.

(iv) Sa bhliain roimhe, rinne an Grúpa athchóiriú ar an Scéim Aoisliúntais d'fhostaithe Ginearálta a chur i bhfeidhm, rud a chúis creidmheas seirbhíse roimhe seo de €10.7 milliúin a aithníodh sa ráiteas ioncaim.

## 8. Costais Ghlana Airgeadais

| | 29 Márta 2017 €'000 | 30 Márta 2016 €'000 |
|---|---|---|
| **Ioncam Airgeadais:** | | |
| Ioncam úis ar thaiscí bainc | 174 | 71 |
| Fálta sreafa airgid - arna athaicmiú sa chuntas brabúis agus caillteanais (fáltais airgid) [a] | 4,077 | 4,690 |
| | 4,251 | 4,761 |
| **Costais Airgeadais:** | | |
| Ús ar rótharraingt bhainc | (500) | (190) |
| Ús ar nótaí iasachta neamhurraithe | (14,022) | (17,268) |
| Gluaiseachtaí malairte eachtraí ar nótaí iasachta neamhurraithe | (10,110) | 7,806 |
| Fálta sreafa airgid - arna athaicmiú sa chuntas brabúis agus caillteanais (malairt eachtrach) | 10,110 | (7,806) |
| Leachtú na lascaine ar soláthairtí (Nóta 18) | (1,169) | (1,089) |
| Costas glanluacha úis ar phinsin shochair shainithe (Nóta 26) | (429) | (805) |
| Amúchadh costais eisiúna | (288) | (300) |
| | **(16,408)** | **(19,652)** |

[a] Maidir le fáltais airgid iomlán ar dhíorthaigh, ba é €14.9 milliún an méid a bhain leo, €10.8 milliún de a bhaineann le fáltais airgid ar na príomhaisíocaíochtaí agus €4.1 milliún a bhaineann le fáltais airgid ar íocaíochtaí úis.

## 9. Cánacha ioncaim

**(a) Méideanna a aithníodh sa ráiteas ioncaim**

| | 29 Márta 2017 €'000 | 30 Márta 2016 €'000 |
|---|---|---|
| **Cáin Reatha:** | | |
| Cáin chorparáide na hÉireann | 2,373 | 1,676 |
| Cáin thar lear | 1 | 3 |
| Coigeartuithe maidir le blianta roimhe seo | 242 | (848) |
| **Iomlán na cánach reatha** | **2,616** | **831** |
| **Cáin iarchurtha** | | |
| **Údarú agus freaschur difríochtaí sealadacha** | | |
| Réadmhaoin, gléasra agus trealamh - liúntais | 1,116 | (11) |
| Infheistíocht réadmhaoine - gnóthachain chaipitiúla | 691 | 2,414 |
| Díorthacha | 1,264 | (976) |
| Scaoileadh ó oibleagáidí pinsean | 838 | 2,714 |
| Soláthairtí, caillteanais neamhúsáidte & eile | 402 | 856 |
| **Cáin iarchurtha iomlán** | **4,311** | **4,997** |
| **Costas Cháin Ioncaim ar ghníomhíochtaí leanúnacha** | **6,927** | **5,828** |

Costas Cháin Ioncaim ar ghníomhíochtaí leanúnacha Níl cáin ioncaim ar bith ar an oibríocht scortha (2016: €0.09 milliún)

## 9. Cáin ioncaim (ar lean)

**(b) Idir-réiteach an ráta chánach éifeachtaigh**

| | 29 Márta 2017 €'000 | 30 Márta 2016 €'000 |
|---|---|---|
| Brabús ar ghnáthghníomhaíochtaí roimh cháin | 12,164 | 22,217 |
| Cáin ag baint úsáid as an ráta cáighdeánach cáin chorporáide atá i bhfeidhm in Éirinn de 12.5% (2014:12.5%) | 1,521 | 2,777 |
| Tionchar chánach de: | | |
| Bearnú ar réadmhaoin, gléasra agus trealamh agus ar shócmhainní doláimhsithe agus dea-thoil | 1,340 | 3,196 |
| Amúchadh sócmhainní doláimhsithe | – | 51 |
| Costais eile nach bhfuil inasbhainte | (590) | 2,927 |
| Cáin iarchurtha ar dhíorthaigh | 1,264 | (976) |
| Cáin chorparáide ar dhíorthaigh | 1,426 | - |
| Cáin iarchurtha ar laghdú i ndliteanais phinsean | 838 | 2,714 |
| Cáin iarchurtha ar réadmhaoin infheistíochta | 691 | 2,414 |
| Ioncam neamh-inchánach ar muirir soláthair | – | (525) |
| Athruithe i meastúcháin bainteach le blianta roimhe seo | 242 | (848) |
| Úsáid chaillteanais chánacha | 82 | 63 |
| Íocaíochtaí pinsean de bhreis ar mhuirear costas pinsean | (816) | (1,308) |
| Faoiseamh Ghrúpa | 16 | 15 |
| Dímheas neamhcháilithe | 982 | 1,179 |
| Tionchar rátaí éagsúla cánach | (69) | 3 |
| **Costais cáin ioncaim** | **6,927** | **5,828** |
| Ráta cánach éifeachtach | 57% | 26% |

**(c) Gluaiseachtaí in iarmhéideanna chánach iarchurtha**

| | Iarmhéid ar an 30 Márta 2016 €'000 | Athaicmiú go cáin chorparáide €'000 | Aitheanta sa bhrabús nó sa chaillteanas €'000 | Aitheanta in OCI €'000 | Aitheanta i i gcothromas €'000 | Iarmhéid ar an 29 Márta 2017 €'000 |
|---|---|---|---|---|---|---|
| **Sócmhainní Cánach iarchurtha** | | | | | | |
| Pinsin scoir sainithe | 3,742 | – | (838) | (1,369) | | 1,535 |
| Sealúchas, gléasra agus trealamh - liúntais chaipitil | 126 | – | (21) | – | – | 105 |
| Soláthair | 1,367 | – | (321) | – | – | 1,046 |
| Caillteanais neamhúsáidte | 321 | – | (82) | – | – | 239 |
| **Iomlán** | **5,556** | **–** | **(1,262)** | **(1,369)** | **–** | **2,925** |

| | Iarmhéid ar an 30 Márta 2016 €'000 | Athaicmiú go cáin chorparáide €'000 | Aitheanta sa bhrabús nó sa chaillteanas €'000 | Aitheanta in OCI €'000 | Aitheanta i i gcothromas €'000 | Iarmhéid ar an 29 Márta 2017 €'000 |
|---|---|---|---|---|---|---|
| **Dliteanas iarchurtha cánach** | | | | | | |
| Sealúchas, gléasra agus trealamh - liúntais chaipitil | (8,800) | – | (1,095) | – | – | (9,895) |
| Sócmhainní doláimhsithe | – | – | – | – | – | – |
| Díorthacha | (4,718) | 1,426 | – | (1,199) | – | (4,491) |
| Maoin infheistíochta | (3,119) | – | (691) | – | – | (3,810) |
| **Iomlán** | **(16,637)** | **1,426** | **(1,786)** | **(1,199)** | **–** | **(18,196)** |

Cuirtear i láthair an glandliteanas cánach iarchurtha de €15.3 ar an gclár comhardaithe..

# Nótaí atá ina gcuid ráitis airgeadais

(ar lean)

## 9. Cáin ioncaim (ar lean)

**(c) Gluaiseachtaí in iarmhéideanna cánach iarchurtha (ar lean)**

| | Iarmhéid an 25 Márta 2015 €'000 | Aitheanta sa bhrabús nó sa chaillteanas €'000 | Aitheanta in OCI €'000 | Aitheanta i i gcothromas €'000 | Iarmhéid ar an 30 Márta 2016 €'000 |
|---|---|---|---|---|---|
| **Sócmhainní sochair shainithe** | | | | | |
| Pinsin scoir sainithe | 7,828 | (2,714) | (1,372) | – | 3,742 |
| Sealúchas, gléasra agus trealamh - liúntais chaipitil | 35 | 91 | – | – | 126 |
| Soláthair | 2,015 | (648) | – | – | 1,367 |
| Caillteanais neamhúsáidte | 634 | (313) | – | – | 321 |
| **Iomlán** | **10,512** | **(3,584)** | **(1,372)** | **–** | **5,556** |

| | Iarmhéid an 25 Márta 2015 €'000 | Aitheanta sa bhrabús nó sa chaillteanas €'000 | Aitheanta in OCI €'000 | Aitheanta i i gcothromas €'000 | Iarmhéid ar an 30 Márta 2016 €'000 |
|---|---|---|---|---|---|
| **Dliteanas iarchurtha cánach** | | | | | |
| Sealúchas, gléasra agus trealamh - liúntais chaipitil | (8,720) | (80) | – | – | (8,800) |
| Sócmhainní doláimhsithe | (104) | 104 | – | – | – |
| Díorthacha | (6,110) | – | 1,392 | – | (4,718) |
| Maoin infheistíochta | (705) | (2,414) | – | – | (3,119) |
| **Iomlán** | **(15,639)** | **(2,390)** | **1,392** | **–** | **(16,637)** |

Cuirtear i láthair an glandliteanas cánach iarchurtha de €11.1 ar an gclár comhardaithe.

**(d) Sócmhainní cánach iarchurtha nár aithníodh**

Níor aithníodh na sócmhainní cánach iarchurtha seo a leanas mar nár dócha go mbeidh brabús incháanach todhchaí ar fáil go bhféadfadh an Grúpa na tairbhí a úsáid ina choinne:

| | 29 Márta 2017 €'000 | 30 Márta 2016 €'000 |
|---|---|---|
| **Sócmhainní Cánach Iarchurtha** | | |
| Caillteanais chánach inúsáidte | 3,419 | 2,368 |
| **Iomlán** | **3,419** | **2,368** |

Níl teorann ama leis na caillteanais ach tá siad ag brath ar fhilleadh na gceirdeanna faoi seach ar bhrabúsacht.

## 10. Sealúchas, gléasra agus trealamh

**2017**

| | Talamh portaigh, draenáil agus foirgnimh tháirgthe €'000 | Líonadh Talún €'000 | Iarnród, gléasra agus inneallra €'000 | Sócmhainní Giniúna €'000 | Talamh ruílse, riarachán agus foirgnimh thaighde €'000 | Sócmhainní idir lámha €'000 | Iomlán an Ghrúpa €'000 |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| **COSTAS** | | | | | | | |
| Ar an 30 Márta 2016 | 139,447 | 45,642 | 240,757 | 338,857 | 18,874 | 5,144 | 788,721 |
| €'000 | 1,892 | 2,600 | 10,795 | 126 | 231 | 9,549 | 25,193 |
| Diúscairt/scor | (1,002) | – | (21,233) | – | (5,033) | – | (27,268) |
| Athaicmiú | (202) | 100 | 8 | 6 | 88 | – | – |
| Aistrithe ó acmhainní faoi thógáil | 309 | 4,291 | 2,620 | – | 1,491 | (8,711) | – |
| Ag eascrú mar thoradh ar éadáil | 3,348 | – | 4,595 | – | – | – | 7,943 |
| **An 29 Márta 2017** | **143,792** | **52,633** | **237,542** | **338,989** | **15,651** | **5,982** | **794,589** |
| **Dímheas agus bearnúchán** | | | | | | | |
| Ar an 30 Márta 2016 | 116,317 | 35,854 | 203,436 | 122,365 | 9,881 | – | 487,853 |
| Muirear dímheasa | 5,862 | 5,908 | 13,837 | 15,045 | 622 | – | 41,274 |
| Athaicmiú | 303 | 100 | (1,240) | 4 | 833 | – | – |
| Diúscairt/scor | (704) | (12) | (21,169) | – | (5,033) | – | (26,918) |
| An 29 Márta 2017 | 121,778 | 41,850 | 194,864 | 137,414 | 6,303 | – | 502,209 |
| **Suim ghlanluacha** | | | | | | | |
| An 29 Márta 2017 | 22,014 | 10,783 | 42,678 | 201,575 | 9,348 | 5,982 | 292,380 |
| Ar an 30 Márta 2016 | 23,130 | 9,788 | 37,321 | 216,492 | 8,993 | 5,144 | 300,868 |

**2016**

| | Móinteach, draenáil agus foirgnimh tháirgthe €'000 | Líonadh Talún €'000 | Iarnród, gléasra agus inneallra €'000 | Sócmhainní Giniúna €'000 | Talamh ruílse, riarachán agus foirgnimh thaighde €'000 | Sócmhainní idir lámha €'000 | Iomlán an Ghrúpa €'000 |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| **COSTAS** | | | | | | | |
| Ar an 26 Márta 2015 | 135,646 | 38,879 | 235,179 | 328,008 | 20,852 | 7,416 | 765,980 |
| €'000 | 3,426 | 3,955 | 7,960 | 5,187 | 683 | 10,918 | 32,129 |
| Diúscairt/scor | (70) | – | (4,542) | (26) | (1,951) | – | (6,589) |
| Athaicmiú | (104) | – | (380) | – | 484 | – | – |
| Aistrithe ó acmhainní faoi thógáil | 549 | 2,808 | 2,589 | 5,688 | 1,556 | (13,190) | – |
| Aistriú acmhainní coinnithe le díol (Nóta 27) | – | – | – | – | (2,748) | – | (2,748) |
| Coigeartú malartaithe | – | – | (49) | – | (2) | – | (51) |
| Ar an 30 Márta 2016 | 139,447 | 45,642 | 240,757 | 338,857 | 18,874 | 5,144 | 788,721 |
| **Dímheas agus bearnúchán** | | | | | | | |
| Ar an 26 Márta 2015 | 108,736 | 29,439 | 194,222 | 80,247 | 11,571 | – | 424,215 |
